

Léargas ar Dhearcadh agus Tuairimí
i dtaobh an Chórais Oideachais Gaeltachta
ag Tuismitheoirí Gaeltachta
atá ag tógaint a gcuid Páistí le Gaeilge

Paula Nic Cionnaith

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
d'fhonn cuid de na coinníollacha a bhaineann le bronnadh an
M.A. i Modheolaíochtaí do Theagasc Teangacha (An Ghaeilge)
a chomhlíonadh

Meán Fómhair 2008

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG

An Roinn Oideachais, OÉG

Scoil na Gaeilge, OÉG

Ceann na Roinne: Peadar Mac Muiris

Stiúrthóir an Tráchtais: Seosamh Mac Donnacha

Clár na nÁbhar

| | |
|---|----|
| Clár na nÁbhar | i |
| Buíochas | iv |
| Achoimre | v |
| | |
| 1 An Réamhrá | 1 |
| 1.1 Cúlra an taighde | 1 |
| 1.2 Cuspóirí an taighde | 4 |
| 1.3 Ceistanna taighde | 5 |
| 2 An Léirmheas Litríochta | 7 |
| 2.1 Réamhrá | 7 |
| 2.2 Stair na Gaeltachta | 7 |
| 2.3 An Ghaeilge sa Ghaeltacht | 11 |
| 2.4 Éagsúlachtaí maidir leis an teanga phobail laistigh de cheantair Ghaeltachta | 14 |
| 2.5 Na scoileanna Gaeltachta | 17 |
| 2.6 An taighde reatha | 22 |
| 2.7 Tátaí | 25 |
| 3 An Mhodheolaíocht Taighde | 27 |
| 3.1 Réamhrá | 27 |
| 3.2 Modhanna taighde | 27 |
| 3.3 An Fócasghrúpa | 31 |
| 3.4 Ról an taighdeora | 35 |
| 3.5 Eitic | 37 |
| 3.6 Ag roghnú na rannpháirtithe | 38 |
| 3.7 Téamaí na bhfócasghrúpaí | 39 |
| 3.8 Ag reáchtáil na bhfócasghrúpaí | 41 |
| 4 Na Torthaí | 42 |
| 4.1 Réamhrá | 42 |
| 4.2 Na fócasghrúpaí agus na rannpháirtithe | 42 |

| | |
|---|----|
| 4.3 Na Torthaí | 45 |
| 4.3.1 An suíomh teanga sa bhaile | 45 |
| 4.3.1.1 Bunús an pholasaí teanga sa teach | 45 |
| 4.3.1.2 Patrúin teanga – páistí ag caint le daoine eile sa teach | 47 |
| 4.3.1.3 Dearcaidh na dtuismitheoirí ar nósanna labhartha a gcuid páistí | 49 |
| 4.3.2 An suíomh teanga ag an mbunscoil | 50 |
| 4.3.2.1 Taithí na dtuismitheoirí ar an tseirbhís naíonra | 50 |
| 4.3.2.2 An tslí ar roghnaíodh an bhunscoil | 50 |
| 4.3.2.3 Tionchar na scoile ar fhorbairt teanga na bpáistí | 51 |
| 4.3.2.4 Áiseanna teagaisc ar scoil | 56 |
| 4.3.2.5 Na múinteoirí scoile | 58 |
| 4.3.2.6 Múineadh na Gaeilge | 59 |
| 4.3.2.7 Polasaí teanga na scoile | 62 |
| 4.3.3 Athbhreithniú ar chumas cainte agus patrúin teanga na bpáistí | 66 |
| 4.3.3.1 Forbairt Ghaeilge na bpáistí ó thosaigh siad ar scoil | 66 |
| 4.3.3.2 Dearcaidh agus mothúcháin i dtaobh athruithe ar chaighdeán Gaeilge na bpáistí | 67 |
| 4.3.3.3 An tslí a ndéileálann tuismitheoirí le hathruithe ar phatrúin teanga na bpáistí | 68 |
| 4.3.3.4 Plé ar ráitis ó thuismitheoirí eile Gaeltachta | 68 |
| 5 Anailís | 71 |
| 5.1 Réamhrá | 71 |
| 5.2 Na Rannpháirtithe | 72 |
| 5.3 An suíomh teanga sa bhaile | 73 |
| 5.4 An suíomh teanga ag an mbunscoil | 78 |
| 5.5 Athbhreithniú ar chumas cainte agus patrúin teanga na bpáistí | 89 |

| | |
|--|-----|
| 5.6 Plé ar ráitis ó thuismitheoirí eile Gaeltachta | 95 |
| 6 Tatal agus Moltaí | 97 |
| 6.1 Réamhrá | 97 |
| 6.2 Tatal | 98 |
| 6.3 Moltaí | 107 |
| 6.3.1 Moltaí i dtaobh tuismitheoirí Gaeltachta | 107 |
| 6.3.2 Moltaí i dtaobh scoileanna Gaeltachta | 108 |
| 6.3.3 Moladh don Roinn Oideachais agus Eolaíochta i dtaobh an chórais oideachais Gaeltachta | 110 |
| 6.4 Focal Scoir | 111 |
| | |
| Aguisíní | 113 |
| Aguisín 1 An litir a shínigh rannpháirtithe ag tús an tseisiúin | 113 |
| Aguisín 2 Na príomhcheisteanna a cuireadh sna fócasghrúpaí | 114 |
| Aguisín 3 An fhoirm a líon na rannpháirtithe amach ag tús na seisiún | 118 |
| | |
| Leabharliosta | 119 |

Buíochas

Tá go leor daoine ann ar gá buíochas a ghabháil leo óir murach iad, ní scríobhfaí an tráchtas seo ar chor ar bith.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na tuismitheoirí Gaeltachta a labhair liom agus a roinn a dtaithe liom ar bhealach chomh fial. Ní bheadh fiúntas ar bith sa tráchtas seo murach a ionraice a bhí siad.

Tá an-bhuíochas ag dul do Sheosamh Mac Donnacha. Roinn sé liom an tuiscint atá aige ar chúrsa teanga sa Ghaeltacht. Chuir sé comhairle orm agus thug tacaíocht dom nuair a chuaigh mé ar seachrán agus nuair a bhuaill laghmhisneach mé.

Caithfidh mé aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuair as ó Liz agus Siobhán Eile (cé nach léifidh sí é seo go brách) as an méid ama a chaith siad ag caint liom ar an bhfón.

Ní fhéadfainn gan buíochas a ghlacadh le Siobhán, Anysia agus Joe, an chéad ghlúin eile Gaeltachta. Bhí ionchur suntasach acu san obair thaighde seo, i ngan fhios dóibh féin. Le bliain anuas, tá tuiscint agus foighne léirithe acu nach raibh dréim ar bith agam leis. Ba mhinic ag féachaint orm iad agus mé i mo shuí os comhair an ríomhaire is na fataí ag dó.

Is le cabhair scoláireachta ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a rinneadh an taighde seo. Tá mé fíor-bhuíoch díobh as a gcuid tacaíochta.

Achoimre

Baineann an staidéar seo le tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaeilge. Déantar iniúchadh ann ar na tuairimí agus na dearcadh atá acu ar an gcóras oideachais Gaeltachta agus ar an tslí a bhfuil sé ag freastal ar riachtanais teanga a gcuid páistí.

Is i nGaeltacht Chonamara a rinneadh an staidéar seo. Reáchtáladh ceithre fhócasghrúpa le tuismitheoirí as an gceantar sin chun cíoradh a dhéanamh ar cheisteanna a bhain le gnéithe éagsúla de nósmaireacht chainte a gcuid páistí, páistí a bhí á dtógaint acu le Gaeilge. Roinneadh an plé sna fócasghrúpaí ina thrí mhórábhar: an suíomh teanga sa bhaile; an suíomh teanga sa bhunscoil; athbhreithniú ar an suíomh teanga sa bhaile maidir le cumas cainte agus patrúin teanga na bpáistí tar éis dóibh tréimhse a chaitheamh ar bhunscoil Ghaeltachta. Fuarthas léargas ó na tuismitheoirí ar úsáid na Gaeilge i measc a gcuid páistí, ar na fadhbanna a bhí ag a gcuid páistí leis an teanga, ar an bhforbairt a bhí déanta acu ar scoil agus ar an dearcadh a bhí acu maidir leis an nGaeilge. Ag deireadh gach fócasghrúpa, rinneadh plé ar ráitis a rinne tuismitheoirí eile i staidéar Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007). Bhain na ráitis sin le moltaí éagsúla faoi conas dul i ngleic leis na laigí a chonacthas ar an gcóras oideachas atá i bhfeidhm sa Ghaeltacht.

Seo a leanas cuid de na pointí a fuarthas amach mar thoradh ar an staidéir:

- Go bhfuil léargas maith ag na tuismitheoirí Gaeltachta seo ar na saincheisteanna sochtheangeolaíoch a bhaineann le ceist na teanga sna scoileanna Gaeltachta; ar an ról tábhachtach atá ag an teaghlach i gcaomhnú mionteanga; ar an tionchar atá ag an mbunscoil ar fhorbairt, chumas agus phatrúin teanga a gcuid páistí i suíomh teangeolaíoch measctha; ar an tábhacht a bhaineann le nósmaireacht chainte i measc an aosa óig maidir leis an ról a bheidh ag an mionteanga ina saol agus iad ina ndaoine fásta.
- Go bhfuil difríochtaí suntasacha le feiscint idir an dearcadh a bhíonn ag tuismitheoirí ar cainteoirí dúchais iad agus an dearcadh a bhíonn ag tuismitheoirí ar foghlaimeoirí Gaeilge iad, i leith an chórais scolaíochta sa Ghaeltacht.
- Go bhfeiceann tuismitheoirí go bhfuil trí ghrúpa páistí ar scoil; cainteoirí dúchais, cainteoirí athdhúchais / leathdhúchais, agus foghlaimeoirí Gaeilge. Go bhfeiceann tuismitheoirí go bhfuil difríochtaí idir na páistí sa trí ghrúpa seo maidir le riachtanais teanga agus go bhfuil amhras orthu faoi chomh maith is atá an córas scolaíochta sa Ghaeltacht in ann freastal a dhéanamh ar na riachtanais éagsúla seo.
- Go bhfuil dearcadh dhifriúla ag na tuismitheoirí seo faoi stádas na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta; go bhfeiceann cuid acu go bhfuil an Ghaeilge faoi bhagairt agus cuid eile acu nach bhfuil.
- Go bhfuil coimhlint idir na luachanna pearsanta atá ag na tuismitheoirí Gaeltachta seo. Is cuid luachmhar dá saol í an Ghaeilge ach breathnaíonn

siad orthu féin mar bhaill de phobal Gaeltachta atá dátheangach, rud a chruthaíonn fadhbanna dóibh maidir le réiteach a fháil ar na laigí a bhaineann leis an gcóras scolaíochta Gaeltachta.

Is léiriú iad na pointí seo ar an gcastacht a bhaineann leis an suíomh teangeolaíoch atá i réim sa Ghaeltacht chomhaimseartha.

Ag deireadh an staidéir seo, déantar moltaí, arna mbunú ar na tuairimí a léiríodh sna fócasghrúpaí agus ar a bhfuil scríofa go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir leis an gcóras oideachais a chuirtear ar fáil do pháistí ar cainteoirí mionteanga iad. Leagtar béim sna moltaí sin ar an ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí i bhforbairt agus i gcaomhnú na Gaeilge i measc páistí. Leagtar béim ar an tionchar atá ag an gcóras scolaíochta ar fhorbairt teanga páistí ar cainteoirí mionteanga iad. Moltar go gcuirfí comhairle, oiliúint agus eolas faoi ról an teaghlaigh agus ról an oideachais i gcúrsaí pleanála teanga, ar fáil do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí na Gaeltachta le comhthuisceant a éascú idir an dá ghrúpa, rud a oibreoidh chun leasa na bpáistí atá faoina gcúram agus chun leasa na Gaeilge i gcoitinne.

Caibidil 1 - An Réamhrá

1.1 Cúlra an Taighde

Dhá phríomhchúis a bhí leis an tsuim a chuir an taighdeoir in ábhar an tráchtais seo. Bhí suim agam ann, go príomha, mar mhúinteoir teanga a raibh taithí phroifisiúnta agam ar theagasc an Bhéarla mar theanga iasachta (TEFL) agus ar theagasc na Gaeilge do pháistí agus do dhaoine fásta. Mar thoradh ar an oiliúint phroifisiúnta a fuair mé i modhanna múinteoireachta teanga (modhanna a forbraíodh go hidirnáisiúnta agus a bhfuil aitheantas dá réir acu), fuair mé taithí ar na cleachtais is fearr chun cabhrú le daoine teangacha a shealbhú. Bhí suim agam i gcónaí feabhas a chur ar mo chumas féin mar mhúinteoir agus bhí suim agam freisin forbairt a dhéanamh ar an tuiscint a bhí agam ar an tionchar a bhíonn ag múinteoirí agus ag institiúidí oideachais ar fhorbairt agus ar chumas teanga páistí. Agus mé ag obair taobh amuigh den chóras oideachais in Éirinn, ba mhínic a rith sé liom go raibh laigí ar an gcóras céanna maidir leis na modhanna múinteoireachta a bhí in úsáid chun an Ghaeilge a mhúineadh do Bhéarlóirí. Níorbh annamh mé ag múineadh ranganna Gaeilge a bhí lán le daoine a bhí tar éis dul tríd an gcóras scolaíochta agus blianta caite acu ag foghlaim na teanga. Den chuid is mó, bhí a gcuid scileanna teanga, idir ghinchumas agus ghabhchumas, thar a bheith lag. Cad a bhí ar bun sna scoileanna?

Anuas air sin, chuir mé suim in ábhar an tráchtais seo mar go raibh mo chlann féin - atá á dtógaint agam le Gaeilge – ag freastal ar bhunscoil Ghaeltachta. Ba mhínic in amhras mé faoi chomh maith agus a bhí córas scolaíochta na Gaeltachta in ann freastal ar na riachtanais teanga a bhí ag páistí Gaeltachta ar cainteoirí duchais iad. Bhraith mé go raibh an córas céanna faoi bhrú aisteach

agus é ag déileáil leis na riachtanais a bhí ag páistí eile, páistí a raibh cumais éagsúla Gaeilge acu. Ní raibh mé cinnte an raibh de chumas ag an gcóras na haidhmeanna a bhí leagtha amach dó a chomhlíonadh .i. ‘[that] the child’s interests, strengths, culture [and] needs [be placed] at the centre of planning for his/her learning and development’ (ó shuíomh idirlín NCCA, 2008), ó tarla go raibh páistí Gaeltachta measctha in aon seomra ranga amháin ón gcéad lá ar scoil, beag beann ar an bhforbairt teanga a bhí déanta acu ar an nGaeilge. Ba dheacair agam a fheiscint go bhféadfaí béim a leagan i ndáiríre ar ‘creative problem-solving, critical thinking and ... [on the] development of ... higher-order thinking skills’ (*ibid.*), i bhfianaise a raibh d’easpa áiseanna oiriúnacha as Gaeilge chun na scileanna céanna seo a fhorbairt. B’aisteach liom an ráiteas a dúirt go raibh áit aitheanta sa Churaclam Bunscoile ‘[for the] vital role of language in children’s learning ...[since] language helps the child to clarify and interpret experience, to acquire new concepts, and to add depth to concepts already grasped’ (*ibid.*), nuair nach raibh rud chomh bunúsach le foclóir Gaeilge ar fáil a d’oirfeadh do pháistí óga Gaeltachta ina dteanga féin.

Níorbh iontas, dá bhrí sin, go ndéanfadh an taighdeoir seo an dá shnáithe sin a shníomh ina chéile agus staidéar a dhéanamh ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht agus ar an dearcadh a bhí ag tuismitheoirí Gaeltachta ar a fheiliúnaí a bhí an córas céanna dá gcuid páistí (ar cainteoirí dúchais iad).¹

Bhí go leor léite ag an taighdeoir, go hacadúil agus sna meáin (Fishman, 1991; Skutnabb-Kangas, 1984, 2000; Ó Cuív, 2004), faoin tábhacht atá le tuismitheoirí

¹ Is é is ciall leis an téarma ‘cainteoir dúchais’ sa chomhthéacs seo páiste atá á thógaint le Gaeilge sa Ghaeltacht ag tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu ó dhúchais nó a d’fhoghlaim an Ghaeilge agus iad ina ndaoine fásta. (Is bunaithe ar théarmaíocht Uí Ghiollagáin (2002) atá an sainmhíniú seo).

i dtodhchaí mionteanga. Bhí tugtha faoi deara agam go raibh tábhacht leagtha ar na tuairimí a bhí ag tuismitheoirí Gaeltachta i staidéir Uí Iffearnáin (2007), Mhic Dhonnacha (2005), agus Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007).

Mar fhócas don taighde seo, socraíodh ar dhírú ar thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a bhfuil an Ghaeilge roghnaithe acu mar theanga teaghlaigh.

Dhá chúis a bhí leis sin:

- Chonacthas go raibh iarrachtaí áirithe á ndéanamh ag na scoileanna Gaeltachta agus ag na heagraíochtaí éagsúla Gaeilge a bhí ag feidhmiú sa Ghaeltacht chun freastal ar na riachtanais a bhí ag foghlaimoirí Gaeilge. In ainneoin a theoranta is atá siad, tá seirbhísí ann a chuireann ranganna, imeachtaí, foilseacháin, tacaíocht agus cúnamh breise ar fáil do pháistí agus do thuismitheoirí atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim.
- Measadh go raibh roinnt mhaith litríochta ar fáil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar na fadhbanna agus na riachtanais a bhíonn ag páistí atá ag iarraidh mionteanga a fhoghlaim agus iad ina gcainteoirí dúchais mórtheanga (Hickey, 1997, 2001; Ó Laoire, 2007; Baker, 2006; Caldas, 2006; de Houwer, 1999).

Bhraith mé go raibh bearna san eolas a bhí ann faoi na teaghlaigh Ghaeltachta arb í an Ghaeilge atá mar theanga teaghlaigh acu agus faoi fhorbairt na Gaeilge i measc cainteoirí óga Gaeilge agus iad in aois bunscoile. Tá suíomh teangeolaíoch na Gaeltachta an-chasta agus is iomaí sin saghas cainteora Gaeilge sna seomraí ranga i scoileanna na Gaeltachta. Is cainteoirí dúchais cuid

mhaith acu seo, ach mar sin féin, i measc na gcainteoirí dúchais céanna seo, tá páistí a thuigeann an Ghaeilge ach nach bhfuil toilteanach í a labhairt, nó sin, tá páistí ina measc a labhraíonn an Ghaeilge ach a bhfuil an cumas atá acu sa Ghaeilge easnamhach. Tá páistí eile ann atá in ann Gaeilge a labhairt ach nach bhfuil in ann í a léamh ná a scríobh ag an leibhéal is cuí dá n-aois. Tá páistí eile fós ann atá in ann í a labhairt, a léamh agus a scríobh ach nach bhfuil in ann na scileanna cognaíocha (smaointeoireacht chruthaitheach / réiteach fadhbanna srl) a chleachtadh ina dteanga dhúchais ar an ábhar nach bhfuil taithí ar bith acu ar a leithéid a dhéanamh in aon teanga eile ach sa Bhéarla.

Ceapadh gur den tábhacht é an fócas a leagan ar na tuismitheoirí Gaeltachta sin atá ag tógaint a gclainne le Gaeilge mar gurb iadsan is fearr a thuigeann go bhfuil d'acmhainn acu an Ghaeilge a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin Ghaeltachta eile ach an tacaíocht chuí a fháil. Measadh gur foinse luachmhar eolais na tuismitheoirí seo maidir leis na dúshláin agus leis na fadhbanna a bhaineann le hinsealbhú na Gaeilge i measc cainteoirí óga dúchais.

1.2 Cuspóirí an taighde

Is iad príomhchuspóirí an taighde seo tuiscint níos fearr a fháil ar an dearcadh atá ag tuismitheoirí Gaeltachta, atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaeilge, i leith an chórais oideachais. Táthar ag súil le léargas a fháil ar an tacaíocht atá an córas oideachais a thabhairt dóibh agus ar na laigí atá ar an gcóras, laigí a chuireann le deacracht na dtuismitheoirí a gcúram a chomhlíonadh.

Tá mé ag súil go gcuirfear le mo thuiscint féin ar an suíomh sochtheangeolaíoch atá i réim sa Ghaeltacht le go bhfeabhsóidh mo chumas féin mar mhúinteoir

teanga. Chomh maith leis sin, tá súil agam go mbeidh an taighde seo ina ábhar spéise ag múinteoirí, agus ag tuismitheoirí eile, agus gur cúnamh a bheidh ann dóibh siúd atá freagrach as an gcóras pleanála atá i bhfeidhm i scoileanna nó in ionaid tacaíochta teaghlaigh i dtaca le riachtanais teanga cainteoirí óga Gaeilge. Is staidéar an-bheag atá anseo, atá teoranta ó thaobh ama agus acmhainní de, ach táthar ag súil, mar sin féin, go gcuirfidh sé eolas ar fáil a chabhróidh linn pictiúr níos iomláine a chur ar fáil de shochaí theangeolaíoch na Gaeltachta comhaimseartha.

1.3 Ceisteanna taighde

Baineann na príomhcheisteanna taighde leis an léargas atá ag tuismitheoirí ar phatrúin agus ar chumas cainte a gclainne. Breathnaítear ar thuismitheoirí Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge roghnaithe mar theanga teaghlaigh acu mar fhoinsé eolais ar an bproiséas insealbhaithe teanga a dtéann cainteoirí óga Gaeilge tríd. In ainneoin dhíogras na múinteoirí scoile i leith a gcuid oibre, braitear gur minic nach iad na múinteoirí ach na tuismitheoirí is túisce a thugann faoi deara an fhorbairt a dhéanann na páistí ó thaobh na Gaeilge de, na fadhbanna a bhíonn acu léi, na nithe is mó tionchar ar an úsáid a bhaineann na páistí as an nGaeilge, nó go deimhin dearcadh na bpáistí i leith na teanga.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna atá le cur ar thuismitheoirí:

1. An suíomh teanga sa bhaile

Cén suíomh teanga atá i réim sa bhaile? Cén fáth ar roghnaigh siad an Ghaeilge a bheith acu mar theanga teaghlaigh an chéad lá riamh agus conas a chuirfidís síos ar na nósmaireachtaí teanga atá ag a gcuid páistí agus iad ag cumarsáidiú le daoine eile taobh istigh den teach?

2. An suíomh teanga sa bhunscoil.

Conas a roghnaigh siad an bhunscoil dá gcuid páistí? Cad iad a dtuairimí ar na háiseanna, na múinteoirí, múineadh na Gaeilge agus polasáí teanga na scoile?

3. Athbhreithniú ar an suíomh teanga sa bhaile.

Ach féachaint ar a gcuid páistí, cad a bheadh le rá acu faoin bhforbairt atá tagtha ar a gcuid Gaeilge tar éis dóibh tréimhse a chaitheamh ag an mbunscoil? Conas a mhothaíonn siad faoin gcumas Gaeilge atá acu?

4. Plé ar Ráitis a rinne Tuismitheoirí eile Gaeltachta

Cad a cheapann siad faoi na moltaí a bhí ag tuismitheoirí eile Gaeltachta agus iad ag caint ar bhealaí éagsúla chun dul i ngleic leis na fadhbanna, dar leosan, maidir le staid na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta.

Mar gheall ar an modh taighde a roghnaíodh, bhí seans ann i gcónaí go n-ardófaí pointí agus ceisteanna breise a bhainfeadh leis na hábhair thuasluaite. Go deimhin, ba é mo shúil gurb amhlaidh a tharlódh.

Caibidil 2 - An Léirmheas Litríochta

2.1 Réamhrá

Baineann an staidéar seo le tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaeilge, leis na hionchais agus leis an taithí atá acu ar an gcóras oideachais Gaeltachta. Níor mhiste, ar dtús, féachaint ar an gcomhthéacs a bhfuil na tuismitheoirí Gaeltachta seo ag feidhmiú ann. Déanfar iarracht anseo, más ea, léiriú a thabhairt ar an mbealach a shainítear an téarma ‘Gaeltacht’. Ina theannta sin, féachfar ar staid na Gaeilge sa limistéar sin, agus ar na patrúin chumais agus úsáide Gaeilge atá i réim i measc mhuintir na Gaeltachta trí chéile agus go sonrach ar na patrúin sin atá le fáil taobh istigh de chóras bunscolaíochta na Gaeltachta.

2.2 Stair na Gaeltachta

Nuair a bhain an Stát neamhspleáchas ar Shasana amach sa bhliain 1921, bhí cúrsaí teanga go mór chun tosaigh sa dioscúrsa polaitiúil in Éirinn. Bhí sé ar cheann d’aidhmeanna an Stáit nua ‘to assert the distinctiveness of Irish cultural identity ... [and] the Irish language was the corner stone of that cultural identity’ (Ó Tuathaigh, 2008: 28). Is dá bhrí sin a tugadh aitheantas speisialta don Ghaeilge agus a tugadh stádas náisiúnta agus oifigiúil di in alt 8 de Bhunreacht na hÉireann, 1937.

Ag tús an fichiú haois, ‘Irish was spoken by less than 18% of the population and ... these speakers were situated mainly in the western peripheral regions of the state’ (Ó Riagáin, 1997: 3). Ach in ainneoin chomh híseal le líon na gcainteoirí Gaeilge, bheartaigh an Rialtas nua go mbeadh sé ina pholasaí náisiúnta ‘to maintain [the use of Irish] in areas where it was still spoken and to promote and

revive its use elsewhere' (Ó Riagáin 1997: 3). Is mar chuid den bheartas seo a bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta sa bhliain 1925 chun iarracht a dhéanamh den chéad uair an Ghaeltacht, na limistéir ina raibh an Ghaeilge fós á labhairt, a shainiú. Is é an tasc a leagadh amach don Choimisiún na ceantair sin in Éirinn a bhféadfaí cur síos a dhéanamh orthu mar 'Irish-Speaking areas' agus 'Partly Irish-Speaking Areas' a aithint agus a rianú. Is é an tuiscint a bhí ag an gCoimisiún agus é ag tabhairt faoin tasc seo go n-aithneofaí ceantair áirithe mar 'Irish-Speaking' ionas go bhféadfaí gach ar bhain le hoideachas, le riarachán poiblí agus le cúrsaí go ginearálta a riaradh iontu láithreach trí mheán na Gaeilge. Tugadh aitheantas freisin do cheantair eile mar 'Partly Irish-Speaking' ionas go bhféadfaí an Ghaeilge a thabhairt i réim arís iontu de réir a chéile agus tacaíocht chuí dá réir le fáil acu ón Stát (Ó Riagáin, 1997: 51).

Ba é cúram an Choimisiúin eolas a bhailiú faoi na ceantair a raibh cumas Gaeilge ag na daoine iontu agus socrú cé go díreach na céatadáin daonra le cumas sa teanga a theastódh in aon cheantar faoi leith le go mbeadh an Rialtas in ann a chuid aidhmeanna teangeolaíocha a bhaint amach i dtaca le húsáid na Gaeilge sa cheantar sin. Ba é moladh an Choimisiúin gur ghá 80% nó níos mó den phobal le cumas na Gaeilge a bheith i gceantar le go mbronnfaí aitheantas mar 'Irish-Speaking Area' air. 'Fíor-Ghaeltacht' a tugadh ar na ceantair siúd. Mhol an Coimisiún nár mhór idir 25% agus 79% den phobal le cumas sa Ghaeilge a bheith i gceantar le go n-aithneofaí mar 'Partly Irish-Speaking Area' é. 'Breac-Ghaeltacht' a tugadh ar na ceantair siúd (Ó Riagáin, 1997: 51).

Ní raibh figiúirí maidir le cumas na Gaeilge as Daonáireamh na bliana 1926 ar fáil don Choimisiún agus é ag dul i mbun oibre. Bhailigh an Coimisiún staitisticí

dá chuid féin trí áireamh a reáchtáil faoi stiúir an Gharda Síochána. Bunaithe ar an staidreamh seo, mhol Coimisiún na Gaeltachta teorainneacha na bhFíor- agus na mBreac-Ghaeltachtaí sa bhliain 1926 mar a iarradh air a dhéanamh. Bunaithe ar na toghcheantair a bhí na teorainneacha, agus áiríodh 585 toghcheantar uilig a bheith ina gceantair Ghaeltachta. Laistigh den Fhíor-Ghaeltacht, áiríodh daonra 164,774 duine, a raibh Gaeilge ag 146,821 acu. Laistigh den Bhreac-Ghaeltacht, áiríodh daonra 294,890 duine, a raibh Gaeilge ag 110,585 acu. Ina anailís ar obair an Choimisiúin, áfach, deir Ó Riagáin (1997), 'the Fíor-Ghaeltacht as defined by the Commission is larger, and the Breac-Ghaeltacht smaller, than the findings of the 1926 Census would appear to justify' (Ó Riagáin, 1997: 51).

Níor cuireadh aon bhonn oifigiúil ná reachtúil faoi na teorainneacha a mhol an Coimisiún. Sa tréimhse idir 1926 agus 1956, eagraíodh roinnt scéimeanna stáit agus achtaíodh achtanna éagsúla a bhain leis an nGaeltacht ach de bharr an easpa oifigiúlachta a bhain le haithint na limistéar Gaeltachta, ní hionann na ceantair a cuireadh san áireamh in aon am. Ní hamháin gur chruthaigh sé seo éiginnteacht faoin méid a bhí i gceist leis an téarma 'Gaeltacht' ach 'is beag aird a bhí áisíneachtaí eile Stáit agus eagraíochtaí neamhstáit ag tabhairt ar an 'stádas Gaeltachta' a bhí in ainm is a bheith ag na limistéir a bhí i gceist' (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 22). Chruthaigh an cleachtas seo deacrachtaí, freisin, maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeacht na scéimeanna éagsúla a bhí i bhfeidhm sna ceantair Ghaeltachta (*ibid.*).

Fuarthas réidh leis an éiginnteacht seo a bhain le ceist na dteorainneacha Gaeltachta nuair a ritheadh Acht na nAirí agus Rúnaithe (Leasú) sa bhliain 1956

chun Roinn na Gaeltachta a bhunú. Faoin acht seo, tugadh cumhacht don Aire Gaeltachta orduithe a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais a thabharfadh aitheantas do cheantar faoi leith mar cheantar Gaeltachta. Is faoi Ordú na Limistéar (Gaeltacht) 1956 a leagadh síos, den chéad uair, na limistéir a bhí le háireamh feasta mar limistéir Ghaeltachta faoi fhorálacha an Achta.

Faoi fhorálacha acht sin na bliana 1956, laghdaíodh, ó 585 go dtí 85 toghroinn iomlána agus codanna de 57 toghroinn eile, líon na dtoghranna a áiríodh mar cheantair Ghaeltachta. Ní hamháin gur tháinig laghdú ar líon na gceantar a aithníodh mar Ghaeltachtaí ach, ina theannta sin, fuarthas réidh leis an idirdhealú a bhí idir Fíor- agus Breac-Gaeltachtaí, rud a d'fhág gur breathnaíodh ar na ceantair Ghaeltachta mar limistéar aonchineálach teangeolaíoch. Tugadh neamhaird ar na difríochtaí suntasacha a bhí sna ceantair éagsúla ó thaobh na bpatrún éagsúil teanga a bhí i réim iontu. Athraíodh na teorainneacha Gaeltachta trí huair eile ina dhiaidh sin; i 1967, 1974 agus arís i 1982. Tugadh aitheantas Gaeltachta do limistéir bhreise: Ráth Cairn agus Baile Ghib i gCo. na Mí, limistéir eile i gCo. Chiarraí, i gCo. Phort Láirge agus i gCo. Chorcaí.

Fágann seo go n-áirítear, sa lá atá inniu ann, ceantair Ghaeltachta i seacht gcontae éagsúla in Éirinn, iad scaipthe ar an gcósta thiar agus ar oileáin amach ón gcósta, chomh maith le limistéir bheaga i gContaetha Chorcaí agus na Mí. Cuimsíonn siad 7% de thalamh na hÉireann (Commins, 1988) agus 89,260 duine atá ina gcónaí iontu (PríomhOifig Staidrimh, Daonáireamh, 2006).

2.3 An Ghaeilge sa Gaeltacht

Sa bhliain 1956, tháinig laghdú suntasach ar na limistéir a aithníodh mar cheantair Gaeltachta. Ach mar sin féin, is cosúil gur ar mhaithe le hobair riaracháin an Stáit a éascú seachas a bheith ina léargas ar aon athrú bunúsach a bhí tagtha ar an méid Gaeilge a bhí á labhairt sna Gaeltachtaí a bhain na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar theorainneacha na Gaeltachta (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 24). Mar a luadh cheana, bhí tuairim ann go raibh na teorainneacha Gaeltachta, mar a moladh iad sa bhliain 1926, míchruinn (Ó Riagáin, 1997: 51). Ach fiú agus teorainneacha na Gaeltachta laghdaithe, 'it is generally accepted that the boundaries even as set out in 1956 overextended the true representation of the Gaeltacht as it then stood' (Ó Giollagáin agus Mac Donnacha, 2008: 109).

Is i dtús na seachtóidí a fhaightear an chéad léargas suntasach ar staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí. De réir taighde a rinne Ó Riagáin (1971) agus Mac Aodha (1971), mheas Ó Riagáin (1997) go raibh an Ghaeilge in uachtar agus seasmhach mar theanga phobail i measc 30% de phobal na Gaeltachta agus go raibh an Béarla in uachtar mar theanga phobail i measc 25% de phobal na Gaeltachta. Mheas sé, 'that the remainder were bilingual but were unstable and showing evidence of a shift towards English' (Ó Riagáin, 1997: 77). Ach sa staidéar a rinne an Gliasánach ar Scéim na nDeich bPunt (scéim Stáit a raibh sé d'aidhm aici tuismitheoirí a spreagadh chun Gaeilge a úsáid mar theanga teaghlaigh), a chuimsigh an tréimhse 1974 - 1984, léirigh sé, 'that even the core [Irish speaking] areas were becoming unstable' (Ó Gliasáin, 1990: 74).

I dtús na n-ochtóidí, dhein Ó Riagáin iniúchadh ar na hathruithe sóisialta a bhí ag titim amach sna Gaeltachtaí agus ba chúis leis an aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla. Ina thuarascáil ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, tugann sé léargas cruinn ar an suíomh sóisialta a bhí i réim sa cheantar áirithe sin ag an am, agus déanann sé cur síos ar na dinimicí sóisialta a raibh tionchar acu ar chúrsaí teanga.

I measc na ndinimicí sóisialta a aithníodh, díritear aird ar an gcaidreamh a bhí ag an bpobal Gaeltachta seo le saol an Bhéarla ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Mar a deir Ó Riagáin:

Increases in commuting to An Daingean ... combined with the growth in post-primary education ... changes in shopping and recreation patterns and shifts in migration patterns all signified a major transformation of social network patterns which occasioned significant changes in the patterns of bilingualism (Ó Riagáin, 1992: 147).

Tagraíonn sé do na hathruithe a tháinig ar chomhdhéanamh an phobail de bharr cúrsaí inimirce agus de bharr muintir na háite a bheith ag pósadh daoine as baile isteach agus ag cur fúthu ansin sa cheantar. Taispeánann sé gur mar seo thíos a bhí an scéal i measc lánúineacha pósta:

... the proportion of marriages among people who never left the area and who are not in-migrants declines from 38% among older respondents to 19% among younger respondents ... [and] the proportion of marriages where one of the partners is an in-migrant has risen from 23 to 53 per cent (Ó Riagáin, 1997: 139).

I bhfianaise go bhfuil ‘incomers to the Gaeltacht six times more likely to be English speaking monolinguals than persons born there’ (CILAR, 1975: 138) agus gurb iad na daoine céanna seo na tuismitheoirí a bheidh freagrach as an nGaeilge a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile de pháistí Gaeltachta, ‘the implications of these changes for the maintenance of Irish do not need to be emphasized’ (Ó Riagáin, 1997: 139).

Agus cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht á bplé ag Commins (1988), leagtar béim ar ról na dtuismitheoirí, agus ar ról na máthar ach go háirithe. Agus é ag tagairt do staitisticí a d’fhoilsigh CILAR (1975), deir sé, ‘[that] given the importance of the mother’s language it is clear that in-migration is a major constraint in efforts to maintain the local language’ (Commins 1988: 22). Anuas air sin, agus Ó Riagáin ag tagairt don tábhacht atá le tuismitheoirí Gaeltachta, deir sé:

Not only is the number of marriages among fluent Irish-speakers in decline, but there is also evidence to suggest that some parents with high ability in Irish have become less efficient in reproducing children with equally high levels of Irish in recent decades (Ó Riagáin, 2001: 203).

Cé nár chuimsigh tuarascáil Uí Riagáin ach limistéar amháin Gaeltachta, tugtar léirmheas cuimsitheach, mar sin féin, ar na fáthanna ar tháinig athruithe ar chomhdhéanamh an phobail Ghaeltachta áirithe seo ó thús na seachtóidí i leith agus taispeántar go bhfuil baint mhór ag na hathruithe seo le staid na húsáide a bhaintear as an nGaeilge ag leibhéal an phobail agus an teaghlaigh. Déantar tagairt ó thús deireadh na tuarascála do na difríochtaí teangeolaíocha a bhí le feiscint sna ceantair éagsúla a bhí suite taobh istigh den limistéar Gaeltachta seo.

Maíonn Ó Riagáin:

... we would confidently argue that the analysis we present [in this report] remains highly relevant to any debate about bilingual patterns in the Gaeltacht and the underlying direction and mechanism of change (Ó Riagáin, 1992: iii).

2.4 Éagsúlachtaí maidir leis an teanga pobail laistigh de cheantair Ghaeltachta

Ach féachaint ar thaighde Uí Riagáin agus ar na foinsí eile a luadh thuas, is cosúil go raibh an-éagsúlacht i measc phobal na limistéar oifigiúil Gaeltachta. I staidéar Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007), tugtar aitheantas do na cineálacha éagsúla pobail atá sna ceantair oifigiúla Ghaeltachta sa lá atá inniu ann. Is bunaithe ar na tréithe difriúla sochtheangeolaíochta atá ag na pobail Ghaeltachta sin a dhéantar idirdhealú eatarthu. Sa sainmhíniú is comhaimseartha dá bhfuil againn, roinntear na limistéir Ghaeltachta ina dtrí chuid agus déantar cur síos orthu mar seo a leanas:

Limistéir Ghaeltachta Catagóir A. Sa chatagóir seo, tá na ceantair Ghaeltachta a bhfuil an Ghaeilge in uachtar iontu agus seasmhacht áirithe ag úsáid na Gaeilge sa phobal ar fad. Áirítear na ceantair Ghaeltachta a bhfuil 67% den daonra (os cionn 3 bliana) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge sa chatagóir seo. Tá 22,000 duine san áireamh i gcatagóir A.

Limistéir Ghaeltachta Catagóir B. Sa chatagóir seo, tá na ceantair Ghaeltachta a bhfuil an Béarla in uachtar iontu ach go bhfuil úsáid na Gaeilge fós le sonrú iontu. Tá úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta seo teoranta do ghréasáin shóisialta áirithe, bunaithe ar aoisghrúpaí faoi leith, ar institiúidí faoi leith nó ar ghréasáin áirithe eile. Áirítear na ceantair

Ghaeltachta a bhfuil idir 44% agus 66% den daonra (os cionn 3 bliana) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge sa chatagóir seo. Tá 8,000 duine san áireamh i gcatagóir B.

Limistéir Ghaeltachta Catagóir C. Sa chatagóir seo, tá na ceantair Ghaeltachta a bhfuil úsáid an-teoranta á baint as an nGaeilge sa phobal. Sa chuid is mó, is sna scoileanna a áirítear úsáid na Gaeilge. Tá roinnt pócaí beaga sa chatagóir seo a bhfuil pobail iontu a úsáideann an Ghaeilge ar an mbealach céanna is a úsáidtear í sna catagóirí eile thuas, ach is de réir an toghcheantair a dhéantar na limistéir Ghaeltachta a shainiú, agus bheadh na pobail seo ina mionlach sa toghcheantar a bhfuil siad suite ann. Áirítear na ceantair Ghaeltachta a bhfuil níos lú ná 44% den daonra (os cionn 3 bliana) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge sa chatagóir seo. Tá 65,500 duine san áireamh i gcatagóir C.

(Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 146-8).

Ní hamháin go bhfuil ceantair dhifriúla theangeolaíoch a le sonrú taobh istigh de limistéir oifigiúla na Gaeltachta, ach mar thoradh ar na hathruithe a tháinig ar chomhdhéanamh na Gaeltachta, tá athrú tagtha ar na cineálacha cainteoirí Gaeilge a bhíonn i ngach ceantar chomh maith. Ar ndóigh, ní leor mar chur síos orthu siúd atá ina gcónaí sa Ghaeltacht na lipéid thraidisiúnta 'Gaeilgeoir' nó 'Béarlóir'. Cuireann Ó Giollagáin (2002: 30-32) téarmaíocht ar fáil dúinn chun cur síos a dhéanamh ar na cainteoirí éagsúla seo. Is cabhair dúinn na catagóirí difriúla le pictiúr níos iomláine a chruthú den tírdhreach teangeolaíoch a bhí agus atá sna pobail Ghaeltachta ó thús na seachtóidí i leith agus go deimhin, roimhe sin, b'fhéidir.

| Téarma | Cur Síos |
|-------------------------|--|
| Cainteoir Dúchais | Duine de bhunadh na Gaeltachta, a tógadh le Gaeilge i gceantar Gaeltachta. |
| Cainteoir Athdhúchais | Duine a tógadh le Gaeilge ag tuismitheoirí a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar theanga bhreise. |
| Cainteoir Leathdhúchais | Duine a tógadh i gcomhthéacs measctha teanga. Is é an rud is minice a fheictear sa Ghaeltacht ná tuismitheoirí ar Gaeilgeoirí iad a shocraíonn ar Bhéarla a labhairt lena gclann. É sin nó teaghlach inar labhraíodh Béarla de bharr nach raibh Gaeilge ag tuismitheoir amháin. Sna cásanna seo, is iondúil go mbeadh roinnt Gaeilge le cloisint ó ghaolta agus sa phobal i gcoitinne. Déanann an cineál cainteora seo an Ghaeilge a shealbhú ar bhealach nach bhfuil ag brath ar an gcóras oideachais. Is cainteoir líofa Gaeilge é/í an cainteoir leathdhúchais. |
| Comhchainteoir | Duine a shealbhaigh an Ghaeilge taobh amuigh den teaghlach. Bheadh cumas ard Gaeilge ag an gcomhchainteoir agus ní bheadh an teanga ina bac air/uirthi páirt iomlán gníomhach a ghlacadh in imeachtaí an phobail. Is minic nach de bhunadh na Gaeltachta é/í an comhchainteoir. |
| Foghlaiméoir | Tá dhá shaghas foghlaiméora Gaeilge ann. Tá an foghlaiméoir bisiúil ann a n-éiríonn go maith leis an Ghaeilge a shealbhú mar gheall ar a chuid iarrachtaí pearsanta féin. Agus tá an foghlaiméoir neamhbhisiúil ann nach n-éiríonn go maith leis an Ghaeilge a shealbhú go hiomlán as a stuaim féin. Bíonn an foghlaiméoir seo ag brath ar ranganna agus cúnamh struchtúrtha eile chomh maith le tacaíocht ón bpobal chun cur lena chuid iarrachtaí foghlama. |
| Béarlóir | Duine a labhraíonn Béarla, atá ina chónaí sa Ghaeltacht agus nach dtuigeann an Ghaeilge agus nach ndéanann iarracht í a fhoghlaim. |

Tábla 1: Téarmaíocht do chainteoirí éagsúla Gaeilge bunaithe ar théarmaíocht Uí Ghiollagáin (2002: 30-32)

Ní hionann na téarmaí seo agus aon téarmaíocht dá bhfuil le fáil in aon scagadh a rinneadh ar chainteoirí Gaeilge go dtí seo mar gur le cúlra sochtheangeolaíoch

an duine agus an tsúimh inar sealbhaigh sé/sí an Ghaeilge a bhaineann siad. Ní le cumas teanga an chainteora a bhaineann sé. De réir Uí Ghiollagáin (2004), 'is iad na Cainteoirí Dúchais, na Béarlóirí agus na Comhchainteoirí na rannuithe is líonmhaire agus is suntasaí i gcomhthéacs chomhdhéanamh an phobail chomhaimseartha sa Ghaeltacht faoi láthair' (Ó Giollagáin, 2004: 158)

2.5 Na scoileanna Gaeltachta

Áit shuntasach amháin a bhfeictear an tionchar a bhíonn ag meascán sochtheangeolaíoch mar seo ar phobal Gaeltachta is ea i gcóras oideachais na Gaeltachta. Bíonn impleachtaí móra ann do chúrsaí teangeolaíocha i gceantar a bhfuil mionteanga á labhairt nuair a thagann grúpaí de chainteoirí éagsúla, fearacht na ngrúpaí thuas, le chéile i suíomh oideachais. Tá dúshlán faoi leith le sárú ag na scoileanna Gaeltachta más uathu dul i ngleic le riachtanais éagsúla teangeolaíocha na bpáistí atá ag freastal orthu. Is riachtanais iad seo a eascraíonn as na cúlraí éagsúla sochtheangeolaíocha atá ag na páistí seo.

Ach ní thar oíche a tharla na hathruithe ar chomhdhéanamh an phobail Ghaeltachta agus is cosúil go raibh comharthaí ann ó thús na n-ochtóidí i leith go raibh brú ag teacht ar na scoileanna Gaeltachta.

Faightear tagairt sa *Tuarascáil ar an mBunoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht* (Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1981, luaite ag Mac Donnacha *et al.*, 2004: 9) a léiríonn na dúshlán a bhí le sárú ag múinteoirí bunscoile sa Ghaeltacht. Aithnítear sa tuarascáil brú an Bhéarla sna scoileanna Gaeltachta agus díritear aird ar na cúiseanna a bhí leis an aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla a bhí ag titim amach iontu. I measc na gcúiseanna a bhí leis an aistriú teanga, luaitear

tuismitheoirí Gaeltachta a bheith ag tógaint a gcuid páistí le Béarla, tuismitheoirí ó cheantair taobh amuigh den Ghaeltacht a bhí ag cur a gcuid páistí isteach sna scoileanna Gaeltachta, agus tuismitheoirí de bhunadh na Gaeltachta ag teacht abhaile tar éis tréimhse a chaitheamh taobh amuigh den Ghaeltacht agus gan aon Ghaeilge ag a gclann.

Sa bhliain 1986, léirigh taighde a dhein an Comhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht go raibh roinnt fadhbanna le sárú ag na bunscoileanna Gaeltachta. I measc na bhfadhbanna seo, luadh an easpa tacaíochta don Ghaeilge sa bhaile; daltaí ag teacht ar scoil den chéad uair gan Ghaeilge; agus na deacrachtaí a bhain le ranganna a láimhseáil ina raibh páistí 'leis an ngnáthraon cumais intleachtúil, agus raon leathan aoisghrúpaí, mar aon le cumais éagsúla teanga' (Comhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht, 1986, luaite ag Mac Donnacha *et al.*, 2004: 11).

Ina cuid oibre i réimse an luathoideachais in Éirinn, tugann Hickey (1999) léargas ar na constaicí a bhaineann le forbairt teanga i measc páistí réamhscoile na Gaeltachta ar cainteoirí dúchais iad atá ag freastal ar an naíonra. Léiríonn an taighde seo na deacrachtaí a bhíonn ann nuair a mheasctar páistí a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu le páistí a bhfuil an Béarla mar ghnáththeanga labhartha acu. Déanann Hickey cur síos neamhbhalbh ar a dtarlaíonn nuair a thugtar páistí le Gaeilge agus páistí le Béarla le chéile, nuair a deir sí go dtagann laghdú ar ráta úsáide na Gaeilge i measc cainteoirí dúchais agus dátheangacha i naíonraí inar Béarlóirí an tromlach (Hickey, 1999). Ó tharla gurb iad na páistí céanna seo a bheadh ag freastal ar na scoileanna Gaeltachta bliain ón am sin, ba dheacair a shamhlú go mbeadh aon athrú mór tagtha ar an

suíomh teangeolaíoch a mbeadh na páistí ag feidhmiú ann faoin am a dtosóidís sa bhunscoil.

Is ag Mac Donnacha *et al.* (2004) a fhaightear an cur síos is cuimsithí fós ar na fadhbanna a bhíonn le sárú ag na scoileanna Gaeltachta. I dtuarascáil sin Mhic Dhonnacha *et al*, *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*, léirítear, i bhfoirm staitistiúil, líon na bpáistí a chláraíonn leis na scoileanna Gaeltachta agus Gaeilge líofa/mhaith acu. Roinntear na scoileanna i dtrí rannóg bunaithe ar an gcineál ceantair theangeolaíoch a bhfuil siad suite ann de réir fhaisnéis Dhaonáireamh na bliana 2002. Is i gceantar ina labhraíonn 70% nó níos mó den phobal an Ghaeilge go laethúil atá scoileanna de chatagóir A lonnaithe. Is i gceantar Gaeltachta ina labhraíonn idir 40% agus 69% den phobal an Ghaeilge go laethúil atá scoileanna de chatagóir B lonnaithe. Is i gceantar Gaeltachta ina labhraíonn níos lú ná 39% den phobal an Ghaeilge go laethúil atá scoileanna de chatagóir C lonnaithe.

Mar a léirítear sa tábla thíos, tá difríochtaí suntasacha idir cumas agus úsáid na Gaeilge i measc daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí i ngach ceantar. Is táscairí iad na figiúirí seo ar na riachtanais shainiúla atá ag gach grúpa.

| | Scoileanna Catagóir A | Scoileanna Catagóir B | Scoileanna Catagóir C |
|---|-----------------------|-----------------------|-----------------------|
| Gaeilge líofa/mhaith ag Naíonáin Bheaga | 54% | 24% | 12% |
| Gaeilge líofa/mhaith ar fhágaint na scoile (R6) | 87% | 79% | 45% |
| Caidreamh idir Daltaí – ‘Gaeilge’, ‘Gaeilge is mó’ nó ‘níos mó Gaeilge ná Béarla’ | 87% | 67% | 18% |
| Caidreamh idir Múinteoirí – ‘Gaeilge’ nó ‘Gaeilge is mó’ | 100% | 94% | 58% |

Tábla 2: Cumas agus úsáid na Gaeilge i measc daltaí agus múinteoirí i mbunscoileanna Gaeltachta de réir catagóirí. (Foinse: Mac Donnacha *et al.*, 2004)

Feictear i scoileanna i gcatagóir A go dtagann 54% de na páistí ar scoil agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu agus go dtiteann an figiúir seo go 12% sna scoileanna i gcatagóir C. Faoin am a bhfágann páistí an scoil, tuairiscítear go bhfuil Gaeilge líofa/mhaith ag 87% de na páistí a d’fhreastail ar scoileanna i gcatagóir A, ach nach n-éiríonn ach le níos lú ná leath de na daltaí sna scoileanna i gcatagóir C an cumas céanna sin a bhaint amach. Maidir leis an gcumarsáidíú atá ag dul ar aghaidh sna scoileanna, feictear go mbíonn 87% de dhaltaí agus 100% de mhúinteoirí ag labhairt Gaeilge lena chéile sna scoileanna i gcatagóir A ach nach mbíonn ach céatadán de 18% agus 58%, faoi seach, ag úsáid na Gaeilge sna scoileanna i gcatagóir C.

Is léiriú iad na figiúirí seo ar na difríochtaí atá idir na scoileanna Gaeltachta ar fad. Braitheann an tionchar a bhíonn ag an scoil ar chumas Gaeilge na ndaltaí,

ar an áit a bhfuil an scoil suite ann agus ar an méid Gaeilge atá á labhairt sa phobal mórthimpeall na scoile.

Ach féachaint ar an scéal seo ó thaobh pháistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga dhúchais, tá táscairí ar fáil i dtaighde Harris (2006) go bhfuil cumas Gaeilge níos fearr á bhaint amach ó thaobh scileanna labhartha, éisteachta, scríbhneoireachta agus léitheoireachta ag páistí i scoileanna lánGhaeilge taobh amuigh de na Gaeltachtaí ná mar atá ag páistí a bhíonn ag freastal ar scoileanna Gaeltachta (Harris, 2006: 159-162). Tagraíonn Harris don ‘diversity of the linguistic and educational factors that determine performance [in Irish]’ agus luann sé, ‘that children from both Irish and English speaking backgrounds come together ... in different Gaeltacht schools, and that *Gaeltacht schools themselves vary the amount of Irish-medium instruction they conduct, depending in part on the linguistic background of pupils in a class*’ (Harris, 2006: 161) (liomsa an bhéim).

Feictear an scéal céanna i staidéar Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007). Sa taighde a rinneadh sa staidéar seo ar úsáid na nGaeilge i scoileanna dara leibhéal, faightear léargas ar an tionchar a bhíonn ag timpeallacht theangeolaíoch na scoile ar an méid Gaeilge a úsáideann aos óg na Gaeltachta iad féin ina saol pearsanta. Tuairiscítear sa taighde, sna scoileanna Gaeltachta i gcatagóir A, nach n-úsáideann ach 26% de dhaltaí ‘Gaeilge i gcónaí nó an chuid is mó den am’ agus iad ag caint lena gcairde sa seomra ranga (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 333) agus go léiríonn an t-eolas a bailíodh, ‘cúngú ar úsáid na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta’ (*ibid*: 335). Sa chuid sin den taighde a bhaineann le cumas cainte na gcainteoirí dúchais

Gaeilge, tuairiscítear nach bhfuil ach 10% de na daoine óga i gcatagóir A a bhraitheann gur fearr a gcumas comhrá a dhéanamh i nGaeilge ná i mBéarla. I measc na bhfreagraí a thugann siad ar an gceist ‘cén fáth a labhraíonn tú Gaeilge le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu?’, luann 49% de rannpháirtithe an taighde go bhfuil ‘taithí acu a bheith ag labhairt Béarla le [daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu] anois’ (*ibid*: 329).

Tá tothacht leis an ráiteas seo nuair a thugtar san áireamh an tábhacht atá leis an scoil agus an tionchar atá aici ar nósmaireacht teanga i measc na n-óg. Is ag an scoil a leagtar, ar dtús, bunchloch an chaidrimh a bhíonn ag aos óg na nGaeltachtaí lena gcomhaois, caidreamh a leanann ar aghaidh i bhfad tar éis fhágáil na scoile dóibh. De réir an eolais a léirítear in obair Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007), tá, ‘fianaise áititheach go bhfuil feidhmiú an chórais oideachais sa Ghaeltacht ag cothú comhthéacsanna do shóisialú an Bhéarla i measc cainteoirí óga Gaeilge sa Ghaeltacht’ (*ibid*: 334).

2.6 An taighde reatha

Is beag taighde a rinneadh go dtí seo in Éirinn ar thuismitheoirí Gaeltachta ná ar chúrsaí teangeolaíocha a gcuid páistí.

I staidéar a dheim Ó hIfeárnáin (2007), faightear léargas ar an nósmaireacht teanga a chleachtaítear ag leibhéal an teaghlaigh i gceantar Gaeltachta Mhúscraí i gCo. Chorcaí. Tá léiriú sa taighde go mbíonn cleachtais teanga dhifriúla ann i measc na dteaghlach sa cheantar; go labhraíonn cuid acu Gaeilge agus cuid acu Béarla lena gcuid páistí. Mar mhíniú ar an bhfáth a bhí leis an teanga teaghlaigh a roghnaigh siad, luaigh an dá ghrúpa thuismitheoirí (cainteoirí Béarla agus

cainteoirí Gaeilge araon) an tábhacht a bhaineann leis an dátheangachas. Mar a deir Ó hIfearnáin, 'There is no doubt that all want their children to be highly skilled, literate bilinguals' (Ó hIfearnáin, 2007: 510).

Maidir leis an gcóras scolaíochta atá i bhfeidhm sa Ghaeltacht, is cosúil nach bhfuil muinín ag na tuismitheoirí a labhraíonn Béarla lena gclann go dtabharfaidh an scoil a ndóthain Béarla dá gcuid páistí (Ó hIfearnáin, 2007: 526). Maíonn sé, 'that the apparent lack of support for Irish-only education is not based on a rejection of the model per se but is an expression of doubt as to the benefits of speaking only Irish at home and using mainly Irish at school with a view to achieving a high level of Irish-English bilingualism' (*ibid*: 526).

Maidir leis na tuismitheoirí a roghnaíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an easpa muiníne céanna as an gcóras oideachais i gceist maidir leis an leibhéal Gaeilge atá a gcuid páistí a bhaint amach. Luaitear go gcuirtear i bhfeidhm polasaí teanga chun Gaeilge amháin a labhairt sa teach, 'as a defence against bad 'school-Irish'' (*ibid*: 522).

Maíonn Ó hIfearnáin go dtagann athrú dearcaidh i dtaobh na scolaíochta trí Ghaeilge ar na tuismitheoirí sin uile a bhfuil páistí acu ag dul tríd an gcóras oideachais. De réir mar a théann a gcuid páistí in aois, is láidre a éiríonn an tacaíocht a thugann siad don scolaíocht lánGhaeilge. Is léiriú é seo, a deir sé, ar an dearcadh atá ag tuismitheoirí ar an nGaeilge a fhoghlaimíonn páistí sa chóras oideachais, '[that] many felt their children's Irish to be 'thin' or 'underdeveloped' ... in comparison to their English skills' (*ibid*: 524).

Luann Ó hlfearnáin go bhfuil seans ann go mbíonn easpa eolais ar thuismitheoirí maidir leis an mbealach is fearr chun an dátheangachas a chur chun cinn i measc a gcuid páistí. Bíonn an easpa eolais seo ina tionchar ar an gcinneadh a dhéanann thuismitheoirí óga cé acu Gaeilge nó Béarla a roghnú mar theanga teaghlaigh. Molann sé go gcuirfí níos mó faisnéise ar fáil do thuismitheoirí Gaeltachta. I ndeireadh na dála, is í an taithí a fhaigheann thuismitheoirí ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht a mhúnlaíonn na dearcaidh agus na tuairimí a bhíonn acu i dtaobh úsáid na Gaeilge sa bhaile. Tuairiscíonn Ó hlfearnáin, 'Not one informant expressed a wish that they had used less Irish with their children ... [and] with hindsight, more parents feel that they should have used more Irish at home' (*ibid*: 522-526).

Ar an taighde eile atá déanta ar thuairimí thuismitheoirí Gaeltachta, tá an tuarascáil dar teideal *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004; Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí* (Mac Donnacha, 2005). Faightear léargas sa tuarascáil seo ó phríomhoidí, múinteoirí agus thuismitheoirí as scoileanna Gaeltachta. Léirítear dearcadh na dtuismitheoirí Gaeltachta ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht fé mar atá cur síos déanta air i staidéar Mhic Dhonnacha *et al.* (2004). I measc thuairimí na dtuismitheoirí sin a raibh an Ghaeilge in úsáid mar theanga teaghlaigh acu lena gclann, bhí míshástacht de chineál éigin le brath: 'Bhí a bhformhór den tuairim nach rabhthas ag freastal go héifeachtach ar an gceart a bhí acu oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil dá gcuid leanaí' (Mac Donnacha, 2005: 3). Chomh maith leis sin, '... cheistigh siad cuid de na cleachtais a bhíonn á leanúint ag scoileanna áirithe sa Ghaeltacht, a bhí dar leo, glan i gcoinne na ndea-chleachtas go mbeifí ag súil

leis i scoileanna a bhí tiomanta d'oidreachas den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge' (*ibid*: 4).

I dtaighde a dhein Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.* (2007), faightear níos mó eolais fós ó thuismitheoirí Gaeltachta faoina ndearcadh agus faoina dtuairimí i leith an chórais oideachais sa Ghaeltacht. Cé nach dírithe ar an gcóras oideachais go príomha atá an taighde, mar sin féin, pléitear cúrsaí oideachais ann, go sonrach i gcaibidlí dar teideal *Tógáil Clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht* agus *Tuairimí agus Taithí an Phobail*. Labhraíonn na húdair faoi na moltaí a bhíonn ag thuismitheoirí faoin gcóras oideachais agus faoi na deacrachtaí a bhíonn acu leis an gcóras céanna. Ina theannta sin, labhraíonn na thuismitheoirí faoin tionchar a bhíonn ag an gcóras oideachais ar a gcuid páistí maidir le cumas agus patrúin teanga sa Ghaeilge. Cuirtear in iúl sa taighde go mbíonn tionchar ag staid na Gaeilge in institiúidí oideachais ar na patrúin úsáide teanga sa teaghlach agus 'go mbraitheann na thuismitheoirí go n-eascraíonn an t-iompar teanga ... [ag athrú ó Ghaeilge go Béarla] as leanaí atá á dtógáil le Gaeilge a bheith ag meascadh le leanaí atá á dtógáil le Béarla' (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 446).

2.7 Tátal

Is í an fhaisnéis seo ar fad ar staid reatha na Gaeilge i nGaeltachtaí na tíre, ar chúrsaí teanga taobh istigh den chóras oideachais, ar chumas, ar phatrúin agus ar nósmaireachtaí teanga an aosa óig sa bhaile agus ar scoil is cúlra don staidéar seo. I bhfianaise a laghad taighde dá bhfuil déanta ar thuismitheoirí Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu lena gclann, agus ag tabhairt san áireamh an laghdú suntasach atá ag teacht ar líon na bpáistí ón

gcúlra teangeolaíoch seo atá ag freastal ar na scoileanna Gaeltachta, tá sé tábhachtach go ndéanfaí níos mó staidéir ar na tuismitheoirí atá fós ag roghnú na Gaeilge mar theanga teaghlaigh. Is é príomhchuspóir an taighde seo tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach a ndéanann tuismitheoirí an cinneadh Gaeilge a labhairt lena gclann, ar an ní a éascaíonn an cúram seo dóibh, agus ar na constaicí is dóigh leosan is cúis lena gcúram teanga a bheith níos deacra i gcomhthéacs an chórais oideachais a bhfuil a gcuid páistí ag dul tríd.

I gCaibidil 3, déanfar cur síos ar an modheolaíocht a roghnaíodh chun eolas a bhailiú ó na tuismitheoirí a bhí mar fhócas ag an staidéar seo, ar an tslí ar roghnaíodh na rannpháirtithe, ar an ról a bhí ag an taighdeoir san obair thaighde, agus ar na ceisteanna a cuireadh ar na rannpháirtithe.

Caibidil 3 - An Mhodheolaíocht Taighde

3.1 Réamhrá

I gcás tionscnamh taighde ar bith, is den tábhacht é go roghnófaí an modh taighde is fearr a oireann don tionscnamh sin. Braitheann an modh a roghnaítear ar an saghas eolais atáthar chun a bhailiú, ar an tslí a bhfuiltear chun an t-eolas a bhailiú, agus ar an tslí a bhfuiltear chun an t-eolas a chur i láthair. Mar a deir Silverman (2005), 'It is important to fit the research design to the research topic' (2005:6).

Sa chaibidil seo, déanfar cur síos ar na modheolaíochtaí atá ar fáil don taighdeoir, ar chuspóirí an taighde seo agus ar an tslí agus ar na fáthanna ar roghnaíodh an modh a úsáideadh sa staidéar seo. Déanfar cur síos freisin ar ról an taighdeora, ar na rannpháirtithe agus ar na téamaí a bhí le plé leis na tuismitheoirí.

3.2 Modhanna taighde

Is féidir modhanna taighde a roinnt, go ginearálta, idir dhá phríomhghrúpa .i. modhanna cainníochtúla agus modhanna cáilíochtúla. Tá difríochtaí bunúsacha idir an dá mhodh. Is iondúil gurb ionann an taighde cainníochtúil agus coincheapanna nó feiniméin a thomhais nó a chomhaireamh. Bailítear eolas go staitistiúil le suirbhéanna nó le ceistneoirí nó trí úsáid a bhaint as staitisticí atá ar fáil cheana féin. Ansin, déantar anailís oibiachtúil, dhéaduchtach ar an eolas sin. Cuirtear an t-eolas ar fáil i bhfoirm staitisticí agus déantar iarracht míniú a thabhairt ar a léirítear. Ó tharla gur ag bailiú eolais faoi dhearcaidh agus tuairimí, agus ag iarraidh tuiscint a chothú ar na cúiseanna is bonn leis na tuairimí sin, a bhíodhas sa staidéar seo, ceapadh gurbh fhearr gan modh cainníochtúil a úsáid. Bhíodhas den tuairim dá mbeadh ceistneoir nó suirbhé á

n-úsáid go mbeadh an baol ann go bhfágfaí pointí tábhachtacha ar lár sna ceisteanna a cheapfaí; go mbeadh ar na freagróirí freagraí ‘dubh nó bán’ a thabhairt ar cheisteanna ar bhain castachaí go leor leo, nó go bhféadfadh sé tarlú go bhfágfaí téamaí faoi leith ar lár ar fad.

Maidir le modhanna cáilíochtúla, deir Creswell (2007: 37) go mbaineann taighde cáilíochtúil le, ‘the collection of data in a natural setting sensitive to the people and places under study, and data analysis that is inductive and establishes patterns or themes’. Bíonn ról suibiachtúil ag an taighdeoir sa chineál seo taighde. Déantar cur síos ar an eolas a aimsítear trí anailís a dhéanamh ar fhocail nó ar phictiúir agus lorgaítear patrúin san eolas a bhailítear chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar atá faoi chaibidil. Deir Silverman an méid seo faoi mhodhanna cáilíochtúla: ‘Generally speaking, qualitative researchers are prepared to sacrifice scope for detail ... ‘detail’ is found in the precise particulars of such matters as people’s understandings and interactions’ (Silverman, 2005: 9).

Socraíodh, mar sin, gur as modh taighde cáilíochtúil a bhainfí úsáid sa staidéar seo. Bhí cúpla cúis leis seo. Ar dtús báire, braitheadh gur uirlis maol go maith a bheadh i modh taighde cainníochtúil chun cuspóirí an taighde a bhaint amach. Dírithe ar dhearcadh agus ar thuairimí daoine a bhí an taighde. Samhlaíodh go raibh an chontúirt ann nach n-aimseofaí na doimhneachtaí sin a bhaineann le dearcadh agus le tuairimí daoine dá mba i bhfoirm staitistiúil a bheifí ag bailiú an eolais.

Agus iniúchadh á dhéanamh ar dhearcaidh agus ar thuirimí daoine, braitheadh go mbeadh modhanna cáilíochtúla níos oiriúnaí mar go mbaineann uirlisí taighde na modhanna seo leis an bhfocal labhartha agus leis an gcur síos a thugann na rannpháirtithe féin. Braitheadh gur fearr an seans a bheadh ag an taighdeoir tuiscint a fháil ar na castachtaí a bhaineann le dearcaidh a mhúnlú, dá mba mhodhanna cáilíochtúla a d'úsáidfí. Tuigeadh, freisin, gur fearr an seans a thabharfadh modhanna cáilíochtúla d'fhreagróirí a gcuid tuairimí a chur in iúl ina mbealach féin, agus nach gcuirfí teorainn lena gcuid freagraí de bharr líon na gceisteanna a chuirfí nó, go deimhin, mar gheall ar an tslí a gcuirfí iad.

Ba é príomhchuspóir an taighde seo a bheith in ann cur síos a dhéanamh ar dhearcaidh agus tuairimí tuismitheoirí. Ní hamháin sin ach bhíothas ag súil go bhfaighfí leideanna faoi na fáthanna a raibh dearcaidh áirithe ag tuismitheoirí. Braitheadh go raibh seans níos fearr ann go bhfaighfí tuiscint níos fearr ar na doimhneachtaí éagsúla a bhaineann leis na fáthanna a mbíonn dearcaidh faoi leith ag daoine, ach modh taighde cáilíochtúil a úsáid.

Gné eile a bhaineann le taighde cáilíochtúil is ea méid an tsampla. Níl sa staidéar seo ach sampla beag de thuismitheoirí as ceantar amháin Gaeltachta. Ní rabhthas ag súil go mbeifí in ann ginearálú a dhéanamh ar aon eolas a bhaileofaí. Ba é an aidhm a bhí ann cur síos a dhéanamh ar na dearcaidh agus tuairimí a léirigh grúpa amháin tuismitheoirí, agus bhíothas ag súil go gcabhródh an cur síos seo le tuiscint níos fearr a fháil ar an suíomh iomlán a bhfuil tuismitheoirí agus páistí Gaeltachta ag feidhmiú ann sa lá atá inniu ann. Dhírigh an cuspóir seo an taighdeoir i dtreo an taighde cháilíochtúil.

Bhí fáth eile ann ar roghnaíodh modh taighde cáilíochtúil don staidéar seo. De réir a bhfuil ráite ag Stewart *et al.* (2007), is féidir leis an taighde cáilíochtúil soiléiriú a thabhairt ar na torthaí a nochtar i suirbhéanna móra cainníochtúla. Bíonn an taighde cáilíochtúil úsáideach mar, '[it] facilitates interpretation of quantitative results and adds depth to the responses obtained in the more structured survey' (Stewart *et al.*, 2007: 41). I dtaca le hábhar an tráchtais seo, is iomaí staidéar cainníochtúil déanta, agus staitisticí curtha ar fáil dá réir, maidir leis an dearcadh atá ag an bpobal i leith na Gaeilge. Tá eolas cainníochtúil againn freisin ar a bhfuil ar siúl sna scoileanna Gaeltachta, ar an taithí atá ag déagóirí ar an gcóras scolaíochta sa Ghaeltacht agus ar an méid Gaeilge atá á labhairt ag leibhéal an teaghlaigh taobh istigh de na Gaeltachtaí ar fad. I measc na bhfoinsí eolais sin, tá suirbhéanna CILAR (1975); figiúirí ó Mhac Donnacha *et al.* (2004); an t-eolas a thionsaigh Mac Donnacha (2005); staitisticí agus cur síos in obair Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007); agus figiúirí ó Scéim Labhairt na Gaeilge (Roinn na Gaeltachta) agus ón Daonáireamh (Príomh-Oifig Staidrimh, 2007).

Tugann na staidéir éagsúla seo léirmheas ar an méid atá ag tarlúint go sochtheangeolaíoch sna Gaeltachtaí. Ach braitheadh gur trí mhodhanna cainníochtúla a bailíodh cuid mhaith den eolas seo agus gur i bhfoirm staitisticí, go príomha, a cuireadh an t-eolas ar fáil. Bhí an taighdeoir den tuairim go gcuirfeadh taighde cáilíochtúil lenár dtuiscint ar na staidéir chainníochtúla seo, gurbh fhiú an t-eolas ba bhun leis na staitisticí a fhiosrú, agus go gcabhródh taighde cáilíochtúil le pictiúr níos iomláine a chruthú den suíomh sochtheangeolaíoch atá i réim sa Ghaeltacht chomhaimseartha.

3.3 An fócasghrúpa

I measc na bpríomh-mhodheolaíochtaí de chuid an taighde cháilíochtúil, áirítear breathnadóireacht rannpháirteach, agallaimh agus fócasghrúpaí. Chun críche an tionscnaimh seo, roghnaíodh an fócasghrúpa mar mhodh taighde. Bhí roinnt fáthanna leis an gcinneadh seo. Deir Merton agus Kendall (1946: 541) gurb í an bhunúsáid atá le fócasghrúpaí, ‘to gather qualitative data from individuals who have experienced some ‘particular concrete situation’ which serves as the focus for the interview’. Is í an taithí atá ag na rannpháirtithe ar an gcóras oideachais Gaeltachta fócas an staidéir seo, rud a fhágann go bhfuil an modh taighde áirithe seo oiriúnach don staidéar seo.

Buntáiste faoi leith a bhaineann le fócasghrúpaí go mbreathnaítear go minic orthu mar mhodheolaíocht atá leath bealaigh idir an bhreathnadóireacht rannpháirteach agus an t-agallamh. Tá tréithe den dá mhodheolaíocht eile sin le feiscint san fhócasghrúpa. Dar le Morgan (1997: 16), ‘Because the researcher defines the discussion topics, focus groups are more controlled than participation observation, and because of the participant-defined nature of group interaction the focus group setting is less controlled than individual interviewing’. Deir sé freisin, ‘Focus groups therefore offer something of a compromise between the strengths of participant observation and individual interviewing’ (*ibid*: 16). Arís, d’fhág seo gur ceapadh go raibh an modh seo oiriúnach don staidéar seo.

Tá roinnt buntáistí praiticiúla a bhaineann le fócasghrúpaí nach miste a lua i dtaca le suíomh an staidéir seo. Ó thaobh ama agus fuinnimh de, tugann an fócasghrúpa an deis don taighdeoir go leor eolais a bhailiú in achar gearr ama.

Chomh maith leis sin, is fusa agus tapúla go mór grúpa daoine a thabhairt le chéile in aon seomra amháin ná taisteal chuig tithe éagsúla chun agallamh a chur ar na rannpháirtithe ina nduine agus ina nduine. Sa chás áirithe seo, ba ghné thábhachtach de chuid an taighde buntáiste seo an fhócasghrúpa ar an ábhar gurb í an Ghaeltacht a bhí i gceist .i. ceantar tuaithe agus teaghlaigh Ghaeltachta ina gcónaí ann a bhí scaipthe amach óna chéile go tíreolaíoch.

Ach taobh amuigh de na buntáistí praiticiúla, bhí gné eile a bhain le grúpa daoine a thabhairt le chéile mar fhócasghrúpaí .i. na dinimicí a bhíonn i gceist leis an idirghníomhú a tharlaíonn idir na daoine a ghlacann páirt sna grúpaí sin. Leagtar an-bhéim ar an ngné seo den fhócasghrúpa; deir Morgan agus Kreuger (1993), 'the comparisons that participants make among each other's experiences and opinions are a valuable source of insights into complex behaviours and motivations' (Morgan agus Kreuger, 1993).

Ina theannta sin, feictear go dtugann an fócasghrúpa seans do dhaoine ábhar nach bpléitear go minic go poiblí a phlé go hoscailte. Is cinnte go mbíonn an Ghaeilge mar ábhar cainte i measc phobal na Gaeltachta sna meáin nó ag cruinnithe poiblí. Ach bhí an taighdeoir seo den tuairim gurb annamh a fhaigheann tuismitheoirí ó scoileanna difriúla an deis cúrsaí oideachais a phlé ná tuairimí a mhalartú maidir leis na cleachtais a fheiceann siad sa scoil áitiúil ná ar an tslí a dtéann sin i bhfeidhm ar a gcuid páistí féin.

Baineann an staidéar seo le nósanna teanga atá fadhbhunaithe taobh istigh de theaglaigh. Baineann sé leis an dearcadh a bhíonn ag daoine ar an teanga. Is minic gur blianta fada ó shin a múnlaíodh an dearcadh a bhíonn ag daoine.

Agus is minic nach gcuimhníonn siad níos mó ar na cúiseanna a bhí leis an dearcadh sin. Cuireann an fócasghrúpa iachall ar rannpháirtithe smaoinemh ar an dearcadh agus ar na tuairimí atá acu agus iad a chíoradh in athuair. Fágann seo go mbíonn deis ag daoine athbhreithniú a dhéanamh ar na luachanna pearsanta atá acu, machnamh a dhéanamh ar na dearcaidh atá acu, agus labhairt go hionraic fúthu i suíomh grúpa. Buntáiste eile a bhaineann le fócasghrúpaí, sa chás seo, is ea gur féidir le tuismitheoirí a dtaithí féin a chur i gcomparáid le taithí tuismitheoirí eile gan aon bhrú a bheith ar aon duine teacht ar ‘réiteach na faidhbe’, agus nach gá aon údar easaontais a chruthú sa ghrúpa trí bheith ag iarraidh an argóint a bhuachaint nó pointe éigin a dhéanamh. Tá sé mar aidhm ag an bhfócasghrúpa deis a thabhairt do dhaoine a gcuid tuairimí a mhalartú i suíomh atá sábháilte agus compordach.

Ar ndóigh, má tá grúpa daoine ag caint lena chéile, tagann laghdú ar an tionchar a d’fhéadfadh an taighdeor a imirt ar an gcaint a dhéantar. Agus tá seans ann go bhféadfadh na daoine sa ghrúpa teacht ar cheisteanna, ar théamaí nó ar phointí eolais nár smaoinigh an taighdeoir orthu ar chor ar bith. Go deimhin, bhíothas ag súil gurb amhlaidh a tharlódh.

Ní bhíonn aon mhodh taighde gan locht, ar ndóigh. Tá roinnt míbhuntáistí a bhaineann leis an bhfócasghrúpa nach miste a lua. Mar a dúradh thuas, de bharr go mbíonn an taighdeoir le feiceáil sa ghrúpa agus gurb é a stiúireann an plé, bíonn an chontúirt ann go mbeadh tionchar aige ar a ndeirtear sa ghrúpa. Tá an baol ann chomh maith go mbeadh tionchar ag na rannpháirtithe ar a chéile. I measc aon ghrúpa daoine a thugtar le chéile, bíonn ‘stádais’ dhifriúla ag na rannpháirtithe ag brath ar an dearcadh atá ag na daoine eile orthu. D’fhéadfadh

sé gur bunaithe ar an gcuma fhisiciúil atá ar dhaoine a bheadh an dearcadh seo, ar an tslí a labhraíonn siad nó, go deimhin, ar an stádas atá acu sa phobal.

D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar na tuairimí a nochtann na rannpháirtithe eile. Moltar go ginearálta nach mbeadh aithne rómhaith ar a chéile ag na daoine a ghlacann páirt i bhfócasghrúpa. Dar le Morgan (1997):

The general rule of thumb favours strangers because, although acquaintances can converse more readily, this is often due to their ability to rely on the kind of taken-for-granted assumptions that are exactly what the researcher is trying to investigate ... This problem is even more severe when the assumptions among acquaintances include invisible boundaries around the subjects that they have tacitly agreed not to discuss (Morgan, 1997: 37-38).

I gcás an staidéir seo, tá líon na ndaoine a bheadh oiriúnach agus toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde chomh beag gur dheacair grúpa a thabhairt le chéile nach mbeadh aithne de chineál éigin acu ar a chéile. I gcásanna áirithe, tá seans go mbeadh aithne phearsanta acu ar an taighdeoir chomh maith. Is gá a bheith ar an airdeall ar an tionchar a d'fhéadfadh sé seo a imirt ar dhinimicí an ghrúpa. D'fhéadfadh sé go mbronnfaí luach áirithe ar an méid a deir baill áirithe den ghrúpa de bharr an stádais atá acu in intinn an taighdeora. Nó sin, d'fhéadfadh eachtra de chineál éigin a tharla sa phobal tionchar a imirt ar an mbealach a nglactar leis an méid a deir rannpháirtithe áirithe.

D'fhéadfadh an dearcadh atá ag an bpobal ar an ábhar cainte tionchar a imirt ar an ngrúpa agus ar an méid a deirtear ann. Tá seans ann, freisin, go mbeadh drogall ar dhaoine labhairt go hionraic nó go hoscailte faoin gcóras scolaíochta

nuair is deacair deighilt a dhéanamh in intinn an duine idir an córas scolaíochta féin agus an scoil áitiúil, go mór mór nuair is eol do gach éinne sa ghrúpa ainm na scoile áitiúla atá i gceist. De bharr go bhfuil na pobail Ghaeltachta chomh beag, tá seans réasúnta ann, freisin, go mbeadh aithne phearsanta nó gaol muinteartha i gceist idir rannpháirtithe an ghrúpa agus foireann na scoile agus go mbeadh imní ar rannpháirtithe go bhfeicfí iad ag cáineadh nó ag lochtú daoine go pearsanta. I gcás mar seo, is furasta an t-amhras a bheadh ann i dtaobh rúndacht an eolais a roinntear sa ghrúpa fócais, a thuiscint. Caithfear aitheantas a thabhairt do na gnéithe seo ar fad agus don tionchar a d'fhéadfaidís a imirt ar an méid a thiteann amach i ngrúpa fócais.

Ní mór don taighdeoir a bheith san airdeall ar na ceisteanna seo agus é i mbun an taighde, lena chinntiú nach dtéann na rudaí seo i bhfeidhm ar an bplé sna fócasghrúpaí ná ar an anailís a dhéanann sé ar na torthaí.

3.4 Ról an taighdeora

Tá ról faoi leith le himirt ag an taighdeoir in aon tionscnamh taighde. Eascraíonn gach tionscnamh as an tsuim atá ag an taighdeoir féin san ábhar atá faoi scrúdú. Ar ndóigh, sa chás gur grúpa daoine, eagraíocht nó comhlacht a dhéanann an obair thaighde, is lú seans go mbeadh tionchar ag aon duine amháin ar an tionscnamh. Ach i gcás an staidéir seo, ós rud é nach raibh ag déanamh an taighde ach duine amháin, is cinnte go mbeadh baol ann gur mó tionchar a bheadh ag dearcaidh agus claonta pearsanta an taighdeora ar an obair ná i gcásanna eile. Braitheadh go láidir go raibh freagracht faoi leith ar an taighdeoir seo iarracht a dhéanamh an obair ar fad a bheith chomh neodrach, neamhspleách agus ab fhéidir.

Is ar an mbonn sin a rinneadh iarrachtaí áirithe tionchar an taighdeora a mhaolú;

- Roghnaíodh fócasghrúpaí seachas agallaimh mar mhodh taighde le go mbeadh béim lárnach ar an bplé a dhein na rannpháirtithe eatarthu féin.
- Roghnaíodh rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí, chomh fada agus a d'fhéadfaí trí ghréasáin shóisialta ar nós Coistí Tuismitheoirí nach raibh aon bhaint dhíreach ag an taighdeoir leo, agus trí 'snowballing' .i. iarradh ar gach duine a ndearnadh teagmháil leo ainm duine eile a mholadh, duine a bheadh sásta nó a mbeadh suim aige/aici páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais.
- Fágadh na ceisteanna a cuireadh sna fócasghrúpaí chomh neodrach agus chomh hoscailte agus a d'fhéadfaí.
- I ngach fócasghrúpa, pléadh ráitis ó thuismitheoirí a baineadh as taighde eile.
- Leagadh béim láidir sna grúpaí ar an tábhacht a bhí le dearcaidh agus tuairimí a roinnt seachas ar réiteach a fháil ar aon fhadhbanna ná teacht ar aontas taobh istigh den ghrúpa.
- Rinneadh taifead de na fócasghrúpaí ar fhuaimrian agus rinneadh na plésheisiúin a thrascríobh ionas go mbeadh foinse chlóite ar fáil de gach focal a d'úsáid na rannpháirtithe agus nach mbeadh taifead na bhfócasghrúpaí ag brath ar nótaí a thóg an taighdeoir í féin.²

Bhí freagracht ar an taighdeoir an plé a stiúradh, ar ndóigh, ionas go gclúdófaí na topaicí a bhí le plé le linn na seisiún agus nach mbeadh teannas mí-réasúnta le haireachtáil i ngrúpa ar bith in aon am.

² Tá na trascríbhinní i seilbh an taighdeora.

3.5 Eitic

Fearacht gach modheolaíocht taighde eile, bhí tábhacht faoi leith ag baint leis an Eitic a cuireadh i bhfeidhm agus na fócasghrúpaí á n-eagrú agus á reáchtáil.

Bhí cód eitice i bhfeidhm sna grúpaí a tugadh le chéile, agus é curtha i bhfoirm litreach. Bhí an litir le síniú ag gach rannpháirtí lena dheimhniú gur tuigeadh na coinníollacha a bhí i bhfeidhm fé mar a bhain siad leis an taighdeoir agus leo féin. Dhein an litir cur síos ar an ngeallúint a tugadh gan aon ainm ná sonra a lua i dtorthaí an staidéir a thabharfadh le fios aitheantas na rannpháirtithe, a gcuid páistí ná na scoileanna a bhí faoi chaibidil. Luadh freisin nach mbeadh aon úsáid eile á baint as an eolas a bailíodh ach amháin mar fhoinsé eolais do thráchtas MA. Agus iad ag síniú na litreach, thuig na rannpháirtithe iad féin go raibh an t-eolas a nochtadh le linn an fhócasghrúpa á bhailiú faoi dhiscreid agus faoi rún. Tá cóip den litir seo le feiscint in Aguisín 1.

Míníodh do na rannpháirtithe go raibh an seisiún plé á thairfeadeadh mar go raibh trascríobh le déanamh ar an gcaint ar fad a rinneadh san fhócasghrúpa. Míníodh freisin gurb é cuspóir an ghrúpa plé ionraic, oscailte a dhéanamh agus go raibh sé de rogha ag rannpháirtithe gan aon rud a rá faoi ábhar faoi leith in aon am le linn an phlé.

I bhfianaise a ndúradh thuas .i. go raibh baol ann go mbeadh aithne phearsanta ar, nó gaol muinteartha le foireann na scoileanna a bhí i gceist ag na rannpháirtithe, leagadh béim ar an tábhacht a bhí le fócas na cainte a choimeád ar an gcóras scolaíochta chomh fada agus ab fhéidir seachas ar aon scoil áitiúil ná ar aon bhall d'fhoireann na scoile sin.

3.6 Ag roghnú na rannpháirtithe

Bhí roinnt fachtóirí le tabhairt san áireamh agus na grúpaí fócais á gcur le chéile.

1. Bhí ar na tuismitheoirí uilig a bheith ina gcónaí i limistéar Gaeltachta de chatagóir A, mar atá cur síos déanta air i gCaibidil 2, agus páistí s'acu a bheith ag freastal ar bhunscoil Ghaeltachta sa chatagóir céanna. Deineadh seo ionas go mbeadh an cúlra teangeolaíoch céanna ag gach rannpháirtí.
2. Bhí ar an tuismitheoir a bheith ag tógaint a cuid páistí le Gaeilge .i. go mbeadh an Gaeilge mar phríomhtheanga don chaidreamh idir í féin agus an páiste.³
3. Bhí ar Ghaeilge an tuismitheora a bheith ag an leibhéal go mbeadh sí in ann í féin agus a cuid tuairimí a chur in iúl go líofa agus go compordach as Gaeilge. Bhí sé tábhachtach go mbeadh spontáineacht agus nádúrthacht chainte mar ghné lárnach den phlé. Braithheadh go mbeadh tuismitheoirí faoi mhíbhuntáiste mura mbeidís in ann gach rud a thuiscint nó mura mbeidís in ann páirt iomlán a ghlacadh sa phlé de bharr cúinse ar bith a bhain le cumas teanga.
4. Míníodh do na teaghlaigh a ndearnadh teagmháil leo gurbh fhearr mura nglacfadh páirt sa ghrúpa ach aon tuismitheoir amháin as gach teaghlach. Deir Krueger agus Casey (2000: 73) go mbíonn baol ann agus lánúin sa ghrúpa céanna go bhfágfaí an chaint ar fad faoi thuismitheoir amháin agus go mbeadh an tuismitheoir eile ina t(h)ost cuid mhaith den am, fiú agus rudaí eile le rá ag an duine sin. É sin, nó go mbeadh baol ann go mbeadh easaontas idir an bheirt, rud a bhainfeadh d'fhócas an ghrúpa agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an méid agus ar an saghas

³ Sa staidéar seo, úsáidfeair 'sí' agus tagairt á déanamh do thuismitheoirí, ó tharla gur máithreacha is mó a bhí páirteach sna fócasghrúpaí. Úsáidfeair 'sé' agus tagairt á déanamh do pháistí.

cainte a dhéanfaí. Socraíodh an fhadhb seo a sheachaint trí gan ach aon duine amháin as gach teaghlach a bheith sa ghrúpa.

5. Níor cuireadh aon srian le haois na rannpháirtithe. Ní raibh de choinníoll ann ach go mbeadh páiste (nó páistí) bunscoile ag na rannpháirtithe.

Cuireadh liosta le chéile de rannpháirtithe féideartha, ar an gcéad dul síos tríd an aithne phearsanta a bhí ag an taighdeoir ar thuismitheoirí áitiúla. Le cur le liosta na ndaoine, rinneadh teagmháil le thuismitheoirí a bhí gníomhach i gCoiste Tuismitheoirí na scoileanna áitiúla. Sa bhreis air sin, úsáideadh an modh ‘snowballing’ chun teagmháil a dhéanamh le thuismitheoirí eile. Cé go bhfuil an baol ann leis an modh seo go mbeadh na grúpaí féinroghnaithe .i. go mbeadh comhdhéanamh na ngrúpaí claonta i dtreo daoine atá den tuairim chéanna, nó a bhfuil pearsantacht faoi leith acu, ba dheacair a leithéid a sheachaint go huile is go hiomlán i staidéar den saghas seo. Ceapadh go bhféadfadh buntáiste a bheith le teagmháil a dhéanamh le thuismitheoirí sa tslí seo mar go raibh seans níos fearr ann go mbeadh an taighdeoir ag caint le thuismitheoirí a raibh machnamh déanta cheana féin acu ar an ábhar a bhí le plé.

3.7 Téamaí na bhfócasghrúpaí

De réir phríomhchuspóirí an taighde, bhí na fócasghrúpaí le bheith dírithe ar na dearcaidh agus na tuairimí a bhí ag thuismitheoirí Gaeltachta ar an gcóras scolaíochta a bhí i bhfeidhm sa Ghaeltacht. Bhí tábhacht faoi leith le leagan ar an gcúlra teangeolaíoch a bhí ag gach páiste agus ar an gcur síos a dhéanadh thuismitheoirí ar chumas agus ar phatrúin teanga a gcuid páistí féin, sa bhaile agus ar scoil. Chuige sin, bhí na ceisteanna agus na téamaí plé do na

fócasghrúpaí roinnte idir dtrí mhórábhar; an suíomh teanga sa bhaile, an suíomh teanga sa bhunscoil agus athbhreithniú ar an suíomh teanga sa bhaile. Cuireadh roinnt mioncheisteanna a bhain le gach mórábhar freisin. Thug na ceisteanna breise seo téamaí eile san áireamh. Is mar seo a bhí bunphlean na n-ábhar cainte;

1 An suíomh teanga sa bhaile

- bunús an pholasaí teanga sa teach
- an patrún teanga a léiríonn páistí agus iad ag labhairt le daoine eile sa teach
 - páistí ag caint le páistí eile i ngrúpa a bhfuil meascán de chumas teanga ann
 - páistí ag caint le páistí eile a bhfuil Gaeilge acu
- dearcaidh na dtuismitheoirí ar nósanna labhartha a gcuid páistí

2 An suíomh teanga ag an mbunscoil

- taithí na dtuismitheoirí ar an tseirbhís naíonra
- an tslí a roghnaíodh an bhunscoil
- tionchar na scoile ar fhorbairt teanga na bpáistí
- áiseanna teagaisc ar scoil
- na múinteoirí scoile
- múineadh na Gaeilge
- polasaí teanga na scoile

3 Athbhreithniú ar chúrsaí teanga na bpáistí

- forbairt Ghaeilge na bpáistí ó thosaigh siad ar scoil
- dearcaidh agus mothúcháin i dtaobh athruithe ar chaighdeán Gaeilge na bpáistí

- an tslí a dhéileálann tuismitheoirí le hathruithe ar phatrúin teanga na bpáistí

4 Plé ar ráitis a rinne tuismitheoirí eile Gaeltachta

3.8 Ag reáchtáil na bhfócasghrúpaí

Tar éis thiomsú an liosta, cuireadh gaoch gutháin ar na daoine a bhí ar an liosta sin. Míníodh do gach duine an fáth a raibh an fócasghrúpa ar siúl agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann. Socraíodh go mbeadh ceithre ghrúpa fócais ann. Socraíodh gur grúpaí beaga a d'úsáidfí de bharr nádúr casta, pearsanta an ábhair a bhí le plé. Bhíodhas den tuairim gur fearr an seans a bhí ann go ndéanfaí plé níos doimhne dá mba líon beag daoine a bheadh i gceist.

Socraíodh am agus áit leis na rannpháirtithe ar fad agus cuireadh gaoch gutháin eile ar chuile dhuine an lá roimh an gcruinniú lena mheabhrú dóibh.

Reáchtáladh na grúpaí fócais idir 18 Meitheamh agus 16 Iúil 2008. Reáchtáladh iad in dhá áit dhifriúla .i. halla pobail agus seomra de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

I gCaibidil 4, déanfar cur síos ar a raibh le rá ag na tuismitheoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí a reáchtáladh.

Caibidil 4 - Na Torthaí

4.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, déanfar cur síos ar an obair thaighde a deineadh, ar na fócasghrúpaí a reáchtáladh, ar na ceantair inar reachtáladh iad, ar na rannpháirtithe a ghlac páirt iontu agus ar na téamaí a pléadh. Bhí roinnt ceisteanna réitithe ag an taighdeoir agus iad bunaithe ar théamaí faoi leith a raibh suim ag an taighdeoir iontu. Ach cuireadh ceisteanna eile freisin de bharr téamaí a d'ardaigh na rannpháirtithe as a stuaim féin. Déanfar cur síos ar na hábhair eile siúd, freisin. Tá cóip de na príomhcheisteanna a cuireadh ag gach seisiún ar fáil in Aguisín 2.

Agus mé mar áisitheoir ar na grúpaí fócais, baineadh siar asam chomh toilteanach agus chomh hionraic is a bhí na tuismitheoirí a ghlac páirt iontu agus iad ag caint go hoscailte faoina saol féin. Ba léir, cé gur leag siad an-tábhacht ar an ábhar go pearsanta, go raibh siad sásta labhairt go hoscailte i suíomh grúpa. Chuir ionracas na rannpháirtithe go mór leis an eolas a bailíodh sna fócasghrúpaí.

4.2 Na fócasghrúpaí agus na rannpháirtithe

Reáchtáladh ceithre fhócasghrúpa le linn Mhí an Mheithimh agus Mhí Iúil na bliana 2008. Cuireadh trí cinn acu ar siúl i gceantar Chois Farraige, Co. na Gaillimhe, agus ceann eile ar an gCeathrú Rua sa chontae céanna. Tá an dá limistéar seo aitheanta mar cheantair Ghaeltachta de Chatagóir A de réir an rangaithe is comhaimseartha atá ar fáil (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007), rangú a bhfuil cur síos déanta air i gCaibidil 2.

| | Líon na Rannpháirtithe | | Fad an tseisiúin |
|---------------|------------------------|----------------|----------------------|
| | Líon na mBan | Líon na bhFear | |
| Grúpa A | 4 | 1 | 1 uair agus 45 nóim. |
| Grúpa B | 2 | 2 | 1 uair agus 10 nóim. |
| Grúpa C | 3 | 0 | 1 uair agus 35 nóim. |
| Grúpa D | 6 | 0 | 1 uair agus 25 nóim. |
| Iomlán | 15 | 3 | |

Tábla 3: Comhdhéanamh na bhFócasghrúpaí agus Fad na Seisiún

Is ocht nduine dhéag a bhí páirteach sna fócasghrúpaí ina n-iomláine. Is cainteoirí dúchais ceithre dhuine dhéag acu siúd, agus is cainteoirí líofa Gaeilge an triúr eile a raibh an Béarla mar phríomhtheanga acu. Rinne tuismitheoir amháin cur síos uirthi féin mar chainteoir maith Gaeilge.

Is as ceithre scoil dhifriúla na tuismitheoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Bhí na rannpháirtithe idir 26 agus 55 bliain d’aois agus bhí réimse aoise a gcuid páistí ag dul ó Rang na Naíonán Beag suas go dtí Rang 6.

Agus na fócasghrúpaí tagtha le chéile, fuarthas níos mó eolais fós maidir le cúlra sochtheangeolaíoch na dtuismitheoirí iad féin. Bailíodh roinnt eolais phearsanta mar gheall ar na rannpháirtithe nuair a líon siad amach an fhoirm eolais ag tús an tseisiúin. Tá cóip den fhoirm eolais le fáil in Aguisín 3. Sholáthair siad tuilleadh eolais phearsanta fúthu féin ó bhéal le linn na seisiún féin. Chonacthas, mar shampla, gur dhein tuismitheoir amháin cur síos uirthi féin mar chainteoir dúchais cé nach raibh aon Ghaeilge aici nó go ndeachaigh sí ar scoil. Dhein

tuismitheoir eile an cur síos céanna uirthi féin, ach tugadh le fios gur taobh amuigh den Ghaeltacht a rugadh í ach gur tógadh le Gaeilge í sular bhog an teaghlach go dtí an Ghaeltacht. Thug tuismitheoir eile sa ghrúpa le fios go raibh tuismitheoir amháin aici féin nach raibh aon Ghaeilge aici, agus arís, dhein an tuismitheoir sin cur síos uirthi féin mar chainteoir dúchais. Tháinig eolas eile chun solais faoi thuismitheoirí na rannpháirtithe, chomh maith le cúlra teangeolaíoch a bpáirtithe féin.

Ach briseadh síos a dhéanamh ar rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí de réir cumas teanga agus comhdhéanamh an teaghlaigh sna téarmaí a úsáideadh ar na foirmeacha a líon na rannpháirtithe iad féin, d'fhéadfaí iad a rangú mar seo a leanas:

| | |
|---|-----------|
| Cainteoir Dúchais pósta le Cainteoir Dúchais | 11 |
| Cainteoir Dúchais pósta le Cainteoir Líofa | 2 |
| Cainteoir Líofa pósta le Cainteoir Líofa | 3 |
| Eile (Tuismitheoir singil, Cainteoir Dúchais pósta le páirtí nach bhfuil Gaeilge acu) | 2 |
| Líon na Rannpháirtithe | 18 |

Tábla 4: Caidreamh idir na Rannpháirtithe agus a bPáirtithe de réir Cumas Labhartha Gaeilge

Mar a fheictear ón tábla thuas, bhí aon tuismitheoir déag ann as ochtar tuismitheoirí déag ar fad a bhí ina mbaill de theaghlach a raibh beirt chainteoirí dúchais ann. Bhí triúr cainteoirí dúchais ann a bhí pósta le daoine le cumas Gaeilge ba laige ná a gcumas féin. Bhí seachtar tuismitheoirí ann a bhí ina

mbaill de theaghlach a raibh tuismitheoirí ó chúlra eile sochtheangeolaíoch acu. Triúr de na tuismitheoirí seo, bhí an téarma ‘cainteoir líofa’ roghnaithe acu chun cur síos a dhéanamh ar a gcumas Gaeilge.

Léirigh na sonraí seo ar fad go bhfuil an meascán sochtheangeolaíoch seo mar thréith láidir ag na teaghlaigh Ghaeltachta chomhaimseartha agus go bhfuil impleachtaí ag an meascán seo do chomhdhéanamh an chéad ghlúin Ghaeltachta eile.

4.3 Na torthaí

4.3.1 An suíomh teanga sa bhaile

Cuireadh tús leis na plésheisiúin faoin suíomh teanga sa bhaile le ceist faoin tslí ar roghnaigh na tuismitheoirí an teanga teaghlaigh a bheadh acu.

4.3.1.1 Bunús an pholasaí teanga sa teach

Bhí sé soiléir ó na freagraí a tugadh nach raibh aon chinneadh comhfhiosach le déanamh ag formhór na rannpháirtithe i dtaobh na teanga a labhróidís mar ghnáth-theanga chaidrimh sa teach. Is í an Ghaeilge a roghnaíodh sa chuid is mó de na teaghlaigh mar gheall gur cainteoirí dúchais nó cainteoirí líofa Gaeilge iad na tuismitheoirí. Tuairiscíodh nár smaoinigh an chuid is mó de na tuismitheoirí ar an gceist teanga ná nár deineadh aon phlé fúithi. Dúradh freisin nár cruthaíodh aon teannas sa chaidreamh idir na tuismitheoirí de bharr an Ghaeilge a bheith mar theanga teaghlaigh.

I gcás cúig theaghlach, bhí cúinsí eile le tabhairt san áireamh;

- Bhí teaghlach amháin tar éis filleadh ar Éirinn tar éis tréimhse fhada a chaitheamh i dtír nárbh é an Béarla teanga na tíre. Is Gaeilge a bhí ag tuismitheoir amháin agus is í an teanga eile a bhí ag an tuismitheoir eile.
- I gcás teaghlach eile, bhí páistí uchtaithe sa chlann. Is teanga eile seachas an Béarla a bhí ag na páistí siúd sular tháinig siad chun cónaithe in Éirinn.
- I gcás teaghlach amháin eile, thar lear a rugadh na páistí agus bhí cumas cainte forbartha ag an gcéad pháiste faoin am ar tháinig siad abhaile.
- I gcás dhá theaghlach eile, is cainteoirí Béarla na tuismitheoirí a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar dhaoine fásta.

I ngach cás den chúig theaghlach seo, is cinneadh comhfhiosach a bhí ann Gaeilge a labhairt leis na páistí. Luadh mar chúis leis an gcinneadh an meas a bhí ag na tuismitheoirí ar chultúr na Gaeltachta agus gur mhian leo go mbeadh a gcuid páistí in ann páirt iomlán a ghlacadh sa dá phobal teanga Gaeltachta. Maidir le trí cinn de na teaghlaigh seo, braitheadh go raibh ag éirí réasúnta maith leo tuiscint na Gaeilge a chothú sna páistí, agus i gcás dhá theaghlach go raibh ag éirí thar cionn leo an Ghaeilge a bheith in úsáid mar ghnáth-theanga teaghlaigh.

Cé go ndúirt na tuismitheoirí ar cainteoirí dúchais iad nach raibh aon phlé déanta acu lena bpáirtí faoi Ghaeilge a labhairt lena gcuid páistí, agus nach cinneadh comhfhiosach a bhí ann ag a bhformhór, thug ceathrar tuismitheoirí le fios ag pointí éagsúla gur chreid siad go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a

choimeád mar theanga teaghlaigh agus gurb é an baile an áit is fearr le Gaeilge a mhúineadh do pháistí. Mar a dúirt duine acu, *'Caithfidh sé tosú sa mbaile'*.

Leagadh béim mhór ar an tionchar diúltach a bhíonn ag tuismitheoirí, ní hamháin tuismitheoirí Galltacha ach tuismitheoirí Gaeltachta freisin, a roghnaíonn gan Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí agus iad ag cur fúthu sa Ghaeltacht. Tugadh moladh do tuismitheoirí nach de bhunadh na Gaeltachta iad: *'[Is] mó [Gaeilge] a labhraíonn siad ná a labhraíonn muintir na háite féin'*. Tuairiscíodh go ndéanann na tuismitheoirí seo *'chuile iarracht'* Gaeilge a fhoghlaim, agus í a labhairt lena gcuid páistí.

4.3.1.2 Patrúin teanga – páistí ag caint le daoine eile sa teach

Níor chruthaigh an Ghaeilge aon teannas idir formhór na dtuismitheoirí agus a gcuid páistí. Bhí na páistí in ann agus toilteanach an Ghaeilge a labhairt lena dtuismitheoirí agus níor briseadh an nós sin fiú amháin leis na páistí eile sa teach a bhí níos sine ná aois bunscoile.

Is í an Ghaeilge a bhí mar ghnáth-theanga cumarsáide i ngach teaghlach, cé is moite de dhá theaghlach a bhraith nach raibh an Ghaeilge tugtha leo go maith ag a gcuid páistí. Sna cásanna seo, is dioscúrsa dátheangach a bhí ar siúl de ghnáth idir na tuismitheoirí agus na páistí .i. gur labhair na tuismitheoirí Gaeilge agus gur thuig na páistí iad ach gur i mBéarla a d'fhreagair siad iad. Bhraith na tuismitheoirí i ngach cás go raibh tuiscint an-mhaith ag na páistí ar an nGaeilge agus bhí dóchas acu go dtiocfadh dóthain forbartha ar Ghaeilge na bpáistí le go mbeidís in ann, agus toilteanach, Gaeilge a labhairt leis na tuismitheoirí sna blianta amach rompu.

Deineadh plé ar na patrúin teanga a léirigh páistí agus iad ag caint le páistí eile. Aithníodh dhá shuíomh dhifriúla. Ar an gcéad dul síos, pléadh na patrúin teanga a léirigh páistí agus iad i gcomhlúadar measctha .i. iad a bheith in éineacht le páistí a raibh Gaeilge acu chomh maith le páistí gan Ghaeilge. Léirigh na tuismitheoirí go raibh an claonadh ann i measc páistí bunscoile Béarla a labhairt lena chéile dá mba rud é go raibh páiste i láthair nach raibh Gaeilge acu nó nár labhair an Ghaeilge mar theanga teatghlaigh. Thuairiscigh siad go labhródh chuile dhuine acu Béarla sa chás *‘[go raibh] duine amháin sa ghrúpa a labhraíonn Béarla sa mbaile’*.

Thug gach tuismitheoir le fios nach raibh aon fhadhb ann nuair a labhair a gcuid páistí Béarla le cuairteoirí a tháinig chun tí, ná le cairde nó gaolta nach raibh aon Ghaeilge acu. Dúradh nár chruthaigh sé aon fhadhb an dá theanga a bheith in úsáid sa teach nuair a bhí daoine eile i láthair; gurb é an nós a bhí ann i dtromlach na dteaghlach, go labhródh na páistí Béarla leis na cuairteoirí ach go labhróidís i nGaeilge dá mbeidís ag labhairt lena dtuismitheoirí.

Ba é an dara suíomh a pléadh páistí ag caint le páistí eile a raibh Gaeilge acu. Thug na tuismitheoirí le fios gur minic go n-iompaíonn na páistí ar an mBéarla. Thug tuismitheoir amháin le fios gur thug sí é seo faoi deara fiú i measc páistí a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu; *‘tagann cairde leis as an rang chuig an teach ... a rugadh agus tógadh i gConamara, agus tá siad ag labhairt Béarla’*. Agus thuairiscigh tuismitheoir eile gur Béarla a bhíonn ag páistí le Gaeilge agus iad i gcomhlúadar a chéile; *‘thiar i gcúl [an chairr]. Béarla, Béarla’*.

4.3.1.3 Dearcaidh na dtuismitheoirí ar nósanna labhartha a gcuid páistí

Níor tugadh aon mhíniú ar an athrú ó Ghaeilge go Béarla i measc páistí óga. Ach léirigh tuismitheoir amháin gur chreid sí go dtéann páistí trí thréimhse ina saol nuair *‘[is] tábhachtaí dóibh a bheith ag breathnú ‘cool’ ná cén teanga atá siad a labhairt’* agus gur mar gheall air sin a d’iompaigh siad ar an mBéarla.

D’aontaigh roinnt tuismitheoirí eile leis an tuairim a léiríodh gur rud é seo a tharla riamh sa Ghaeltacht .i. go ndeachaigh páistí (déagóirí go hiondúil) trí thréimhse inar labhair siad Béarla lena gcuid cairde. De réir thaithí na dtuismitheoirí seo, agus iad féin ina ndéagóirí, bhí go leor déagóirí ann *‘[a d’iontaigh] ar an mBéarla ... ach ansin a d’iontaigh ar ais. Agus le Gaeilge a thóg siad a gclann’*.

Tuairiscíodh go mbíonn sé de nós ag na páistí níos aosta sa teaghlach Béarla a labhairt lena gcuid cairde ar an bhfón agus ina seomra féin sa teach. Is cairde iad seo a bhfuil Gaeilge ón gcliabhán acu. Ach ag an am céanna, chloígh na páistí seo leis an nGaeilge agus iad ag labhairt lena gcuid tuismitheoirí.

Cé gur aontaigh cuid mhaith de na rannpháirtithe go raibh an nós seo sa Ghaeltacht le fada, aontaíodh chomh maith go raibh an saol difriúil anois, *‘[go raibh] cumas Béarla ag gach páiste ag aois an-óg’*. Léirigh beirt tuismitheoirí inní mar gheall ar an gcleachtas seo (páistí ag iompú ar an mBéarla), mar gheall ar chomh hóg is a bhí na páistí. Mar a dúirt tuismitheoir amháin, *‘[Beidh] tionchar aige sin síos an bóthar ... Má tá cleachtadh acu a bheith ag labhairt Béarla le duine, is Béarla a labhróidh siad leis an duine sin i gcónaí’*. Agus dúirt

tuismitheoir eile, *‘Má tá cleachtadh ag na gasúir ar Bhéarlóireacht le chéile, ó aois an-óg, níl baol ar bith go n-iontóidh siad ar ais ar aon Ghaeilge.’*

4.3.2 An suíomh teanga ag an mbunscoil

Cuireadh tús leis na plésheisiúin faoin suíomh teanga ag an mbunscoil le plé faoin taithí a bhí ag na tuismitheoirí ar an tseirbhís naíonra cé nach raibh sé i gceist ag an taighdeoir díriú chomh mór sin ar an tréimhse seo i saol na bpáistí.

4.3.2.1 Taithí na dtuismitheoirí ar an tseirbhís naíonra

Labhair tuismitheoirí as a stuaim féin agus ar feadh tréimhse fhada faoin naíonra. Pléadh an taithí a bhí ag tuismitheoirí ar an tseirbhís naíonra ar bhain siad úsáid aisti. Bhí gach uile thuismitheoir den tuairim gurb iontach an áit do pháistí an naíonra chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a fhorbairt. D’fhreastail formhór na bpáistí ar naíonra lánGhaelach .i. naíonra a reáchtáladh trí mheán na Gaeilge don phobal i gcoitinne. Is é an dearcadh coiteann a bhí ann gur chabhraigh an naíonra le scoth na Gaeilge a chothú i measc páistí óga.

4.3.2.2 An tslí ar roghnaíodh an bhunscoil

Agus iad ag roghnú bunscoile dá gcuid páistí, níor léirigh aon tuismitheoir gur chuir siad cúinsí teanga san áireamh. Ar na fáthanna ba chúis le roghnú na scoile, luadh gurbh í an scoil ba ghaire dóibh í, gurbh fhearr leo scoil bheag ná scoil mhór, agus gurbh í an scoil chéanna í ar fhreastail siad féin uirthi.

Nuair a cuireadh ceist ar fhiosraigh aon tuismitheoirí an raibh polasaí teanga ag an mbunscoil, ní dúirt aon tuismitheoir gur fhiosraigh. Dúirt beirt tuismitheoirí go raibh a fhios acu go raibh cáil ar an scoil áitiúil de bharr cúrsaí Gaeilge, agus

dúirt duine amháin eile go raibh a fhios aige go raibh an príomhoide sa scoil a roghnaíodh *'an-bháúil'* leis an nGaeilge. Ach sa dá chás sin, roghnaíodh an scoil ar na cúiseanna a luadh thuas seachas ar chúiseanna a bhain le seasamh na Gaeilge san áit.

4.3.2.3 Tionchar na scoile ar fhorbairt teanga na bpáistí

Léirigh mionlach de thuismitheoirí nár cheap siad go raibh aon tionchar ag an scoil ar an méid ná ar an saghas Gaeilge a bhí ag a gcuid páistí. Ach bhí tromlach mór na dtuismitheoirí den tuairim go raibh tionchar ollmhór ag an scoil ar Ghaeilge a gcuid páistí. Is é a bhí le rá acu faoin dea-obair a bhí déanta ag an naíonra, ó thaobh na Gaeilge de, *'gur imigh sé sin uilig nuair a chuaigh [na gasúir] chuig an scoil sa Ghaeltacht'*.

Thug tuismitheoir amháin le fios, ina tuairim féin, *'nár dearnadh forbairt ar bith ar chumas Gaeilge an ghasúir'* ó thosaigh sé ar scoil. Beidh an páiste seo ag dul isteach i Rang 6 an chéad scoilbhliain eile. D'aontaigh formhór na dtuismitheoirí eile leis an tuairim seo. Go deimhin, bhí beirt eile ann a dúirt nach amháin nach raibh aon fhorbairt tagtha ar Ghaeilge a gcuid páistí ach go raibh caighdeán na Gaeilge acu tite go mór ó thosaigh siad ar scoil.

Léirigh tuismitheoir eile, cé nach raibh Gaeilge mhíchruinn á labhairt ag a cuid páistí, nach raibh an Ghaeilge a labhair siad chomh saibhir is a bhíodh sular thosaigh siad ar scoil. Cheap sí go raibh an Ghaeilge a bhí ag a cuid páistí éirithe *'níos uisciúla'*.

Is é an chúis a bhí leis an titim cumais seo, a dúirt tuismitheoir amháin, go raibh ar an scoil an curaclam a leanúint agus nach raibh an saibhreas ná an fhorbairt teanga a bhí ar fáil sa naíonra mar chuid den churaclam bunscoile.

Luadh cúis eile fós leis an athrú i gcumas Gaeilge na bpáistí, is é sin an cleachtas a bhí ann páistí le Gaeilge a tháinig isteach sa scoil a scarúint óna chéile agus a scaipeadh amach i measc páistí le Béarla. Bhí tromlach na dtuismitheoirí den tuairim go raibh páistí le Gaeilge scartha óna chéile i rang na Naíonán Beag. Ní fhaca formhór na dtuismitheoirí aon dochar sa chleachtas seo. Ceapadh go raibh sé mar bhuntáiste ag na páistí go meascfaí agus go n-athrófaí timpeall go minic sa rang iad ionas go gcuirfidís aithne ar gach páiste sa rang agus gur chun leasa na bpáistí gurb amhlaidh a deineadh. Dúirt tuismitheoir amháin, áfach, gur cheap sí go raibh sé mar pholasaí ag múinteoirí faoi leith é seo a dhéanamh – nach raibh sé mar pholasaí scoile – agus gur lean an cleachtas ar aghaidh tar éis rang na Naíonán Beag, fiú. Chonacthas don tuismitheoir seo go raibh impleachtaí ag an gcleachtas seo maidir le hiompar teanga a páiste. Ina tuairim féin, níor chabhraigh an cleachtas seo in aon chor mar *'is Béarla a thosaigh sé ag caint'*.

Nuair a ceistíodh an tuismitheoir seo ar cheap sí go raibh brú ansin ar a páiste Béarla a labhairt, dúirt sí nár cheap. Ní raibh aon bhrú ar a páiste Béarla a labhairt ach labhair sé é, mar, *'ní raibh sé ag iarraidh titim amach [leis na páistí eile]'*. Thug an tuismitheoir seo le fios, áfach, go raibh tionchar éigin aige seo ar nósmaireacht chainte a páiste, mar dúirt sí, *'ansin ó na ranganna scoile, chuaigh sé amach sa gclós agus thosaigh sé ag caint Béarla sa gclós'*.

I gcás na ranganna sinsir sa scoil, bhí an tuairim ag tuismitheoirí go raibh tionchar láidir ag an scoil ar an bhforbairt teanga, ó thaobh na Gaeilge de, a dhein páistí ar cainteoirí Gaeilge iad. Ghoill sé go mór orthu go raibh an méid sin Béarla measctha tríd an nGaeilge ag a gcuid páistí. Dúirt tuismitheoir amháin, *‘Déarfainnse go bhfuil Gaeilge mhaith ag mo chuid gasúr ach go bhfeicim ... go bhfuil go leor focla Béarla anois measctha tríd an nGaeilge’*.

Chuir triúr tuismitheoirí in iúl gur cheap siad go raibh béim mhór ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge sa scoil. Tugadh moladh do na múinteoirí as an iarracht a dhéanann siad scileanna litearthachta na Gaeilge a fhorbairt sna páistí. Ach thug formhór na dtuismitheoirí le fios gur cheap siad gur mó an bhéim a bhí ar an mBéarla ná ar an nGaeilge ar scoil ó thaobh scileanna litearthachta de. D’aontaigh tromlach na dtuismitheoirí leis an bpointe sin. Ach maidir leis an mbéim seo ar an mBéarla, dar le tuismitheoir amháin, ní hé go raibh cinneadh comhfhiosach déanta ag na múinteoirí béim a chur ar an mBéarla ach go raibh *‘easpa uafásach áiseanna as Gaeilge’* ann. D’fhág sin nach raibh na háiseanna céanna ar fáil as Gaeilge agus a bhí as Béarla, mar shampla, leabhair, téipeanna, fístéipeanna agus DVDanna; *‘níl [siad] ann sa nGaeilge’* a dúirt sí.

Luadh an pointe i ngach grúpa go raibh páistí in ann an Béarla a thabhairt leo níos éasca ná an Ghaeilge, de bharr an *‘cumas Béarla atá ag gach páiste sa lá atá inniu ann’* agus mar gheall go bhfuil *‘an Béarla níos éasca le foghlaim’*.

Maidir le cúrsaí litearthachta agus forbairt na Gaeilge agus an Bhéarla, arís, bhí formhór na dtuismitheoirí den tuairim gur tháinig páistí isteach ar an mBéarla

níos tapúla ná ar an nGaeilge. Níor bhain sé seo leis an méid leabhar Béarla a bhí ann ar scoil ach leis na fuaimeanna atá sa Ghaeilge nach bhfuil sa Bhéarla. D'aithin na tuismitheoirí na fadhbanna a bhí ag a gcuid páistí leis an nGaeilge, *'Tá fadhbanna ag [ainm an ghasúir] ... ó thosaigh sé ag an scoil ... le caol agus leathan'*. Luadh freisin roinnt pointí foghraíochta a bhain leis an nGaeilge a chruthaigh fadhbanna do chainteoirí óga Gaeilge. Dúirt tuismitheoir amháin, *'nuair a fheiceann tusa 'd' i mBéarla, tá a fhios agat gur 'd' [atá ann]. Nuair a fheiceann tú 'd' i nGaeilge, d'fhéadfadh sé gur 'di' atá ann ... nó 'dh' ag brath ar 'h' atá ag teacht ina dhiaidh'*.

Mhol beirt tuismitheoirí gur cheart díriú isteach ar an nGaeilge ar dtús ar scoil. Dúirt tuismitheoir amháin, *'Níor cheart go ... múiní d'óibh ach Gaeilge an chéad bhliain ... díriú isteach air sin'*. Agus luaigh tuismitheoir eile an t-eolas a bhí aici faoi, *'an taighde is nua atá ann a deir gur cheart go mbeadh léitheoireacht chumasach ag gasúir i dteanga amháin ar dtús, sula dtosóidh siad ar an dara teanga'*. Nuair a cuireadh ceist ar an tuismitheoir seo arbh fhéidir le páistí an dá theanga a thabhairt leo ag an am céanna, dúirt sí nár cheap sí gurbh fhéidir; *'Ceann amháin, ansin an ceann eile'* a dúirt sí.

Dúirt cúigear tuismitheoirí gur cheap siad go raibh sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh Béarla ag a gcuid páistí. Agus, *'buíochas le Dia, go bhfuil,'* a dúirt duine acu. Ach dhein tuismitheoir amháin an pointe go láidir go raibh díomá uirthi leis an easpa dul chun cinn a bhí déanta ag a clann sa Ghaeilge. Labhair triúr tuismitheoirí faoin tuairim a bhí acu go raibh an scoil ar nós cuma liom faoi pháistí a raibh Gaeilge ón gcliabhán acu. D'aontaigh formhór na dtuismitheoirí leis an tuairim sin. Bhí siad den tuairim go raibh neamhaird á tabhairt ag na

múinteoirí ar pháistí le Gaeilge; *'Tá a ndóthain Gaeilge acu sin, tá siad sin togha agus gheobhaidh siad sin a gcuid marcanna'*. Braitheadh freisin go raibh na múinteoirí ag ligint na Gaeilge le sruth, *'go bhfuiltear ag tabhairt cead ... do Ghaeilge na ngasúr atá tógtha le Gaeilge sa mbaile a fháil níos laige'*.

Cháin siad an córas a bhí in ann cúnamh breise a chur ar fáil do pháistí gan Ghaeilge, ach nach raibh in ann aon chúnamh a chur ar fáil dóibh siúd arb í a dteanga dhúchais í; *'Tá chuile chineál cabhair anois ar fáil do dhaoine atá lag sa nGaeilge ... ach an dream atá láidir, tá siad sin ag teacht anuas'*.

Dhein tuismitheoir amháin achoimre mar seo ar an scéal, *'[lad siúd] a bhfuil Gaeilge acu, agus neart Gaeilge acu sa mbaile, [tá] siadsan ceart go leor. Is [é] an dream atá lag, iadsan a thabhairt suas. Ach is é atá ag tarlú, tá siadsan ag tarraingt anuas an dream atá láidir'*.

Ag caint go ginearálta faoi fhorbairt teanga na bpáistí uilig sa scoil, bhí tuismitheoir amháin amhrasach faoin méid a deir na múinteoirí scoile. Bhí an tuismitheoir seo den tuairim nach raibh caighdeán Gaeilge chomh maith sin ag páistí áirithe ar scoil, in ainneoin a ndúirt na múinteoirí; *'Tá cairde éagsúla ag mo pháiste ... agus tá siad ann ó ... tosaíodh ar scoil ach níl aon Ghaeilge acu. Agus deireann na múinteoirí go bhfuil Gaeilge anois ag chuile duine acu, ach níl'*. Dúirt an tuismitheoir céanna, *'Deir siad faoin am go mbíonn siad i Rang 6 go bhfuil Gaeilge ag gach páiste. Níl sé sin fíor. Cur i gcéill atá ann'*.

4.3.2.4 Áiseanna teagaisc ar scoil

Agus áiseanna teagaisc á bplé ag tuismitheoirí, ardaíodh an pointe gur cheart go ndéanadh scoil Ghaeltachta gach iarracht áiseanna as Gaeilge a úsáid. Luaigh tuismitheoir amháin na bogearraí Béarla a bhíonn in úsáid ar na ríomhairí ar scoil, agus nach bhfaca sí aon CD-ROManna Gaeilge in úsáid ag an scoil.

Luadh go raibh an chosúlacht ar an scéal nach raibh aon iarracht á déanamh ag an scoil an bogearra a bhí ar fáil i nGaeilge a úsáid.

Roinnte ina dhá chuid a bhí an plé ar áiseanna teagaisc. I dtús báire, pléadh na leabhair Ghaeilge atá ar fáil chun ábhair éagsúla a mhúineadh. Maidir leis na leabhair a bhí roghnaithe ag na múinteoirí le húsáid sa seomra ranga, dar le tuismitheoir amháin, *'Níl siad ach réasúnta'* agus *'D'fhéadfadh siad dul amach agus cinn níos fearr a fháil'*. Cáineadh go láidir na leabhair Ghaeilge atá ar fáil chun ábhair eile a mhúineadh, seachas an Ghaeilge í féin, go mór mór an leabhar matamaitice. Deineadh cur síos ar an saghas Gaeilge a bhí sa leabhar matamaitice mar *'Double Dutch'*. Dúirt naonúr tuismitheoirí go raibh leagan Béarla an leabhair mhata ceannaithe acu le go mbeidís in ann ciall a bhaint as an nGaeilge a bhí in úsáid ann. Luadh freisin an leabhar a úsáidtear le haghaidh an Teagaisc Chríostaí mar cheann eile a raibh deacrachtaí ag páistí agus tuismitheoirí Gaeltachta leis.

Nuair a cuireadh ceist ar na rannpháirtithe an raibh na múinteoirí ar an eolas faoi na deacrachtaí a bhí ag páistí agus tuismitheoirí araon leis na leabhair, dúirt triúr tuismitheoirí go raibh, agus go raibh sé de nós ag an scoil áitiúil leathanaigh as an leabhar a chuir abhaile mar obair baile, agus go mbíodh an Ghaeilge ar na leathanaigh clúdaithe le *Tippex* agus *'Gaeilge cheart'* curtha ag

an múinteoir orthu. Tuairiscíodh gur mar chabhair do na páistí agus do na tuismitheoirí araon a rinneadh sin.

Maidir leis na deacrachtaí a bhí ag páistí agus tuismitheoirí leis na téacsleabhair a bhí ar fáil, moladh i ngrúpa eile go gcuirfeadh an scoil gluais ar fáil do pháistí chun na téarmaí matamaitice is deacra a mhíniú i mBéarla. D'aontaigh formhór na dtuismitheoirí leis an smaoineamh seo. Dúirt tuismitheoir amháin sa ghrúpa seo, áfach, gur droch-chleachtas a bheadh ansin. Léirigh an tuismitheoir seo gurbh fhearr an réiteach ar an bhfadhb scileanna léitheoireachta na bpáistí a fheabhsú. Nocht an tuismitheoir an tuairim go raibh téarmaí matamaitice deacair in aon teanga ach má bhí deacrachtaí ag páistí an Ghaeilge a léamh ar an gcéad dul síos gur luigh sé le réasún go mbeadh deacrachtaí acu le téarmaíocht dheacair a thuiscint. Is túisce a mholfadh an tuismitheoir seo an leibhéal léitheoireachta atá ag páistí Gaeltachta a ardú ná leibhéal Gaeilge na leabhar a ísliú, nó go deimhin, téarmaí Béarla a scríobh isteach sna téacsleabhair.

Deineadh plé ar na háiseanna eile a úsáideadh chun an Ghaeilge a mhúineadh. Ach in ainneoin gur deineadh iarracht plé a dhéanamh ar na téacsleabhair a bhí ann chun an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar, níor luaigh na tuismitheoirí aon leabhar Gaeilge ach amháin na leabhair léitheoireachta Ghaeilge atá ar fáil agus in úsáid sna scoileanna.

Bhí go leor tuismitheoirí den tuairim nach raibh na leabhair léitheoireachta Ghaeilge ar aon chaighdeán leis na leabhair léitheoireachta Bhéarla. Mar a dúirt tuismitheoir amháin, *'Má leagann tusa [an leabhar Gaeilge] agus [an leabhar*

Béarla] in aice le chéile, tá an cumas Béarla atá ag teastáil uait i bhfad níos casta ná na rudaí beaga simplí seo atá scríofa [sna leabhair Ghaeilge]’.

Agus na difríochtaí seo á bplé, nochtadh an tuairim nach raibh na leabhair Ghaeilge ‘dírithe ceart ar an gcaighdeán Gaeilge atá ag na gasúir’. Is túisce, a dúradh, na leabhair Ghaeilge dírithe, ‘ar an ngasúr atá ag foghlaim Gaeilge mar dhara teanga’.

Bhí triúr tuismitheoirí den tuairim go raibh an-dul chun cinn déanta ag an scoil áitiúil maidir leis an léitheoireacht Ghaeilge a fhorbairt agus go raibh ag éirí thar cionn leis na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh na páistí a chur ag léamh i nGaeilge. Ach chuir tromlach mór de na tuismitheoirí in iúl go mbíonn fadhbanna ag a gcuid páistí leis an léitheoireacht Ghaeilge agus nach raibh a ndóthain léitheoireachta Gaeilge ar siúl acu ar scoil. Dúirt tuismitheoir amháin gur thug sí faoi deara nach mbíonn oiread is leabhar amháin Gaeilge le feiscint ar an leabharliosta a chuirtear abhaile gach bliain ón scoil, leabhair a bhíonn le léamh ag gach páiste le linn na bliana.

4.3.2.5 Na múinteoirí scoile

Bhí na tuismitheoirí i ngach grúpa den tuairim go raibh múinteoirí den scoth ag obair sna scoileanna Gaeltachta agus ba léir go raibh ard-mheas ag na tuismitheoirí orthu. Tuairiscíodh go raibh siad thar barr ag plé leis na páistí, gur thug siad misneach agus moladh do pháistí ar bhonn leanúnach chun iad a spreagadh chun a ndícheall a dhéanamh ar scoil agus barr a gcumais a bhaint amach. Dúradh go gcruthaítear atmaisféar cairdiúil tuisceanach sa scoil do gach páiste, cuma cén cumas teanga atá acu.

4.3.2.6 Múineadh na Gaeilge

Dúirt tromlach na dtuismitheoirí i ngrúpa amháin go raibh togha na Gaeilge á mhúineadh do pháistí ó gach cúlra sochtheangeolaíoch agus de bharr na n-
iarrachtaí a bhí á ndéanamh ag na múinteoirí go raibh cúrsaí Gaeilge bríomhar
agus thar a bheith folláin sa scoil áitiúil.

Ach leag tuismitheoirí eile béim ar na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ag
múinteoirí faoi choinníollacha a bhí thar a bheith deacair; *‘Tá sé deacair ... ar na
múinteoirí ... [atá] ag múineadh Gaeilge [don] dream a bhfuil Béarla acu’*.

Léirigh na tuismitheoirí go raibh tuiscint acu ar an suíomh ina bhfuil múinteoirí
ag obair ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de, agus bhí drogall orthu na
múinteoirí a cháineadh as ucht an méid Béarla a bhí á labhairt sa scoil. Leag
siad béim arís ar an tábhacht atá leis an suíomh teanga sa bhaile; *‘Ní féidir leis
na múinteoirí mórán a dhéanamh faoin méid daoine atá ag labhairt Béarla sa
scoil. I ndeireadh an lae, caithfidh sé teacht ón mbaile’*.

Thug siad aitheantas do na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ag an gcóras
scolaíochta agus múinteoirí breise fostaithe chun Gaeilge a mhúineadh do
pháistí gan Ghaeilge, ach, a dúirt siad; *‘Céard atá foghlamtha acu? Díreach uair
a’ chloig gach lá, is dóigh. Agus téann siad ar aghaidh arís ag an mBéarla sa
mbaile’, agus, ‘Níl na múinteoirí ach in ann an méid atá siad féin in ann a
dhéanamh’*.

Cuireadh in iúl gur cheap na tuismitheoirí go raibh sé deacair ar na múinteoirí,
mar gheall ar an gcóras oideachais, a bheith ag múineadh na Gaeilge do pháistí

a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu; *‘Tá na múinteoirí ag déanamh a seacht míle dícheall leis na háiseanna agus leis na hacmhainní atá acu’*. Leagadh béim mhór ar an bpointe gur cheap siad *‘[nach raibh] an Roinn Oideachais ag tabhairt aitheantais go bhfuil daoine ann a labhraíonn an teanga mar chéad teanga’*.

Ina dhiaidh sin féin ar fad, áfach, léirigh tuismitheoirí inní maidir leis an gcaighdeán Gaeilge a bhí ag cuid de na múinteoirí scoile. Deineadh an pointe: in ainneoin gur cainteoirí dúchais na múinteoirí ar fad, fós féin go raibh ceachtanna ag teacht abhaile le páistí a scríobh an múinteoir ach a raibh botúin litrithe iontu; go raibh gramadach mhíchruinn nár ceartaíodh fágtha in obair na bpáistí; agus go raibh cuid de na ceartúcháin a rinne múinteoirí *‘seafóideach’*, dar le tuismitheoirí. Dúradh chomh maith go raibh na múinteoirí seo, ar cainteoirí dúchais iad, tar éis dul tríd an gcóras scolaíochta ach go raibh seans ann nach raibh a gcuid Gaeilge féin *‘100% ceart’*. Dúradh go raibh Gaeilge, a bhí lag agus tanaí, á múineadh anois do na cainteoirí óga Gaeltachta agus dá roghnódh aon pháiste Gaeltachta a dhul le múinteoireacht scoile, go raibh seans ann go mbeadh caighdeán Gaeilge s’acu féin sách íseal de bharr an oideachais a fuair siad.

In ainneoin go raibh mionlach de na tuismitheoirí den tuairim go raibh Gaeilge den scoth á labhairt ag páistí sa scoil, agus go raibh moladh ag dul do na múinteoirí, tharraing líon suntasach tuismitheoirí, i ngrúpaí éagsúla, anuas an pointe go raibh a gcuid páistí ag teacht abhaile le Gaeilge ba mheasa ná mar a bhí acu nuair a chuaigh siad isteach sa scoil, an chéad lá.

Cheap na tuismitheoirí seo gur cheart do mhúinteoirí na páistí a cheartú uair ar bith a bhíodh Gaeilge mhíchruinn á labhairt ag na páistí. Léiríodh an tuairim, áfach, nach amhlaidh a bhí ag tarlú. Cé gur admhaíodh go raibh roinnt den drochGhaeilge a bhí ag páistí tógtha acu ó pháistí eile, dúradh go raibh ról ag múinteoirí na rudaí bunúsacha Gaeilge a mhúineadh do pháistí agus i gcásanna áirithe nach raibh sé seo ag tarlú. Tuairiscíodh go raibh páistí ag teacht abhaile le struchtúir mhíchruinne teanga, ar nós, *‘an bhfuil tú ag déanamh é’*, rudaí a bhí ar eolas i gceart ag na páistí sula ndeachaigh siad ar scoil. Deineadh an pointe go soiléir, fiú murar ó na múinteoirí féin a fuair na páistí na leaganacha míchruinne seo gur cinnte nach raibh siad á gceartú ag na múinteoirí, ná nach raibh aon iarracht á déanamh na páistí a chur ar an eolas go raibh an rud a bhí á rá acu mícheart. Mar a dúirt tuismitheoir amháin; *‘Nuair a thagann do ghasúir abhaile le ‘ní chonaic mé é, agus mura gceartaíonn [an múinteoir] é sin ag an am a dheireann siad é ... déarfaidh siad arís agus arís eile é’*. Chuir na tuismitheoirí in iúl go mbíonn iarrachtaí á ndéanamh acu a gcuid páistí a cheartú; *‘Tá tú i gcónaí á cheartú ... Ach tiocfaidh sé abhaile an lá dár gcionn arís, agus an focal céanna ‘ní chonaic mé é’. Cén áit ar chuala sé é? Ní sa mbaile a chuala sé é sin, ach sa scoil’*.

Dúirt tuismitheoir i ngrúpa eile go raibh sé dodhéanta aici a páiste féin a cheartú níos mó: *‘Cheartaigh mise [é] nuair a tháinig sé abhaile ... Agus ansin dúirt sé, ‘No, Mam’ ... Cheartaigh seisean ar ais mise agus cheartaigh mise ar ais eisean arís! Agus dúirt sé, ‘No, Mam!’ Agus thaispeáin sé an cóipleabhar dom agus bhí sé scríofa ag an máistir. Agus bhí mé ag rá, cén sórt seafóide í sin?’*

Deineadh comparáid idir an Ghaeilge a bhí á múineadh anois agus an Ghaeilge a d'fhoghlaim na tuismitheoirí nuair a bhí siadsan ar scoil. Maidir leis na leabhair a bhíodh á léamh acu, dúradh go raibh *'níos mó toirt'* iontu le hais na rudaí a bhí á léamh anois. Luadh freisin go raibh níos mó scríbhneoireachta le déanamh acu féin, rudaí ar nós aistí, agus go mbídís ceartaithe go docht ag an múinteoir nuair a thugtaí ar ais iad, agus gur thug na haistí *'cúnamh duit'* smaoinemh as Gaeilge.

4.3.2.7 Polasaí teanga na scoile

Bhraith gach tuismitheoir i ngach grúpa go raibh sé tábhachach go mbeadh polasaí Gaeilge ag gach scoil Ghaeltachta, *'chun an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga chumarsáide'*. Nuair a cuireadh an cheist, an raibh aon pholasaí teanga ag an scoil áitiúil, bhíodhas den tuairim go raibh, i gcásanna áirithe.

Bhí céatadán beag de thuismitheoirí a cheap go raibh an scoil áitiúil tar éis tionchar an-dearfach a imirt ar chúrsaí teanga, go mór mór ar iompar teanga amuigh sa chlós. Bhí formhór na dtuismitheoirí den tuairim go raibh polasaí Gaeilge ag an scoil ach nach raibh sé á chur i bhfeidhm.

Dúirt triúr tuismitheoirí i ngrúpaí difriúla gurb é an tumoideachas a bhí mar pholasaí sa scoil áitiúil. Is é an tuiscint a bhí ann ar an téarma 'tumoideachas' an múnla oideachais atá i bhfeidhm sna Gaelscoileanna. Ach dúirt na tuismitheoirí, cé gur cheap siad gurb é an tumoideachas a bhí mar pholasaí scoile, ní hé an tumoideachas a bhí á chur i bhfeidhm i ndáiríre sna scoileanna. Ach suíomh teanga na scoileanna Gaeltachta a chur i gcomparáid le cás na nGaelscoileanna, tugadh le fios, *'[nach] ionann an dá rud'*.

Tuairiscíodh go raibh Béarla in úsáid sna scoileanna Gaeltachta in go leor suíomh; go raibh léitheoireacht Bhéarla á múineadh ag an am céanna leis an léitheoireacht Ghaeilge ó na Naíonáin Bheaga ar aghaidh; go raibh Béarla in úsáid chun Gaeilge a mhúineadh do pháistí nach raibh mórán Gaeilge acu; go raibh páistí ag labhairt Béarla sna pasáistí taobh istigh den scoil. Níor tháinig aon cheann de na ráitis siúd leis an gcleachtas a bhaineann leis an tumoideachas fé mar a thuig na tuismitheoirí é. Ach deineadh an pointe gur braithheadh gur easpa tuisceana a bhí ann i measc múinteoirí/príomhoidí ar an rud a bhí i gceist leis an téarma ‘tumoideachas’ agus go mbaineann an easpa tuisceana seo leis an traenáil a fhaigheann siad.

Cuireadh an cheist, ar cheap tuismitheoirí go raibh aon pholasaí faoi leith ag scoileanna le déileáil le páistí a raibh Gaeilge acu mar phríomhtheanga agus iad ag teacht chun na scoile an chéad lá. Níor cheap aon tuismitheoir go raibh. Nuair a cuireadh an cheist, an raibh aon ról ag an scoil le himirt i dtaobh cúrsaí pleanála teanga i dtimpeallacht na scoile, bhí freagraí an-mheasctha ag tuismitheoirí. Ceapadh ar an iomlán go raibh, ach ní raibh aon duine ag iarraidh Gaeilge a chur siar sa scornach ar aon duine, *‘Ní féidir leat í a bhrú siar ina scornach ná a muineál.’* Deineadh tagairt don íomhá a bhí ann maidir leis an nGaeilge, *‘It was hammered into us’* agus *‘Sin é a chur go leor daoine in aghaidh na Gaeilge’*.

Maidir leis an bhforbairt teanga, cheap na tuismitheoirí go láidir go raibh ról le himirt ag an scoil i gcur chun cinn na Gaeilge i measc páistí a raibh Gaeilge acu ón gcliabhán. Deineadh an pointe go mbíonn difríocht mhór mhillteach idir an cumas Gaeilge a bhíonn ag páiste ar cainteoir dúchais é agus an páiste atá sa

rang céanna nach bhfuil aon Ghaeilge aige. In ainneoin na difríochta seo, tuairiscíodh go ndeir na múinteoirí, faoin am a mbíonn siad i Rang 6, go mbíonn gach páiste *'mar a chéile'*. Is é an tuairim a bhí ag tuismitheoirí ar an ráiteas seo ná i measc na gcainteoirí dúchais, *'[go raibh] an caighdeán tite'*.

Suíomh eile a pléadh ó thaobh cúrsaí teanga de ba ea clós na scoile. Más rud é go bhfuil de cheart ag an scoil Ghaeltachta polasaí teanga a chur i bhfeidhm, cuireadh an cheist, an raibh aon ról le himirt ag an bpolasaí sin taobh amuigh den seomra ranga? Arís, bhí tuairimí an-mheasctha á léiriú ar an bpointe seo. Bhí tuismitheoirí i ngrúpa amháin den tuairim go raibh iarracht faoi leith á déanamh ag an scoil áitiúil an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na bpáistí agus iad ag spraoi amuigh sa chlós agus go raibh ag éirí thar cionn leis an gcur chuige a bhí i bhfeidhm. Faoin scéim a bhí ag an scoil, bíonn greamáin agus moladh ag dul do na páistí a dhéanann iarracht an Ghaeilge a labhairt agus bíonn duaiseanna nó pribhléidí faoi leith ag dul dóibh. Breathnaíodh air seo mar rud maith chun páistí a ghríosadh ar bhealach dearfach. Cuireadh in iúl go raibh na *'gnáthrialacha'* i bhfeidhm sa scoil, freisin, sa mhéid is go gcuirtear páistí a bhíonn ag Béarlóireacht go dtí an príomhoide. Luaigh tuismitheoirí na scéimeanna éagsúla a bhí i bhfeidhm ag scoileanna eile (greamáin, réalta a thabhairt amach) chun páistí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt.

Bhí moladh ag dul do na múinteoirí as ucht na n-iarrachtaí a bhí á ndéanamh timpeallacht teanga na scoile a bhainistiú. Bhí tuismitheoirí a raibh taithe acu ar scéimeanna éagsúla den tuairim gur oibrigh an cur chuige dearfach, sa mhéid is go raibh níos mó Gaeilge le cloisint sa chlós. Deineadh an pointe go raibh na scéimeanna ar fad a bhí i bhfeidhm sa scoil dírithe go mór ar dhearcadh na

bpáistí; go raibh mar phríomh-aidhm acu dearcadh dearfach a chothú i measc na bpáistí i leith na teanga, agus go raibh ag éirí leo. Thugtaí aitheantas i gcónaí don pháiste a dhein iarracht Gaeilge a labhairt agus ba mhór an cúnamh é seo do pháistí nach raibh mórán Gaeilge acu. Ach deineadh an pointe chomh maith go raibh páistí i scoil amháin, ar cainteoirí dúchais iad, díspregtha de bharr go raibh measúnú ar bhonn uileranga á dhéanamh ar na hiarrachtaí a bhí ar siúl an Ghaeilge a labhairt .i. go raibh measúnú á dhéanamh ar na páistí ar fad sa rang le chéile. Mar a dúirt tuismitheoir amháin, cheap a páiste féin nárbh fhiú an tairbhe an trioblóid a bheith ag labhairt Gaeilge ar scoil mar go raibh páistí áirithe ina rang a bhí ar nós cuma liom faoin nGaeilge agus nach mbuafadh rang s'aige aon duais speisialta riamh mar gheall ar na páistí seo. Dhein tuismitheoir eile an pointe go raibh an measúnú ranga bunaithe ar bhéasa, ar dhúthracht agus iompar teanga na bpáistí uilig sa rang – nach raibh aon chás speisialta déanta don Ghaeilge.

Ach nochtaigh tuismitheoirí eile tuairimí dífriúla. Dúirt siad seo nár cheart go mbeadh ról póilíneachta ag na múinteoirí scoile ó thaobh cúrsaí teanga de. Dúradh gur faoi na páistí féin a bhí sé cén teanga a labhraíonn siad *'má théann siad isteach i gcúinne sa chlós'*, cé go mbeifí ag súil leis gurb í an Ghaeilge a labhróidís leis na múinteoirí i gcónaí.

Bhraith tuismitheoirí eile sách láidir faoin ngá a bhí ann le polasaí teanga a chur i bhfeidhm sa scoil. Dúirt tuismitheoir amháin nuair a chloiseann sí páistí scoile ag labhairt Béarla sa phasáiste ar scoil go mbíonn fonn uirthi a rá, *'Tá sibh i scoil Ghaeltachta, labhraígí Gaeilge!'*

Dhein tuismitheoir an pointe go raibh polasaí Gaeilge i roinnt scoileanna anois ach nárbh fhiú mórán é mura rabhthas chun é a chur i bhfeidhm. Thug an tuismitheoir céanna le fios go raibh sí ar cuairt ar scoil Ghaeltachta a bhfuil polasaí Gaeilge aici ach gur i mBéarla a beannaíodh di ag doras na scoile, ó bhíothas a cheapadh gur strainséir [gan Ghaeilge] a bhí inti. *'Cén mhaitheas polasaí a bheith ann?'* a dúirt sí. Is ar mheon na ndaoine a bhraitheann cur chun cinn na Gaeilge, dar leis an tuismitheoir seo.

4.3.3 Athbhreithniú ar chumas cainte agus ar phatrúin teanga na bpáistí

Tar éis do na grúpaí labhairt faoin scoil, tugadh aghaidh arís ar an suíomh teanga sa bhaile. Labhair tuismitheoirí faoin bhforbairt teanga a bhí déanta ag a gcuid páistí ó thosaigh siad ar scoil.

4.3.3.1 Forbairt Ghaeilge na bpáistí ó thosaigh siad ar scoil.

Is é an tuairim a bhí ag mionlach de na tuismitheoirí go raibh an-dul chun cinn déanta ag a gcuid páistí ar scoil. Dúirt tuismitheoir amháin go raibh *plateau* sroichte aici féin agus a páirtí i dtaobh an méid Gaeilge a bhí siad in ann a thabhairt do na páistí ach go raibh sí an-sásta leis an gcaighdeán Gaeilge a bhí bainte amach ag a cuid páistí agus iad ag freastal ar an scoil. Dúirt tuismitheoir eile go raibh Gaeilge líofa ag a cuid páistí anois ach nach raibh an saibhreas céanna acu is a bheadh ag páiste de bhunadh na háite. Leag an tuismitheoir seo béim ar an dearcadh dearfach a bhí ag a cuid páistí i leith na teanga agus dúirt go raibh tábhacht mhór ag baint leis sin. Dúirt sí gur faoi na páistí iad féin a bhí sé anois níos mó Gaeilge a fhoghlaim dá mba mhian leo ach nach raibh sé de chumas aici féin ná ag a páirtí cabhrú leo.

Ach bhí tromlach na dtuismitheoirí den tuairim go raibh ísliú mór tagtha ar chumas Gaeilge a gcuid páistí ó thosaigh siad ag freastal ar scoil. Labhair siad faoin ‘díomá mór’ a bhí orthu faoi líon na bhfocal Béarla a bhí piochta suas ag a gcuid páistí. Cheap tuismitheoir eile ‘go mba cheart go mbeadh an caighdeán atá [ag an bpáiste] i bhfad níos fearr ná mar atá sé’. Léirigh tuismitheoir eile an tuairim go bhféadfadh sí comhrá ‘níos téagartha’ a dhéanamh lena páiste nuair a bhí sé ag an naíonra. Tuismitheoir eile arís, dúirt sí go raibh an Ghaeilge a bhí ag a páiste féin ‘níos measa anois ná mar a bhí nuair a bhí sé cúig bliana’.

Tuairiscíodh nár tháinig an fhorbairt a raibh tuismitheoirí ag súil léi ar chumas teanga a gcuid páistí; luadh an easpa cumais sa ghramadach agus an easpa tuisceana ar struchtúir na teanga. Bhíothas ag súil go mbeadh forbairt tagtha ar na gnéithe seo. Anuas air sin, cuireadh in iúl go raibh Béarla ‘níos saibhre’ agus gramadach an Bhéarla ‘níos fearr’ acu ná gramadach na Gaeilge. Nuair a cuireadh ceist, an raibh béim níos mó ag an scoil ar an mBéarla, seachas ar an nGaeilge, d’aontaigh formhór na dtuismitheoirí gurb amhlaidh a bhí.

4.3.3.2 Dearcaidh agus mothúcháin i dtaobh athruithe ar chaighdeán Gaeilge na bpáistí

Nuair a pléadh an suíomh teanga sa bhaile, chuir beagnach gach tuismitheoir in iúl go raibh tugtha faoi deara acu go bhfuil roinnt athruithe tagtha ar nósmaireacht chainte a gcuid páistí ó thosaigh siad ar scoil. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hathruithe mar seo:

- Go bhfuil sé de nós ag gach páiste, i suímh éagsúla, Béarla a labhairt le páistí eile a tógadh le Gaeilge agus a bhfuil scoth na Gaeilge acu.

- Go bhfuil focail Bhéarla tagtha isteach sa chaint atá ag a gcuid páistí agus iad ag labhairt i nGaeilge.
- Go bhfuil sé ag éirí níos deacra ag tuismitheoirí a gcuid páistí a cheartú nuair a dhéanann siad botúin sa Ghaeilge.

Nuair a pléadh na feiniméin seo, dúirt formhór na dtuismitheoirí eile nár smaoinigh siad go dtarlódh a leithéid agus nach raibh aon bhealaí oibrithe amach acu roimh ré chun déileáil leis na hathruithe seo ar nósmaireacht chainte a gcuid páistí.

4.3.3.3 An tslí a ndéileáilann tuismitheoirí le hathruithe ar phatrúin teanga na bpáistí

Bhí tuairimí éagsúla ag tuismitheoirí ar úsáid an Bhéarla i measc a gcuid páistí. Dúirt tuismitheoir amháin, *‘[go] ngortaíonn sé [a c]uid cluasa’*. Tuismitheoirí eile, dúirt siad nach raibh siad ag iarraidh a bheith ag meabhrú do pháistí cén teanga le labhairt, ach d’aontaigh siad gurbh fhearr fógairt ar pháistí ar bhealach dearfach. Dúirt tuismitheoir eile go mbíonn sí *‘ar nós oigre’* ag fógairt ar na páistí Gaeilge a labhairt. Dúirt ceathrar tuismitheoirí in dhá ghrúpa dhifriúla, áfach, *‘go [raibh] sé ag dul a tarlú ar aon nós’*, agus gur rud nádúrtha a bhí ann, nach raibh aon dochar ann, agus dúirt siad nach ndeir siad tada nuair a tharlaíonn sé.

4.3.3.4 Plé ar ráitis ó thuismitheoirí eile Gaeltachta

Ag deireadh gach fócasghrúpa, tugadh cuireadh do thuismitheoirí plé a dhéanamh ar ráitis a bhí déanta ag tuismitheoirí eile i bhfócasghrúpaí a réachtáladh mar chuid den *Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007). Mar chuid den phlé seo,

fuarthas amach go raibh difríochtaí suntasacha idir dearcaidh na dtuismitheoirí i dtaobh na ráiteas a pléadh.

I ráiteas amháin, dúradh '[gur] cheart do na scoileanna súil ghéar a choinneáil ar an méid leanáí gan Ghaeilge a thógann siad isteach. Cothaíonn na huimhreacha múinteoirí ach ní chothaíonn siad Gaeilge'.

Bhí meascán de dhearcaidh ag na tuismitheoirí ar an ráiteas seo. Dúirt tuismitheoir amháin nach bhféadfaí daoine a chur ó dhoras na scoile óir '*Cá ngabhfaidís?*' Agus ardaíodh an pointe gur theastaigh '*níos mó múinteoirí feabhais*' le dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí ann faoi pháistí ag teacht isteach sa scoil gan Ghaeilge. Ach léirigh tuismitheoir eile an tuairim gur cheart don scoil an méid céanna acmhainní a chur ar fáil do pháistí le Gaeilge mhaith is a chuireann sí ar fáil do pháistí le Gaeilge lag.

Moladh go mbeadh cúrsaí speisialta ar siúl do pháistí gan Ghaeilge atá ag iarraidh freastal ar scoileanna Gaeltachta ionas go mbeadh greim ceart acu ar an teanga sular tháinig siad isteach sa scoil ar chor ar bith. Agus mura raibh páistí sásta é sin a dhéanamh nár cheart don scoil glacadh leo.

I ráiteas eile a tógadh as an Staidéar céanna, dúradh 'go raibh scoileanna faoi leith ag teastáil sa Ghaeltacht do leanáí atá á dtógáil le Gaeilge sa mbaile.'

Nuair a pléadh é seo, bhí sé soiléir go raibh cuid de na tuismitheoirí míchompordach leis an gcoincheap. '*Discrimination*' a thug tuismitheoir amháin air. Dúirt tuismitheoirí eile nár cheap siad gur theastaigh a leithéid de rud sa

cheantar ar chor ar bith; go raibh sé indéanta freastal a dhéanamh ar pháistí le riachtanais teanga dhifriúla in aon seomra ranga amháin ach an cúnamh agus an tacaíocht chuí a bheith ar fáil do na múinteoirí. Nuair a ceistíodh an tuairim seo, dúirt an tuismitheoir nach raibh an *'tacaíocht chuí'* ar fáil faoi láthair. Dúirt tuismitheoir i ngrúpa eile nár cheap sí go raibh aon ghá le scoileanna faoi leith go fóill. Ach mura dtiocfadh athrú ar an mbealach a ndéileáiltear le páistí a bhfuil Gaeilge acu ó dhúchas go raibh seans ann go dteastódh. Dúirt tuismitheoir eile fós go raibh sí féin ar tí an rud ceannann céanna (gur theastaigh scoileanna faoi leith) a mholadh níos túisce sa phlé. Agus dúirt tuismitheoir eile fós, sa chás go n-oscloídh scoil den sórt sin maidin amárach, go gcuirfeadh sí a clann féin ann.

Sa chaibidil seo, deineadh cur síos ar an méid a bhí le rá ag na tuismitheoirí a ghlac páirt san obair thaighde. Sa chéad chaibidil eile, déanfar anailís ar thorthaí na bhfócasghrúpaí.

Caibidil 5 - Anailís

5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, déanfar iarracht anailís a dhéanamh ar ar tháinig chun solais sna fócasghrúpaí. Déanfar anailís ar na rannpháirtithe a ghlac páirt sna grúpaí, agus ar na dearcaidh a léiríodh ar na téamaí a pléadh. Déanfar iarracht comparáid a dhéanamh idir na tuairimí agus na dearcaidh a léiríodh sna grúpaí agus an litríocht atá ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh d'Éirinn faoin nGaeltacht agus lena bhfuil scríofa maidir le mionteangacha agus córais éagsúla oideachais.

In ainneoin an phlean bhunúsaigh a bhí leagtha amach ag an taighdeoir faoi na hábhair a bhí le plé sna fócasghrúpaí, agus mar gheall ar nádúr an mhodha thaighde féin, tháinig an iliomad téamaí aníos le linn na seisiún. Breathnaítear air seo mar bhuntáiste. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le deis a thabhairt do thuismitheoirí ábhair atá tábhachtach dóibh féin a ardú agus a phlé. Déanfar iarracht anseo anailís a dhéanamh ar na dearcaidh agus na tuairimí seo cé go bhfuil cuid acu ann nach bhfuil mórán scríofa orthu i gcomhthéacs na hÉireann, go bhfios don taighdeoir seo, agus go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil cuid eile acu ag teacht salach ar roinnt den litríocht atá ar fáil cheana féin.

Déanfar anailís ar na hábhair de réir na dteideal a leagadh amach ag tús Chaibidil 4. Díreofar ar an trí mhórábhar: an suíomh teanga sa bhaile; an suíomh teanga ag an mbunscoil; athbhreithniú ar chumas cainte agus patrúin teanga na bpáistí.

5.2 Na rannpháirtithe

Tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaeilge a bhí mar fhócas ag an taighde seo. I bhfianaise an eolais is comhaimseartha atá ar fáil faoi chúlra sochtheangeolaíoch na dtuismitheoirí Gaeltachta (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007), bhí dóchas agam go mbeadh sé réasúnta éasca, i gceantar Gaeltachta de chatagóir A, teacht ar theaghlaigh a raibh cumas Gaeilge ag chaon duine de na tuismitheoirí. Deineadh teagmháil le roinnt teaghlach a raibh cainteoir dúchais pósta le cainteoir dúchais ann. Agus cuardach seo na dtuismitheoirí ar bun, deineadh teagmháil freisin le líon mór teaghlach a raibh tuismitheoir amháin ina chainteoir dúchais agus a raibh cúlra sochtheangeolaíoch difriúil ag an tuismitheoir eile. Bhí líon beag teaghlach ar deineadh teagmháil leo a bhí ag tógaint páistí le Gaeilge ach nárbh chainteoirí dúchais ceachtar de na tuismitheoirí. D'fhág sé seo ar fad, nuair a bhí na fócasghrúpaí tugtha le chéile, go raibh comhdhéanamh na ngrúpaí, i measc an tsampla bhig de thuismitheoirí seo, ag teacht le figiúirí Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007) maidir le comhdhéanamh an phobail Ghaeltachta seo.

Is léiriú é an meascán de chúlra teangeolaíoch atá ag na tuismitheoirí Gaeltachta ar na hathruithe atá ag tarlúint don daonra sna ceantair Ghaeltachta ó 1970 i leith, fé mar a scríobh Ó Riagáin (1997). Cé gur sampla beag atá sa staidéar seo, léiríonn na figiúirí seo na himpleachtaí atá ann do chomhdhéanamh phobal na Gaeltachta sna blianta amach romhainn.

Ina dhiaidh sin féin, is cúis dóchais iad na teaghlaigh seo, mar in ainneoin na gcúlraí éagsúla sochtheangeolaíocha, tá ag éirí leis na tuismitheoirí Gaelteachta seo an Ghaeilge a roghnú agus a choimeád mar theanga teaghlaigh.

5.3 An suíomh teanga sa bhaile

Nuair a pléadh an bunús a bhí leis an nGaeilge a bheith mar theanga teaghlaigh acu, dúirt ceithre dhuine dhéag de na rannpháirtithe nach cinneadh comhfhiosach a bhí ann an Ghaeilge a roghnú. Cuireadh síos ar an nósmaireacht teanga a bhí acu lena gclann mar rud *'nádúrthach'*, agus dúradh nach raibh aon phlé déanta acu lena bpáirtí mar gheall air; *'Bhí sé nádúrthach an Ghaeilge [a roghnú] mar is í a bhí sa teaghlach riamh'*.

Tagann na ráitis seo leis an méid a dúradh sna hagallaimh a reáchtáladh i staidéar Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007). Sna hagallaimh siúd, as an trí cinn déag de theaghlaigh ar chur na tuismitheoirí aithne ar a chéile trí Ghaeilge, ar cainteoirí Gaeilge iad beirt, bhí deich gcinn de theaghlaigh a dúirt nach cinneadh comhfhiosach a bhí ann an Ghaeilge a úsáid mar theanga teaghlaigh.

Nuair a cuireadh ceist ar na tuismitheoirí, an cinneadh comhfhiosach a bhí ann a gclann a thógaint le Gaeilge nó ar smaoinigh siad ar an gceist sula raibh muirín orthu, dúirt siad gur rud *'nádúrthach'* a bhí ann Gaeilge a labhairt lena gclann. Cé go ndúirt siad nach raibh aon mhachnamh déanta acu ar an gceist, tháinig sé chun solais sa phlé a deineadh go raibh machnamh de shaghas éigin déanta ag gach tuismitheoir ar an gceist teanga ag pointí eile i saol a gcuid páistí. Maidir le labhairt na Gaeilge lena gcuid páistí, dúirt siad ag pointí difriúla sa phlé, *'Caithfidh sé teacht ón mbaile'*; *'Caithfidh muid í a choinneáil múinte sa mbaile'*; *'Caithfidh muid í a choinneáil suas sa mbaile'*. De réir na bhfocal a úsáideadh .i. go raibh *'coinneáil suas'* i gceist, tá leideanna ann go raibh foinsí eile ag imirt tionchair ar nósmaireacht chainte ag leibhéal an teaghlaigh nó ag

leibhéal an phobail agus go raibh an chuma ar an scéal go bhféadfaí an Ghaeilge a ligint le sruth mura ndéanfaí cinneadh comhfhiosach í a *'choinneáil múinte sa mbaile'*. Pé cúis a bhí leis an machnamh a deineadh, is léir go raibh machnamh ann. Agus taispeánann na ráitis a deineadh go raibh tuairimí ag na rannpháirtithe ar cheist na teanga a bhí bunaithe ar an tábhacht, fé mar a chonaic siadsan an scéal, a bhain le ról an teaghlaigh i dtaobh na Gaeilge.

Dúirt tuismitheoir eile, *'Má thosaíonn sé sa mbaile leis an nGaeilge beidh sé i bhfad níos éasca ar na gasúir agus ar na múinteoirí'*. Is léir ón méid sin gur buntáiste é, dar leis an tuismitheoir seo, Gaeilge a bheith ag gasúr agus é ag freastal ar scoil a bhfuil an Ghaeilge mar mheán múinteoireachta inti. Deineadh an ráiteas seo in ainneoin an eolais a bhí ag tuismitheoirí faoin méid cúnamh bhreise atá ar fáil do pháistí le Gaeilge lag. Is táscaire é seo go dtuigeann tuismitheoirí gurbh fhearr i bhfad go bhfoghlaimfeofaí an teanga sa bhaile. Léirigh tuismitheoir i ngrúpa amháin an t-amhras a bhí uirthi faoi fhiúntas an chúnamh a bhí ar fáil ón scoil, nuair a cheistigh sí an méid a d'fhéadfadh páiste a fhoghlaim *'in uair a' chloig gach lá'*.

Tacaíonn na ráitis agus an dearcadh seo le staidéar Uí Ífearnáin (2007) ar thuismitheoirí Mhúscraí. Sa staidéar áirithe sin, dúirt tuismitheoirí Gaeltachta, a raibh an Ghaeilge roghnaithe acu mar theanga teaghlaigh, go raibh sé tábhachtach dóibh go mbeadh Gaeilge ag a gcuid páistí mar gheall go *'gcabhraíonn sé leo agus iad ar scoil'* (Ó Ífearnáin, 2007: 522).

Cé nach raibh i gceist ag an taighdeoir an t-ábhar seo a bheith mar théama plé sna fócasghrúpaí, luaigh tuismitheoirí an tionchar a bhíonn ag teaghlaigh eile sa

Ghaeltacht – idir strainséirí agus mhuintir na Gaeltachta iad féin – a roghnaíonn gan Gaeilge a labhairt lena gclann. Labhair siad ar thuismitheoirí nach raibh an Ghaeilge ‘*tábhachtach dóibh ... sa mbaile*’ agus dúirt go raibh siad ‘*ag déanamh an diabhail ar an nGaeilge*’ mar nach raibh siad ‘*á cur in iúl [do na gasúir]*’.

Arís, taispeánann na ráitis seo an tuiscint atá ag thuismitheoirí ar an tábhacht a bhaineann le ról an teaghlaigh agus ar na himpleachtaí a bhaineann le rogha teanga na dtuismitheoirí i dtaobh cúrsaí teanga sa Ghaeltacht, is cuma cad as do na thuismitheoirí.

Is féidir nasc a dhéanamh idir an tuiscint atá ag na thuismitheoirí Gaeltachta seo agus an méid a léiríodh sna tuarascálacha oideachais a foilsíodh chomh fada siar le 1981. Luadh go soiléir, mar shampla, i dtuarascáil ar an mBunoideachas trí Ghaeilge, sa bhliain 1981, go raibh brú ag teacht ar an gcóras oideachais sa Ghaeltacht de bharr ‘tuismitheoirí Gaeltachta a bhí ag tógáil a gcuid páistí le Béarla’ (luaite ag Mac Donnacha *et al.*, 2004: 9). Tá tacaíocht don tuairim seo, faoi thábhacht ról an teaghlaigh i gcúrsaí oideachais agus mionteanga, ar fáil go hidirnáisiúnta chomh maith (Baker, 2006; Cummins, 2000).

Nuair a bhí plé á dhéanamh ar úsáid na Gaeilge i measc a gcuid páistí féin agus páistí eile (ar cainteoirí dúchais iad) a thagann ar cuairt go dtí an teach, luaigh gach uile thuismitheoir go raibh sé de nós ag a gcuid páistí iompú ar an mBéarla. Tugadh cuireadh do thuismitheoirí an nósmaireacht teanga seo a mhíniú ach bhí an-deacracht acu siúd a d’fhéach leis an méid sin a dhéanamh míniú a thabhairt air.

Sna freagraí a thug tuismitheoirí, luadh an focal 'cool' go minic mar mhíniú ar an gcleachtas. Dúirt siad gur thug a gcuid páistí le fios go raibh sé 'cool' Béarla a labhairt, nó nach raibh sé 'cool' Gaeilge a labhairt, ach ní raibh aon tuismitheoir in ann sainmhíniú a thabhairt ar an bhfocal féin.

Bhí plé sách fada in dhá ghrúpa ar an gceist seo agus léiríodh an tuairim le linn an phlé seo gur nós a bhí ann le fada an lá ag déagóirí na Gaeltachta iompú ar an mBéarla ar feadh tréimhse ina saol. Chonaic na tuismitheoirí cosúlacht idir nós na ndéagóirí Gaeltachta agus an nós a bhí acu féin ag fás aníos agus nós a gcuid páistí féin sa lá atá inniu ann. Níor dhealraigh sé go raibh seo ina chúis mhór inní don chuid is mó de thuismitheoirí de bharr an taithí a bhí acu féin ar an scéal.

Mar a deirtear i gCaibidil 2, tá trácht déanta in obair Uí Riagáin (1997) ar sheasamh na Gaeilge sna Gaeltachtaí ón mbliain 1926 ar aghaidh. Agus cur síos á dhéanamh aige ar na ceantair Ghaeltachta sna 70í agus sna 80í, dúirt sé go raibh ceantair áirithe níos láidre ná a chéile ó thaobh na Gaeilge de agus nach raibh fágtha ach dhá chroícheantar Gaeltachta: ceann i nGaillimh agus ceann eile i nDún na nGall. Agus Ó Glisáin (1990) ag tagairt do na ceantair láidre Ghaeltachta, ar nós an cheantair a bhfuil an staidéar seo dírithe air, agus do thús na n80í go sonrach, dúirt sé, 'even the core [Irish speaking] areas were becoming unstable' (Ó Glisáin, 1990: 74).

De réir an eolais a bailíodh faoi aois na dtuismitheoirí sna fócasghrúpaí, bhí triúr tuismitheoirí déag a rugadh idir 1963 agus 1972. D'fhágadh sé sin go raibh siad ina ndéagóirí sna 70í nó sna 80í. Tá seans ann go bhféadfaí an nasc a dhéanamh

idir an taithí phearsanta a bhí acu ar an mBéarla a bheith in úsáid ag cuid dá gcomhghleacaithe agus an méid a scríobh Ó Gliasáin agus Ó Riagáin, nuair a dhein siad cur síos ar an gceantar mar ‘unstable’ agus ‘showing evidence of a shift towards English’ (Ó Gliasáin, 1990: 74; Ó Riagáin, 1997: 77). Is eolas é seo a thabharfadh le fios go mbaineann na tuismitheoirí seo leis na chéad glúnta tuismitheoirí a d’eascair as an suíomh athraitheach teangeolaíoch sin.

De réir dealraimh, breathnaíonn tuismitheoirí Gaeltachta sa lá atá inniu ann ar an nós atá ag a gcuid páistí féin Béarla a labhairt mar rud nádúrtha, mar rud ‘a tharla riamh’ sa Ghaeltacht. Ach níor mhiste a lua go bhfuil difríochtaí le tabhairt faoi deara idir na nósanna a bhí acu féin agus nósanna a gcuid páistí:

- Luaigh na tuismitheoirí in ainneoin an nós a bhí ag déagóirí an Béarla a labhairt nuair a bhí siadsan óg go raibh croíghrúpaí sa cheantar riamh nár lean an nós seo agus a d’fhan ‘*dílís*’ don Ghaeilge. Agus iad ag caint ar a gcuid páistí féin, ní raibh oiread is tuismitheoir amháin in ann a rá go raibh an ‘*dílseacht*’ chéanna seo á léiriú ag aon pháiste sa lá atá inniu ann.
- Agus iad ag caint ar a n-óige féin, luaigh na tuismitheoirí gur sna déaga a bhí na daoine úd nuair a d’iompaigh siad ar an mBéarla. Sna fócasghrúpaí seo, dhein tuismitheoirí tagairt do pháistí chomh hóg le hocht mbliana d’aois a bhí ag tabhairt tús áite don Bhéarla ina gcuid cumarsáide le páistí eile den aois chéanna. Tá an chosúlacht air go bhfuil athrú tagtha ar an aois a bhfuil sé de nós ag páistí iompú ar an mBéarla; in imeacht scór bliain nó mar sin, tá an aois tite ó na déaga go haois bunscoile .i. faoi bhun deich mbliana.

In ainneoin gur mheas na tuismitheoirí gur rud nádúrtha a bhí ann, léirigh siad tuiscint freisin ar na himpleachtaí a bhaineann le Béarla a bheith á labhairt ag cainteoirí óga na Gaeilge agus iad ag spraoi le chéile. Ón méid a bhí le rá acu, ba léir gur thuig siad an tionchar a d'fhéadfadh sé seo a imirt ar thoilteanas agus ar chumas a gcuid páistí an Ghaeilge a labhairt lena chéile sna blianta amach romhainn. D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ag an gcleachtas seo freisin i gcomhthéacsanna pobail sna ceantair Ghaeltachta. Mar a deir de Houwer:

Children who are being raised bilingually but do not in fact produce two languages will not likely speak two languages to their offspring once they have become parents themselves.

If this pattern is in evidence for a large group of people within more or less the same community at the same time ... one may get a clear pattern of language shift (de Houwer, 1999: 76).

5.4 An suíomh teanga ag an mbunscoil

Cuireadh tús leis an bplé a bhain leis an suíomh teanga sa bhunscoil trí cheisteanna a chur faoin mbealach ar roghnaigh tuismitheoirí an bhunscoil agus faoi cé mar a shocraigh na páistí sa scoil nuair a chuaigh siad ann.

Luaigh cúpla tuismitheoir an naíonra mar chuid den fhreagra a thug siad agus thosaigh caint bhríomhar ag an bpointe seo, i dtrí cinn de na ceithre ghrúpaí, faoin naíonra agus chomh maith agus a bhí sé. Ní raibh i gceist ag an taighdeoir díriú ar an naíonra ach bhí sé soiléir go raibh fonn cainte ar thuismitheoirí agus gur mhian leo comparáid a dhéanamh idir é agus an bhunscoil.

Thug gach tuismitheoir, nach mór, le fios gur áit iontach a bhí sa naíonra chun Gaeilge a fhorbairt i measc páistí agus gur tháinig forbairt iontach ar theanga a gcuid páistí féin agus iad ag freastal ar an naíonra.

Ach ní thagann an méid a bhí le rá ag na tuismitheoirí Gaeltachta seo leis an taighde a dhein Hickey (1999) ar an naíonra maidir le forbairt teanga. De réir a cuid taighde féin, '[t]he results showed relatively low levels of target language use even by the native speakers' (Hickey 2001), .i. nach raibh mórán Gaeilge in úsáid ag cainteoirí dúchais Gaeilge i naíonraí a raibh meascán de Ghaeilgeoirí agus Béarlóirí iontu. Déanann Hickey an pointe, i naíonraí inar Béarlóirí an tromlach go dtagann laghdú ar ráta úsáide na Gaeilge i measc cainteoirí dúchais agus cainteoirí dátheangacha (Hickey, 1999, luaite ag Mac Donnacha *et al.*, 2004: 7).

Tá trí phointe a bhféadfaí aird a thabhairt orthu chun an neamhréiteach seo a mhíniú.

- I gcás na gceantar Gaeltachta a scrúdaíodh sa staidéar seo, tá seans ann go raibh an suíomh teangeolaíoch fós fabhrach don Ghaeilge; go raibh líon sách ard cainteoirí dúchais sna naíonraí a bhí i gceist, rud a d'fhág go mb'fhéidir nach raibh Béarlóirí ina dtromlach sna grúpaí.
- Bhí seachtar tuismitheoirí sna grúpaí fócais a bhí tar éis a gcuid páistí a chur chuig naíonra áitiúil a raibh seisiún faoi leith ar siúl ann chun freastal ar pháistí a raibh an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu.
- Bhí ceathrar tuismitheoirí eile sna grúpaí nárbh as an nGaeltacht dóibh agus a dhein cur síos ar a gcaighdeán Gaeilge féin mar '*líofa*' nó '*maith*'. Tá seans ann go raibh an breithiúnas a thug siad ar an bhforbairt teanga

a bhí a gcuid leanaí a dhéanamh sa naíonra bunaithe ar thuiscint nár réitigh leis an tuiscint a bheadh ag cainteoirí dúchais ar an rud is ‘*Gaeilge mhaith*’ ann.

Tacaíonn an dearcadh a léirigh na tuismitheoirí seo leis an méid a dúirt tuismitheoirí i dtaighde Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007: 434), ‘gur chuir na naíonraí seirbhís mhaith ar fáil dóibh, agus ... gur tacaíocht mhór a bhí anseo dóibh ina gcuid iarrachtaí a gclann a thógáil le Gaeilge’.

Is ag leibhéal na bunscoile a fheictear, den chéad uair, míshástacht na dtuismitheoirí seo ó thaobh cúrsaí teanga de. D’aontaigh gach tuismitheoir, in ainneoin a fheabhas a bhí an naíonra maidir le saibhreas agus forbairt na Gaeilge i measc a gcuid páistí go raibh ‘*scrios iomlán air sin nuair a chuaigh [na páistí] chuig an scoil*’.

Sa phlé a rinneadh i ndiaidh an ráitis seo, dhein tuismitheoirí cur síos ar an ‘*scrios*’ seo. I measc na nithe a luadh, bhí:

- páistí ar bheagán Béarla agus iad ag labhairt i mBéarla le páistí eile ar scoil ar mhaithe le cairdeas a chruthú.
- nach raibh aon fhorbairt tagtha ar Ghaeilge a bpáistí féin ó thosaigh siad ar scoil agus go raibh go leor Béarla measctha tríd a gcuid cainte.
- go raibh páistí le Gaeilge ó dhúchas ag teacht abhaile le Gaeilge mhíchruinn a bhí tógtha acu sa scoil agus múinteoirí gan a bheith in ann nó toilteanach iad a cheartú ar an toirt nuair a theastaigh sé. D’fhág seo go raibh sé níos deacra fós, uaireanta dodhéanta, ag tuismitheoirí na botúin chainte seo a cheartú sa bhaile.

Nuair a deineadh plé ar an mbealach ar roghnaíodh an bhunscoil ar chuir siad a gcuid páistí chuici, ní dúirt aon tuismitheoir gur chuir siad cúinsí teanga san áireamh. Tháinig sé chun solais gur chuir roinnt tuismitheoirí a gclann chuig an scoil chéanna ar dhein siad féin freastal uirthi. D'fhéadfadh sé go raibh cuimhní ag na tuismitheoirí ar an scoil agus go raibh ionchais áirithe acu i dtaobh na Gaeilge, a bhí bunaithe ar an taithí a bhí acu féin ar an scoil, agus nach raibh siad ag tabhairt san áireamh go raibh saol na Gaeltachta athraithe agus go raibh comhdhéanamh phobal na Gaeltachta athraithe. Is léir an t-athrú sin nuair nach bhfuil anois ach 54% de pháistí ag teacht chun na scoile sna ceantair Ghaeltachta is láidre le Gaeilge líofa nó le Gaeilge mhaith (Mac Donnacha *et al.*, 2004).

I gcomhthéacs na hÉireann, tá taighde ann a léiríonn go bhfuil caighdeán Gaeilge níos fearr sna scileanna teanga éagsúla (labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh) á bhaint amach ag páistí Gaelscoile ná mar atá ag páistí i scoileanna Gaeltachta (Harris, 2006). Sa chomhthéacs Gaeltachta a bhfuil na páistí agus na tuismitheoirí thuasluaite ag feidhmiú ann, ní deacair tuiscint a fháil ar na fáthanna atá leis sin. Tá dushlán á chur roimh na scoileanna Gaeltachta an Ghaeilge a fhorbairt i measc gach dalta scoile nuair atá meascán leathan de chumas teanga i ngach aon seomra ranga. Fiú sna scoileanna Gaeltachta a bhfuil céatadán suntasach de chainteoirí dúchais iontu, tá dushlán mhóra ann. Braitheann forbairt scileanna teanga, i measc cainteoirí dúchais chomh maith le daltaí eile, ar chleachtadh, spreagadh, ceartúchán agus tacaíocht atá oiriúnach don pháiste ag an leibhéal a dteastaíonn sé uaidh (Otheguy agus Otto, 1980: 353). Ó tharla go gceapann tuismitheoirí go bhfuil caighdeán Gaeilge labhartha a gcuid páistí tite nó gan forbairt ó thosaigh siad ar scoil, go bhfuil fadhbanna

aitheanta acu leis na leabhair a úsáidtear chun scileanna léitheoireachta Gaeilge a mhúineadh, agus go bhfuil an chuma ar an scéal go leagtar níos mó béime ar Bhéarla maith a bheith ag páistí ná Gaeilge mhaith, faightear léargas ar an suíomh teanga atá i réim sa seomra ranga sa bhunscoil Gaeltachta, léargas a thacaíonn le tátal Harris. Chomh maith leis sin, ach breathnú ar an taighde atá déanta ag Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.* (2007) i measc déagóirí i nGaeltachta de Chatagóir A, atá imithe tríd an gcóras bunscolaíochta, ‘tuairiscíodh leibhéal cumais níos airde i ngach réimse scileanna sa Bhéarla seachas sa Ghaeilge’ (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 304).

Deineadh plé ar an bpolasaí teanga a bhí ag an scoil. Ba léir gur cheap tuismitheoirí go raibh polasaí teanga i bhfeidhm sna scoileanna a raibh a gcuid páistí ag freastal orthu; luaigh siad na scéimeanna a bhí ann le páistí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt. Cé gur bhraith tuismitheoirí go raibh fiúntas leis na scéimeanna éagsúla a bhí i bhfeidhm, cuireadh treise leis an tuairim go leagtar béim i gcónaí ar dhearcadh dearfach a chothú i measc na bpáistí, go mór mór ina measc siúd nach bhfuil mórán Gaeilge acu, seachas úsáid na Gaeilge nó forbairt teanga a chur chun cinn i measc páistí ar cainteoirí dúchais iad. Luaigh tuismitheoirí eile gur cheap siad gurb é an tumoideachas a bhí mar pholasaí ag an scoil ach nár ceapadh go raibh an polasaí á chur i bhfeidhm. Luadh, mar shampla, go raibh Béarla in úsáid in go leor suíomh i scoileanna Gaeltachta agus go gcloistear Béarla á labhairt ag páistí sna pasáistí ar scoil. Míníodh go raibh sé seo ag tarlúint mar go bhfuil ‘*easpa tuisceana*’ i measc múinteoirí i dtaobh an tumoideachais. Déantar trácht ar an bpointe seo i dtaighde Mhic Dhonnacha (2005). Luaitear an tumoideachas agus deirtear,

‘[nach bhfuil] na múinteoirí féin oilte sna dea-chleachtais a bhaineann le córas tumoideachais a chur i bhfeidhm.’ (Mac Donnacha, 2005: 7).

Bhraith tuismitheoir eile go raibh cúnamh breise á chur ar fáil do pháistí ar bheagán Gaeilge ach nach raibh aon chúnamh breise ar fáil do chainteoirí dúchais lena gcuid Gaeilge a fhorbairt. Aontaíodh ar an bpointe seo; bhí roinnt tuismitheoirí den tuairim go raibh ‘*neamhaird*’ á déanamh de chainteoirí dúchais. Is pointe é seo ar deineadh trácht air i dtaighde Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007), nuair a dúradh go raibh ‘an bhunscolaíocht sa Ghaeltacht ag díriú ar riachtanais na bpáistí nach bhfuil an Ghaeilge acu sa bhaile seachas ar riachtanais na gcainteoirí Gaeilge’ (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.* 2007: 452).

Roinneadh ina dhá chuid an plé a deineadh ar áiseanna teagaisc as Gaeilge. Cé gur cuireadh in iúl gur plé faoi ‘áiseanna teagaisc’ a bhí i gceist, rud a d’fhág go bhféadfaí áis teagaisc ar bith a lua, díriodh formhór na cainte ar leabhair. Ar dtús, pléadh na leabhair as Gaeilge a bhí in úsáid chun ábhair eile a mhúineadh seachas an Ghaeilge féin, agus ansin na leabhair a úsáidtear chun an Ghaeilge féin a mhúineadh.

Deineadh an pointe go raibh easpa uafásach téacsleabhar as Gaeilge ann, agus fiú i measc na dtéacsleabhar sin a bhí ar fáil as Gaeilge, go raibh cuid acu scríofa i nGaeilge a bhí chomh casta sin go raibh sé deacair ag tuismitheoirí agus ag páistí araon iad a thuiscint. Tacaíonn na pointí seo leis an méid atá scríofa cheana ar an ábhar. Tuairiscíodh i dtaighde Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007) ‘go raibh easpa téacsleabhar Gaeilge ann’, (Ó

Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007: 466) agus léiríodh an tuairim chéanna faoi na leabhair atá ar fáil i dtaighde Mhic Dhonnacha (2005), ‘go bhfuil an Ghaeilge [sna téacsleabhair] i bhfad ródheacair le léamh’ (Mac Donnacha, 2005: 4).

Labhair na tuismitheoirí faoi na rudaí praiticiúla a d’fhéadfaí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfadhb:

- D’admhaigh cuid mhaith tuismitheoirí go raibh an leagan Béarla de théacsleabhair áirithe ceannaithe acu mar go raibh sé chomh deacair an leagan Gaeilge a thuiscint.
- Go raibh sé de nós ag múinteoirí áirithe bunleagan an téacs a chlúdach agus na focail a scríobh amach arís as ‘Gaeilge cheart’ agus gur mhór an chabhair é seo do thuismitheoirí agus do pháistí araon.
- Moladh gur cheart do mhúinteoirí gluais a chur ar fáil do pháistí agus na focail is deacra sna leabhair a aistriú go Béarla.

Agus na háiseanna a úsáidtear chun Gaeilge a mhúineadh faoi chaibidil, fágadh an plé oscailte arís ionas go bhféadfaí áis teagaisc ar bith a lua, ar nós áiseanna ríomhaireachta, CDanna, áiseanna leictreonacha eile, nó téacsleabhair chun gramadach, struchtúir nó litriú na Gaeilge a mhúineadh. Ach is ar na leabhair léitheoireachta as Gaeilge a díriodh an chuid is mó den chaint.

Bhí tuismitheoirí ar aon intinn, arís eile, faoin easpa leabhar a bhí ann, taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Agus maidir leis na leabhair Ghaeilge a bhí in úsáid sa seomra ranga chun léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh do pháistí, tuairiscíodh go raibh siad ina ‘*rudaí beaga simplí*’ a bhí dírithe ‘*ar an*

ngasúr atá ag foghlaim Gaeilge mar dhara teanga'. Tagann na dearcaidh seo leis an eolas atá ar fáil i dtaighde de Brún (suíomh idirlín COGG, 2008) go bhfuil 'ganntanas mór' de gach cineál leabhar Gaeilge do gach aois .i. leabhair fhicsin, neamhfhicsin, drámaí, oidis agus leabhair eolais. Agus tacaíonn sé freisin leis an dearcadh a léirigh tuismitheoirí i dtaighde Mhic Dhonnacha (2005) 'go mbíonn an t-ábhar léitheoireachta a chuirtear ar fáil don Ghaeilge féin i bhfad róshimplí' (Mac Donnacha, 2005:4).

Tar éis an phlé a deineadh faoi na téacsleabhair agus na leabhair léitheoireachta, d'fhéadfaí achoimre ar na tuairimí a dhéanamh mar seo; go bhfuil na téacsleabhair Ghaeilge ródheacair agus go bhfuil na leabhair léitheoireachta Ghaeilge ró-éasca.

D'ardaigh tuismitheoir amháin an pointe gur deacair a rá an raibh an Ghaeilge sna téacsleabhair ródheacair nó an é nach raibh scileanna léitheoireachta na bpáistí sách forbartha leis na téacsleabhair a láimhseáil. Maidir leis na moltaí thuas a rinneadh chun dul i ngleic leis na deacrachtaí tuisceana a bhain leis na téacsleabhair, thug an tuismitheoir céanna le fios go raibh sé níos tábhachtaí forbairt bhreise a dhéanamh ar scileanna léitheoireachta na bpáistí ionas go bhféadfaidís na téacsleabhair a láimhseáil seachas leibhéal na Gaeilge sna leabhair a íslíú nó aistriúcháin Bhéarla a úsáid nó a chur ar fáil. Agus chun é sin a dhéanamh, *'caithfidh tú 'reader' an-mhaith Gaeilge a bheith agat*'.

Is pointí spéisiúla iad seo mar go léiríonn siad tuiscint go bhfuil forbairt scileanna léitheoireachta as Gaeilge agus an fhoghlaim trí Ghaeilge fite fuaite ina chéile agus go bhfuil an dá cheann acu rí-thábhachtach in oideachas páistí. Feictear go bhfuil fianaise ann go hidirnáisiúnta a thacódh leis an tuairim seo.

Deir S n chal (2005), ‘children will spend their first three years of school learning to read, and then will start using reading to learn’ (S n chal, 2005: 1).

L ir onn na point  a dhein an tuismitheoir seo na fadhbanna fadtr imhseacha a bhaineann le neamhr iteach idir cumas l itheoireachta p ist  Gaeltachta agus an cine l n  an caighde n Gaeilge a  s idtear i dt acsleabhair. Agus sa chomhth acs seo, n  deacair radharc a fh il ar na castachta  a bhaineann le c ras oideachais l nGhaeilge a chur ar f il do ph ist  nach bhfuil scileanna l itheoireachta s ch forbartha acu chun t acsleabhair i nGaeilge a thuiscint.

Thug na tuismitheoir  Gaeltachta le fios gur aithin siad gur leis na leabhair l itheoireachta Ghaeilge a bh  an fhadhb, nuair a dhein siad cur s os orthu mar ‘*ruda  beaga simpl *’ agus cuireadh in i l, nuair a chuirtear i gcompar id iad leis na leabhair a  s idtear chun B arla a mh ineadh do ph ist , go bhfuil ‘*na leabhair Bh arla n os suimi la do ghas ir*’ agus gur theastaigh ‘*cumas B arla ... uait [a bh ] i bhfad n os casta*’ chun iad a l amh agus a thuiscint.

L ir onn na r itis seo go dtuigeann tuismitheoir  go bhfuil n os m  i gceist leis an l itheoireacht n  a bheith in ann na focail a aithint; go bhfuil gn ithe t bhachtacha eile a bhaineann le cumas l itheoireachta a fhorbairt .i. an tsuim a chuireann p ist  san  bhar at    l amh acu, an t-idirghn omh  a chrutha onn leabhar maith idir an t acs agus an l itheoir, agus an cumas teanga at  ag teast il chun an t acs a l irmh n .

Is dearcadh iad seo a thaca onn leis an litr ocht idirn isi nta maidir leis na scileanna at  ag teast il chun an l itheoireacht a fhorbairt. Mar a deir Tomblin (2005), ‘Learning to read ... requires several skills. It is common to differentiate

between two main aspects of reading – word recognition and reading comprehension.’ (Tomblin, 2005: 1). Agus maidir leis an tslí a mbaineann léitheoirí ciall as na focail a fheiceann siad ar an bpáipéar, deir Sénéchal (2005):

Comprehending written texts is a complex process that involves fluent word recognition as well as the activation of word and world knowledge, making inferences and integrating parts into a coherent whole (Sénéchal, 2005:3).

I gcomhthéacs na bpáistí Gaeltachta, is deacair a fheiscint conas is féidir an próiseas casta seo a fhoghlaim ná a chleachtadh as Gaeilge mura gcuirtear ar fáil ach leabhair i nGaeilge nach bhfuil ‘*baileach chomh deacair*’ leis na cinn Bhéarla. Bheadh deacracht ag páistí a dtaithí saoil a thabhairt leo chuig an bpróiseas léitheoireachta Gaeilge, ná inféiris a dhéanamh, ná téacs agus taithí a chónascadh chun ‘*coherent whole*’ a cruthú, nuair atá an chosúlacht ar an scéal nach bhfuil na leabhair Ghaeilge oiriúnacha ar fáil dóibh.

Luaigh tuismitheoirí i ngach grúpa fócais, in ainneoin a fhusacht a bhí sé na leabhair Ghaeilge a léamh, go raibh deacrachtaí ag a gcuid páistí le fuaimanna na Gaeilge a dhíchódú ar páipéar agus gurbh fhearr leo na leabhair Bhéarla a léamh. Is cosúil go raibh fadhbanna ag cainteoirí dúchais le léamh na Gaeilge ar fadhbanna iad nach bhfuil na leabhair léitheoireachta ag dul i ngleic leo. Pointe suntasach a tháinig chun solais sa chuid seo den phlé is ea go raibh tuismitheoirí as scoil amháin thar a bheith sásta leis an gcur chuige a bhí á chur i bhfeidhm ag a scoil féin; gur airigh siad nach raibh na deacrachtaí céanna ag a gcuid páistí leis an léitheoireacht Ghaeilge is a bhí luaite ag tuismitheoirí eile. Ba léir go raibh difríochtaí móra idir an cur chuige a bhí ag scoileanna éagsúla. Is táscaire é seo go mb’fhéidir go bhfuil laigí ar an gcóras oideachais Gaeltachta a

fhágann nach bhfuil eolas á bhailiú ná á scaipeadh faoi na bealaí is fearr chun scileanna litearthachta a mhúineadh do pháistí Gaeltachta. É sin, nó go bhfuil múinteoirí ar an eolas faoi na modhanna seo ach nach bhfuil siad sásta iad a chur i bhfeidhm ar chúis éigin.

I gcás gach grúpa tuismitheoirí, áfach, deineadh an pointe gurbh fhearr leo dá mbeadh níos mó béime trí chéile ar scileanna léitheoireachta Gaeilge. In dhá ghrúpa, dúradh gurbh fhearr go gcuirí múineadh an Bhéarla siar go dtí go mbeadh *'léitheoireacht chumasach'* forbartha ag páistí sa chéad teanga. Is léiriú é seo ar mhianta na dtuismitheoirí Gaeltachta seo go bhforbrófaí scileanna litearthachta a gcuid páistí ina dteanga dhúchais. Tá tacaíocht don tuairim seo ar fáil go hidirnáisiúnta ó Benson (2000, 2004) agus ó Skutnabb-Kangas (1984, 2000). Go deimhin, sna foinsí seo, ní hamháin go leagtar béim ar an tábhacht atá le hoideachas sa mháthairtheanga chun scileanna litearthachta a fhoghlaim agus a fhorbairt ach ar an tábhacht a bhaineann leis an máthairtheanga san fhorbairt chognaíoch, sa smaointeoireacht chruthaíoch agus sa mhachnamh ardleibhéil chomh maith. Tá soiléiriú ar fáil freisin sa litríocht idirnáisiúnta ar an tionchar dearfach a bhíonn ag insealbhú scileanna litearthachta sa chéad teanga ar scileanna litearthachta a fhorbraítear sa dara teanga (Cummins, 1998).

Tuairiscíodh sna grúpaí ar fad gur cheap na tuismitheoirí nach raibh tuiscint ag an gcóras scolaíochta sa Ghaeltacht ar na saintréithe a bhaineann le Gaeilge a mhúineadh do chainteoirí dúchais Gaeilge. Bhí táscairí ann gur cheap tuismitheoirí go bhfuil deacracht ag an gcóras oideachais Gaeltachta a thuiscint go bhfuil páistí sa Ghaeltacht a thógtar le Gaeilge agus páistí eile a thógtar le Béarla agus nach ionann na riachtanais teanga atá ag an dá dhream. Mar a dúirt

tuismitheoir amháin maidir leis an dearcadh a léirítear sa scoil faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag a páiste féin sa léitheoireachta Ghaeilge, *‘Deir an múinteoir go bhfuil [ainm an ghasúir] go maith i nGaeilge agus deirimse, bhuel, tá an caighdeán chomh híseal go bhfuil sé éasca [aige] a bheith go maith’.*

5.5 Athbhreithniú ar chumas cainte agus ar phatrúin teanga na bpáistí

Sa chuid deiridh de na fócasghrúpaí, deineadh athbhreithniú ar chumas agus patrúin teanga na bpáistí agus bhí plé ann mar gheall ar na hathruithe a bhí tugtha faoi deara ag tuismitheoirí i bhforbairt teanga nó nósmaireacht chainte a gcuid páistí agus iad ag freastal ar an scoil sa Ghaeltacht.

Sna torthaí a bhí ar an bplé sin, léiríodh dhá dhearcadh a tháinig salach ar a chéile. Ar thaobh amháin den scéal, bhí mionlach tuismitheoirí ann a bhí an-sásta leis an dul chun cinn a bhí déanta ag a gclann ar scoil agus, thar aon rud eile, a bhí sásta go raibh dearcadh an-dearfach ag a gcuid páistí i leith na teanga.

Ach in ainneoin na sástachta seo, leag an grúpa tuismitheoirí seo béim ar dhá phríomhrud:

- Go raibh caighdeán maith Gaeilge ag a gcuid páistí ach gur braitheadh nach mbeadh siadsan, mar thuismitheoirí, in ann aon chúnamh breise a thabhairt dóibh ó thaobh forbairt teanga de san am a bhí le teacht mar nach raibh an caighdeán sin acu féin.
- Go raibh tugtha faoi deara acu go raibh difríocht idir an Ghaeilge a bhí ag a bpáistí féin agus an Ghaeilge *‘shaibhir’* a bhí ag páistí eile a raibh

tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus gaolta eile mórthimpeall orthu féin ar cainteoirí dúchais iad.

Bhí na pointí seo an-suimiúil. Ar an gcéad dul síos, dhealraigh sé go raibh na tuismitheoirí seo thar a bheith moltach i dtaobh an chórais scolaíochta Gaeltachta ach ag an am céanna go raibh tugtha faoi deara acu go raibh insealbhú easnamhach déanta ag a gcuid páistí ar an nGaeilge. Is cosúil gur cheap na tuismitheoirí seo gur fearr go mór an tslí a raibh ag éirí leis an scoil dearcadh dearfach a chothú i measc na bpáistí ná ardchumas teanga a fhorbairt iontu.

Léiríonn an dearcadh seo an tuiscint faoi leith atá ag na tuismitheoirí seo ar a ról féin agus ar ról na scoile in insealbhú agus forbairt teanga a gcuid páistí. Luaigh cuid mhór de na tuismitheoirí seo a n-easpa cumais féin aon chúnamh breise a thabhairt dá gcuid páistí mar gur foghlaimeoirí iad féin a raibh barr a gcumais bainte amach acu. Ón méid a dúradh faoin ábhar seo, tar éis chomh moltach is a bhí na tuismitheoirí faoin scoil, níor léirigh siad go bhfaca siad go bhféadfadh an scoil aon tacaíocht bhreise a thabhairt dá gcuid páistí le cumas teanga a fhorbairt a thuilleadh san am a bhí le teacht.

Maidir leis an dara pointe a deineadh, luaigh tuismitheoirí an cinneadh a bheadh le déanamh ag páistí s'acu a saibhreas teanga a fhorbairt, as seo amach, as a stuaim féin. Arís, níor luadh in aon am go raibh ról ag an mbunscoil sa chúram seo. Seans nach cáineadh ar an gcóras oideachais atá anseo ach gur léiriú atá sa dearcadh seo ar na hionchais réadúla atá ag tuismitheoirí maidir leis an méid is féidir leis an scoil a bhaint amach. Mar a deir Fishman (1991) i

dtaobh an róil atá ag an scoil in insealbhú mionteanga, 'How much can the school ... reasonably be expected to do ... in connection with fostering the early acquisition and more fluent mastery of [a language]?' (Fishman, 1991: 368-369).

Ar an taobh eile den scéal, bhí tromlach mór tuismitheoirí ann a léirigh míshástacht leis an gcóras scolaíochta Gaeltachta. Labhair siad ar an díomá a bhí orthu faoin tionchar a bhí ag an scoil ar Ghaeilge a gcuid páistí go n-uige sin. Luaigh siad an tionchar a bhí á imirt ag an mBéarla ar Ghaeilge na bpáistí; an easpa forbartha a bhí déanta acu sa Ghaeilge; an easpa tuisceana a bhí acu ar struchtúir na teanga agus an míchruinneas a bhí á léiriú acu i labhairt na teanga.

Bhí sé soiléir ón méid a bhí le rá ag na tuismitheoirí go raibh tionchar an Bhéarla le brath ar an nGaeilge a labhair a gcuid páistí tar éis dóibh tosú ar scoil, idir fhocail Bhéarla sa chaint agus an méid Béarla a bhí á labhairt acu lena gcuid cairde. Is tuairim é seo a léirigh tuismitheoirí eile i dtaighde Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.* (2007: 452), agus aithníonn Cummins (2001) go bhfuil a leithéid d'fheiniméan ann nuair a deir sé, 'children's mother tongues are fragile and easily lost in the early years of school ... educators are often much less aware about how quickly children can lose the ability to use their mother tongues ... they may retain receptive skills in the language but they will use the majority language in speaking with peers and siblings' (Cummins, 2001: 19).

I gcodarsnacht leis na tuismitheoirí a bhí sásta leis an scoil Ghaeltachta, léirigh na tuismitheoirí eile seo gur cheap siad go raibh caighdeán Gaeilge a gcuid

páistí tite agus go raibh Gaeilge mhíchruinn forbartha acu. I gcásanna áirithe, luadh gurbh fhearr an Ghaeilge a bhí ag a bpáistí féin nuair a bhí siad níos óige. Is feiniméan é seo, ar a dtugtar an dátheangachas dealaitheach, a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tarlaíonn sé go minic, '[when] the context is one of a majority and a minority language co-existing' (Baker, 2006: 277). Is iad na tréithe a bhaineann leis an gcineál seo dátheangachais go mbíonn forbairtí sa mhórtheanga ag cur as do chumas an chainteora sa phríomhtheanga.

Léiríodh díomá freisin faoin easpa forbartha a bhí déanta ag a gcuid páistí ar a dteanga dhúchais, agus cheistigh siad na háiseanna a bhí in úsáid ag an scoil chun an Ghaeilge a mhúineadh do gach páiste. Ó thaobh na leabhar léitheoireachta de, mar shampla, dúirt tuismitheoir amháin nár thuig sí cén fáth a mbeadh an leabhar léitheoireachta céanna ag a páiste féin agus atá ag na gasúir sin '*nach bhfuil an ceathrú cuid Gaeilge acu.*' Tugann an ráiteas seo le fios go n-airíonn tuismitheoirí Gaeltachta go bhfuil riachtanais áirithe teanga ag a bpáistí féin nach ionann agus na riachtanais a bhíonn ag páistí nach í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh acu.

I gcomhthéacs na Gaeltachta, a bhfuil córas scolaíochta ann a thugann tús áite don Ghaeilge, teanga ar mionteanga í, ach a ghlacann le gach páiste, cuma cén aois, in ainneoin nach bhfuil aon eolas acu ar an teanga, tá sé tábhachtach go mbeadh múnla oideachais ann atá in ann freastal a dhéanamh ar riachtanais dhifriúla cainteoirí Gaeilge agus riachtanais cainteoirí nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Cuireann Baker (2006) múnlaí éagsúla ar fáil dúinn a dhéanann cur síos ar na bealaí éagsúla a bhféadfaí é seo a dhéanamh. Ar ndóigh, luaigh roinnt tuismitheoirí gur múnla amháin acu seo, an tumoideachas, a bhí mar pholasaí

teanga sa scoil cé gur cuireadh in iúl go raibh roinnt fadhbanna acu leis an mbealach a raibh an polasaí seo á chur i bhfeidhm. Ach luann Baker na tréithe a bhaineann leis an tumoideachas; teanga níos simplí á húsáid ag an múinteoir; níos mó athrá ag an múinteoir le tuiscint an fhocail labhartha a fhorbairt i measc daltaí; níos lú den cheartúchán ar siúl ag an múinteoir, an bhéim á leagan ar an gcumarsáid (Baker, 2006: 308). Ag féachaint ar an gcur síos seo ar an tumoideachas, ní cosúil gurb é is fearr do pháistí ar cainteoirí dúchais iad.

Luann Baker múnla eile, *'Heritage and Maintenance'*, múnla a bhfuil an chuma air go mbeadh sé níos oiriúnaí do pháistí Gaeltachta ar cainteoirí dúchais iad (Baker 2006: 248). Ach mar a deir Baker é féin, 'A danger of the term 'heritage' is that it points to the past and not the future' (Baker, 2006: 241), agus mar a deir Otheguy agus Otto (1980), tá fadhb ann leis an bhfocal 'maintenance' fé mar a úsáidtear é i dtaca le múnlaí oideachais. Maíonn Otheguy agus Otto nach mór soiléiriú a dhéanamh ar an téarma 'maintenance'. Déanann siad idirdhealú idir 'developmental maintenance' agus 'static maintenance':

As the names imply, developmental maintenance refers to the goal of proficiency and literacy in the home language equal to English, while static maintenance refers to simply preventing the loss of whatever skills students already have (Otheguy agus Otto, 1980: 351).

Ó tharla go bhfuil córas scolaíochta i bhfeidhm sa Ghaeltacht a mheascann cainteoirí dúchais, athdhúchais, leathdhúchais agus foghlaimeoirí le chéile, is deacair a rá má tá aon mhúnla ann a dhéanfadh freastal ar riachtanais teanga gach duine acu in aon seomra ranga amháin.

Maidir le cumas Béarla a gcuid páistí, bhí tuismitheoirí go láidir den tuairim go raibh siad ag iarraidh go mbeadh Béarla maith ag a gcuid páistí, tuairim a thacaíonn leis na tuairimí ó thuismitheoirí eile, a tuairiscíodh i dtaighde Uí lfeárnáin (2007). Ach leag tuismitheoirí béim ar an tábhacht a bhí le bunús maith scileanna litearthachta sa Ghaeilge. Tá tacaíocht ar fáil don tuairim seo sa litríocht idirnáisiúnta. Tagraíonn Benson (2000) don phointe seo nuair a leagann sí béim ar an tábhacht atá le hoideachas a chur ar fáil do pháistí ina dteanga dhúchais; ‘Mother tongue-based bilingual education means starting with the learner’s knowledge and experience by developing reading writing and thinking skills in the mother tongue ... while teaching the second or foreign language as a subject’ (Benson, 2004: 4). Tá cur síos ar fáil ó Cummins (2001), agus ó Thomas and Collier (2001) ar na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige seo chun ardleibhéal dátheangachais agus délitearthachta a chothú i bpáistí.

Ach ráitis na dtuismitheoirí ar fad a chur i gcomparáid lena chéile, tabharfar na rudaí seo a leanas faoi deara:

- Bhí dearcaidh na dtuismitheoirí le roinnt idir dhá bhunghrúpa, agus bhí an chuma ar an scéal go raibh na dearcaidh seo ag brath ar chumas teanga an tuismitheora féin. Cé go raibh eisceachtaí ann, is iad na tuismitheoirí a raibh an Ghaeilge foghlamtha acu mar dhaoine fásta a léirigh sástacht leis an gcóras scolaíochta Gaeltachta agus is iad na tuismitheoirí ar cainteoirí dúchais iad a léirigh míshástacht leis.
- Go raibh aontas i measc na dtuismitheoirí ar na pointí seo a leanas:
 - Go raibh an tuiscint a bhí ag an gcóras scolaíochta an-difriúil ón tuiscint a bhí ag tuismitheoirí Gaeltachta ar an n-í is ‘Gaeilge mhaith’ ann i measc cainteoirí óga Gaeilge.

- o Nach raibh léirithe ag an gcóras scolaíochta gur aithin sé go raibh riachtanais dhifriúla teanga i measc na bpáistí ar cainteoirí Gaeilge iad ó thaobh fhorbairt agus saibhreas na teanga de.
- o Go raibh an chuma ar an gcóras scolaíochta go raibh gach cúnamh dá raibh ar fáil uaidh dírithe ar pháistí ar foghlaimeoirí Gaeilge iad agus nach raibh an córas toilteanach ná in ann aon chúnamh breise a chur ar fáil do pháistí le 'Gaeilge mhaith'.

5.6 Plé ar ráitis ó thuismitheoirí eile Gaeltachta

Ag deireadh gach fócasghrúpa, bhí plé oscailte ar na ráitis a tógadh as an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007).

Bhain na hábhair sna ráitis seo le freagraí nó réitigh a mhol thuismitheoirí ar cheist na teanga sna scoileanna Gaeltachta. Bhain ráiteas amháin acu leis an ngá go gcuirfí polasaí iontrála i bhfeidhm sna scoileanna agus an ceann eile leis an ngá go gcuirfí scoileanna faoi leith ar fáil do pháistí a bhí á dtógaint le Gaeilge.

Thar aon ábhar eile a pléadh sna fócasghrúpaí, bhí na ráitis seo ar na rudaí ba chonspóidí ar labhair na thuismitheoirí fúthu.

I gcodarsnacht leis na tuairimí a léiríodh níos túsce sna fócasghrúpaí, nuair a d'aontaigh thuismitheoirí lena chéile formhór an ama, bhí réimse na dtuairimí an-leathan le linn an phlé seo. In ainneoin go raibh aontas agus comhbhá le brath idir na rannpháirtithe go n-uige sin sna fócasghrúpaí, bhí easaontú agus difríochtaí suntasacha le haireachtáil idir na tuairimí a nochtadh sa chuid áirithe

seo den phlé. Cé go raibh an diongbháilteacht chéanna le haithint sna dearcaidh a bhí ag daoine, ba mhór, mar sin féin, idir na tuairimí a nocht siad sa chuid áirithe seo den phlé.

Ba dhíol spéise é go raibh tuairimí ag daoine a bhí an-chosúil lena chéile ar go leor ábhar a bhain le cúrsaí teanga a gcuid páistí ach go raibh dearcaidh chomh difriúil acu ansin maidir leis na réitigh a cuireadh os a gcomhair. Ní hé go raibh achrann le brath i measc na rannpháirtithe; bhí an t-atmaisféar róchairdiúil eatarthu faoi dheireadh an tseisiúin le go mbeadh dímheas ná masla á dtaispeáint. Ach ón méid a dúradh, ba léir nach dtiocfadh leo réiteach go brách faoi na ráitis a cuireadh faoina mbráid.

Chríochnaigh na fócasghrúpaí leis an bplé ar na hábhair seo. Is díol machnaimh cé mar a d'fhéadfadh an pobal teanga seo aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann leis an gcóras scolaíochta Gaeltachta murar féidir leo teacht ar chomhthuiscint faoi na céimeanna (ar céimeanna raidiciúla iad i gcásanna áirithe) ar gá tabhairt fúthu chun an córas a chur ina cheart.

Caibidil 6 - Tatal agus Moltaí

6.1 Réamhrá

Déanfar iarracht sa chaibidil seo tatal a bhaint as an méid a tháinig chun solais sna fócasghrúpaí. Ó tharla nach raibh páirteach sa staidéar seo ach sampla beag tuismitheoirí as ceantar Gaeltachta amháin, ní féidir a mhaíomh go bhféadfaí ginearálú a dhéanamh ar an méid a bhí le rá ag na rannpháirtithe. Ach mar sin féin, tá léargas san obair thaighde seo ar na tuairimí atá ag ceithre ghrúpa bheaga tuismitheoirí Gaeltachta atá ina gcónaí i gcroílár cheann de na Gaeltachtaí is láidre dá bhfuil fágtha sa tír. Creideann an taighdeoir go dtugann an méid a dúradh sna fócasghrúpaí pictiúr níos iomláine dúinn maidir leis an méid atá ag titim amach sa Ghaeltacht chomhaimseartha ag leibhéal an teaghlaigh agus na scoile.

Is léir nach bhfuil ag éirí leis na scoileanna Gaeltachta cothrom na Féinne a thabhairt d'aos óg na Gaeltachta i dtaca lena dteanga féin. Tá an-tuiscint ag cuid mhaith de na tuismitheoirí ar na fadhbanna a bhaineann leis an gcóras oideachais Gaeltachta maidir le cúrsaí teanga an aosa óig. Bíodh sin mar atá, ní cosúil gur féidir leo teacht ar aonfhocal maidir le réiteach a fháil ar na fadhbanna sin.

Ag deireadh na caibidle seo, déanfar moltaí, bunaithe ar an eolas a bailíodh sna fócasghrúpaí, chun dul i ngleic le roinnt de na fadhbanna a léiríodh maidir leis an gcóras oideachais Gaeltachta.

6.2 Tátal

Tar éis don taighdeoir éisteacht leis an méid a bhí le rá sna fócasghrúpaí, is léir go bhfuil tuiscint mhaith ag na tuismitheoirí seo ar an suíomh teangeolaíoch a bhfuil siad féin ag feidhmiú ann. Is daoine iad a bhfuil an Ghaeilge ina teanga teaghlaigh acu agus a bhfuil ag éirí leo páistí a thógaint mar chainteoirí dúchais Gaeilge in ainneoin na ndeacrachtaí a luaigh siad agus in ainneoin an ról a imríonn teangacha eile ina saol. De bharr na gcúlraí éagsúla teangeolaíocha atá ag na tuismitheoirí seo, is féidir a gcuid páistí a rangú mar Chainteoirí Dúchais, Athdhúchais agus Leathdhúchais. Is léiriú é seo ar an meascán teangeolaíoch atá i réim sa Ghaeltacht chomhaimseartha.

Is léir go bhfuil suim faoi leith in oideachas a gcuid páistí ag na tuismitheoirí seo agus go bhfuil go leor taithí agus saineolais cruinnithe acu ar an gcóras bunscolaíochta sa Ghaeltacht. Tá siad in ann léirmheas cruinn, cuimsitheach a thabhairt ar an gcóras seo, ós dóibh a cuireadh an córas ar fáil, agus cur síos beacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an gcóras céanna ar a gcuid páistí, maidir le cumas cainte agus patrúin teanga sa Ghaeilge, bídís sa bhaile nó ar scoil.

Chonacthas go dtuigeann siad an ról tábhachtach a imríonn an teaghlach ós é an t-aonad is éifeachtaí agus nádúrtha é chun an Ghaeilge, mar mhionteanga, a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile, rud a thacaíonn leis an méid a deir Fishman (2001). Feiceann na tuismitheoirí seo an nasc idir an scoil agus an baile; go mbíonn an dá áit fite fuaite ina chéile agus go mbíonn tionchar ar chúrsaí teanga sa bhaile ag an méid a bhaintear amach ar scoil agus *vice versa*.

Bhí sé soiléir go bhfuil na tuairimí eolasacha seo bunaithe ar a dtairmí féin mar thuismitheoirí atá ag déanamh a ndíchill páistí a thógaint le mionteanga i saol a bhfuil brú an Bhéarla le haireachtáil i ngach gné de. I gcomhthéacs na Gaeltachta, is luachmhar an tairmí atá acu agus feiceann an taighdeoir an fiúntas a bheadh leis an eolas atá bailithe acu a roinnt le thuismitheoirí eile atá sa suíomh céanna leo. B'fhiú freisin an t-eolas atá acu a roinnt le daoine atá ag obair sa chóras scolaíochta sa Ghaeltacht mar, de réir an méid a dúradh sna fócasghrúpaí, tá an chuma ar an scéal go bhfuil roinnt daoine atá bainteach leis an gcóras nach bhfuil traenáil chuí faighte acu a chabhródh leo suíomh sainiúil na Gaeltachta a thuiscint.

Is léir go bhfuil tuiscint ag thuismitheoirí ar na castachtaí a bhaineann le cúrsaí teanga i gcomhthéacs na Gaeltachta, áit a bhfuil idir Bhéarla agus Ghaeilge mar theanga pobail, agus ar an tslí a gcuireann na castachtaí sin brú ar an gcóras scolaíochta sa Ghaeltacht. Tá sé soiléir go bhfuil siad in ann cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar na háiteanna a bhfuil laigí ar an gcóras maidir leis an mbealach a ndéanann sé freastal ar riachtanais teanga a gcuid páistí féin.

Luadh sa phlé a deineadh go bhfuil na thuismitheoirí seo ag iarraidh go mbeadh a gcuid páistí dátheangach. Tá siad ag iarraidh go mbeadh Béarla maith ag a gcuid páistí, ach tá siad ag súil leis go mbeidh cumas ard acu sa Gaeilge chomh maith. Ach is cosúil go bhfuil neamhréiteach ann idir mianta na dtuismitheoirí seo agus spriocanna na scoileanna. Is feiniméan é seo ar scríobh Skutnabb-Kangas (1995) faoi i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Deir sí gur minic go maítear ag leibhéal údarásach oideachais go bhfuiltear ag iarraidh an dátheangachas a bhaint amach i measc páistí scoile, 'but when this claim is analysed, it transpires

that the definitions used by majorities and minorities of bilingualism as the educational goal are different' (Skutnabb-Kangas, 1995: 46). I gcomhthéacs na Gaeltachta, is cosúil go bhfuil tuiscint áirithe ag na scoileanna ar an dátheangachas agus ar an gcur chuige is fearr leis an dátheangachas a bhaint amach, ach go bhfuil tuiscint eile ar fad ag na tuismitheoirí Gaeltachta seo ar an bhfocal 'dátheangach'. Is cosúil freisin go bhfuil difríochtaí idir an méid atá an scoil a bhaint amach agus an méid ba mhaith le tuismitheoirí éagsúla Gaeltachta a fheiscint mar thoradh ar oideachas a gcuid páistí i dtaca le cumas cainte agus patrúin teanga sa Ghaeilge.

Ó tharla go bhfuil na tuismitheoirí a ghlac páirt sa staidéar seo míshásta le gnéithe áirithe den chóras oideachais, is léir go bhfuil gá le soiléiriú maidir le polasaí oideachais an Stáit agus maidir le polasaí teanga na scoileanna Gaeltachta i dtaca leis an saghas dátheangachais atá i gceist acu a fhorbairt i measc páistí Gaeltachta. Fé mar atá cúrsaí faoi láthair, is cosúil go bhfuil polasaí teanga ag roinnt scoileanna. Ach feictear don taighdeoir go bhfuil na polasaithe seo neamhfhorbartha agus go bhfuil easpa tuisceana ann i measc na ndaoine céanna atá in ainm iad a chur i bhfeidhm. Nó go ndrúchtófar na polasaithe seo ar bhealach a thuigfidh gach duine, nó go mínítear an tábhacht a bhaineann leo ar bhealach a thuigfidh múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí, is deacair a fheiscint conas a d'fhéadfaidís oibriú ná go deimhin aon fhiúntas a bheith leo.

Ach féachaint ar an méid a dúradh sna fócasghrúpaí, is léir go n-aithníonn na tuismitheoirí Gaeltachta seo gur cainteoirí dúchais de chineálacha éagsúla iad a gcuid páistí, agus go n-aithníonn siad go bhfuil riachtanais teanga dhifriúla ag a gcuid páistí ar fad, agus nach ionann na riachtanais seo agus na riachtanais a

bhíonn ag foghlaimoirí Gaeilge. Ní raibh aon táscairí ann, áfach, a thabharfadh le fios go n-aithníonn an córas scolaíochta Gaeltachta go bhfuil cainteoirí éagsúla dúchais ann, ná go mbíonn riachtanais teanga dhifriúla acu. De réir an méid a dúradh sna fócasghrúpaí, is cosúil go bhfuil an córas scoile fós ag roinnt na ndaltaí idir dhá ghrúpa; cainteoirí maithe Gaeilge agus páistí ar bheagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith. Dealraíonn sé go bhfuil cúnaimh agus tacaíocht ar fáil don dara grúpa seo ach gur fíor-bheagán acmhainní a chuirtear ar fáil do na cainteoirí maithe Gaeilge chun cabhrú leo cur lena saibhreas agus cruinneas teanga. Ní hamháin sin, ach go bhfuil tuiscint dhifriúil ag an scoil seachas mar atá ag tuismitheoirí Gaeltachta ar an rud is *'Gaeilge mhaith'* ann.

Faightear léargas sa staidéar seo go bhfuil tuiscint ag na tuismitheoirí seo ar na laincísí atá ar an gcóras scolaíochta agus, go pointe, go dtugann sé seo míniú dóibh ar an gcaighdeán Gaeilge atá a gcuid páistí a bhaint amach. Ach ina ainneoin seo, chonacthas go bhfuil fadhbanna acu le gnéithe eile d'iompar teanga a gcuid páistí. Bíonn deacrachtaí acu, uaireanta, le húsáid an Bhéarla a thuiscint nó a mhíniú. Agus bíonn deacrachtaí acu freisin leis an ról ba cheart dóibh a thabhairt dóibh féin chun dul i ngleic leis na fadhbanna, mar a fheiceann siadsan iad, a bhaineann le nósmaireacht chainte a gcuid páistí nó le forbairt a gcuid Gaeilge.

Feictear don taighdeoir nach bhfuil an córas scolaíochta in ann aon chúnaimh a thabhairt do thuismitheoirí leis na fadhbanna seo a réiteach de bharr easpa acmhainní nó easpa tuisceana. In amanna, go deimhin, is cosúil go mbíonn tionchar an chórais scolaíochta ina bhac ar an obair atá tuismitheoirí a

dhéanamh sa bhaile leis an deis is fearr a chur ar fáil dá gcuid páistí an Ghaeilge a insealbhú, a chleachtadh agus a fhorbairt de réir a gcumais féin.

Tá an taighdeoir den tuairim nach bhfuil an saineolas cuí ag cuid mhaith den chóras scolaíochta sa Ghaeltacht chun cabhrú le tuismitheoirí Gaeltachta. Is cosúil nach gcuirtear aon traenáil ar fáil do mhúinteoirí chun déileáil le páistí ar cainteoirí dúchais iad a thagann isteach i gcóras scolaíochta atá ag déileáil le riachtanais foghlaimoirí Gaeilge sa seomra ranga céanna leo. Léiríonn sé seo an gá atá le seirbhísí proifisiúnta a chur ar fáil, tríd an scoil nó na seirbhísí poiblí, a chuirfeadh comhairle agus treoir ar fáil do thuismitheoirí le dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le forbairt teanga a gcuid páistí. Tá gá freisin le tacaíocht ó dhaoine a bhfuil traenáil ghairmiúil faighte acu i gcúrsaí dátheangachais agus atá in ann tarraingt ar an eolas is comhaimseartha dá bhfuil ar fáil go hidirnáisiúnta. Thabharfadh tacaíocht den sórt seo cabhair do theaghlaigh agus do scoileanna aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhaineann leis an dátheangachas i gcomhthéacs oideachais na Gaeltachta, comhthéacs a bhfuil mórtheanga agus mionteanga i gceist ann.

Tá an taighdeoir den tuairim nach bhfuil an córas, fé mar atá, in ann freastal ar an meascán riachtanas seo. Ba dhíol spéise é taighde a dhéanamh ar thuismitheoirí ar Béarlóirí iad, ach a bhfuil páistí acu ag freastal ar bhunscoil lánGhaeilge, feiscint an dóigh leosan go bhfuil an córas ag freastal ar riachtanais teanga a gcuid páistí féin.

Ag deireadh gach fócasghrúpa, bhí easaontas idir na rannpháirtithe. Ní raibh tuismitheoirí in ann aontú ar na ráitis éagsúla a cuireadh os a gcomhair. Is é a

bhí sna ráitis seo moltaí maidir le réitigh éagsúla ar na laigí a aithníodh ar an gcóras oideachais Gaeltachta maidir leis an bhfreastal a bhí á dhéanamh ar chainteoirí dúchais Gaeilge.

Feictear don taighdeoir gurb é an chúis a bhí leis an easaontas sin go bhfuil dearcaidh éagsúla ag tuismitheoirí ar an gcóras scolaíochta sa Ghaeltacht. Is féidir cur síos ar na dearcaidh sin mar seo:

- Go gceapann tuismitheoirí áirithe go bhfuil na scoileanna Gaeltachta faoi bhagairt ag líon na bpáistí atá ag teacht isteach iontu gan Ghaeilge agus é de dhualgas orthu Gaeilge a mhúineadh dóibh. Agus a fhad is atá na scoileanna á dhéanamh sin, níl siad ag cur oideachas oiriúnach ar fáil do na páistí a bhfuil Gaeilge acu ó dhúchas.
- Go gceapann tuismitheoirí eile, in ainneoin na bhfadhbanna ar fad a aithnítear, nach bhfuil na scoileanna Gaeltachta faoi bhagairt chomh mór sin; go bhfuil siad in ann dul i ngleic leis na fadhbanna atá ann agus nach bhfuil gá gníomhú chun stádas na Gaeilge sna scoileanna a chosaint.
- Go bhfuil tuismitheoirí eile fós den tuairim go bhfuil stádas na Gaeilge i mbaol sna scoileanna Gaeltachta ach nach bhfuil d'acmhainn ag an gcóras scolaíochta cás a dhéanamh don líon beag cainteoirí dúchais atá fágtha. Feictear do na tuismitheoirí seo gurb é an réiteach atá ar an bhfadhb líon na gcainteoirí Gaeilge atá ann a mhéadú. Chun é seo a dhéanamh, ní mór níos mó cúnamh agus acmhainní a chur ar fáil do na foghlaimeoirí atá ar scoil.

Tá go leor eolais ar fáil chun tacú leis na dearcaidh éagsúla seo. Tá staitisticí agus tuarascálacha ar fáil (Mac Donnacha *et al.*, 2004; An Daonáireamh; Scéim Labhairt na Gaeilge; Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007; Ó hIfeárnáin, 2007) a léiríonn an cruachás a bhfuil na Gaeltachtaí agus na scoileanna Gaeltachta ann. Tá litríocht ar fáil go hidirnáisiúnta faoin tslí a bhfaigheann teangacha bás (Skutnabb-Kangas, 1984, 2000; Crystal, 2000) agus na bealaí a mbreathnaíonn daoine ar an bpróiseas atá ag tarlúint mórthimpeall orthu. Tá eolas ar fáil ar na bealaí is fearr chun teanga a athbheochan trí líon na gcainteoirí a ardú (Fishman, 1991, 2001) agus an ról atá ag institiúidí oideachais sa chúram seo (Gaelscoileanna, 2006; Hickey, 1999).

Ach is minic go mbraitheann an dearcadh atá ag daoine ar a suíomh pearsanta féin. Bíonn tionchar ag an méid a fheiceann siad timpeall orthu ar an dearcadh a bhíonn acu. Má tá siad ina mbaill de ghréasán láidir cainteoirí dúchais Gaeilge, is mó seans go mbeidh siad den tuairim go bhfuil seasamh láidir ag an nGaeilge i gcónaí. Má airíonn siad go bhfuil a suíomh sóisialta féin lag ó thaobh na Gaeilge de, is mó seans go n-aireoidh siad go bhfuil an Ghaeilge lag. Dá mhéid eolais agus tuisceana atá ag daoine ar chúrsaí mionteangacha i dtíortha eile agus i gceantair eile in Éirinn, is fearr atá siad in ann dearcaidh réadúla a mhúnlú. Tá táscairí ann a léireodh go bhfuil gá le níos mó eolais a chur ar fáil do na tuismitheoirí Gaeltachta seo agus do na daoine atá ag obair sa chóras scolaíochta le go mbeadh tuisceant níos forleithne ar chúrsa mionteanga acu agus go mbeadh bunús níos eolasaí le pé dearcadh a mhúnlaíonn siad.

Braitheann cur chuige agus cur i bhfeidhm rathúil polasaí Gaeilge ar bith (idir pholasaí Stáit nó pholasaí scoile) ar go leor rudaí. Braitheann sé ar an meon agus

ar an gcreidiúint atá ag daoine ina thaobh. Braitheann sé ar an dearcadh agus ar an tacaíocht a thugann gach duine dó, idir mhúinteoirí, thuismitheoirí agus pháistí. Tá sé rí-thábhachtach, mar sin, go gcuirtear ar fáil gach eolas a bhaineann leis an ábhar do na grúpaí seo ar bhealach a thuigeann siad féin.

Is léir ón taighde a deineadh don staidéar seo go raibh go leor eolais ag thuismitheoirí áirithe sna fócasghrúpaí ar chúrsaí oideachais agus ar chúrsaí mionteanga. Ach fós féin, bhí easaontas ann ag an bpointe sa phlé a mbeifí ag súil le haontas. Feictear don taighdeoir go bhfuil fáth eile ann nach raibh na rannpháirtithe in ann aontú ar na ráitis a pléadh ag deireadh na bhfócasghrúpaí. Is é sin go bhfuil coimhlint ann idir na luachanna pearsanta atá acu.

Léirigh na thuismitheoirí uile gur rud luachmhar, suntasach dóibhsean í an Ghaeilge, a bhfuil áit lárnach aici ina saol mar uirlis chumarsáide chun an duine féin a chur in iúl, chun cur síos a dhéanamh ar thaithí an tsaoil agus chun inchinn an duine a fhorbairt. Ach léirigh siad freisin go bhfaca siad iad féin mar bhaill de phobal dátheangach Gaeltachta agus go raibh tábhacht leis an bpobal sin dóibhsean.

Leag cuid de na thuismitheoirí luach níos mó ar an nGaeilge agus cuid eile acu luach níos mó ar an bpobal. Bhí cuid eile acu fós idir dhá cheann na meá agus gan iad in ann aon cheann acu a roghnú thar a chéile. D'fhág sé seo go raibh easaontas idir na thuismitheoirí in ainneoin gur léir go dtí an pointe sin go raibh aontas eatarthu maidir leis na fadhbanna a aithníodh sa chóras oideachais. Is léiriú an méid seo ar chomh casta is atá an suíomh sochtheangeolaíoch Gaeltachta.

Tá an taighdeoir den tuairim go bhfuil dhá cheist anseo a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu.

- Go bhfuil gá le heolas a scaipeadh i measc na dtuismitheoirí Gaeltachta agus na múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta maidir leis an nGaeilge mar mhionteanga. Mar a deir Crysal (2000) 'most people ... do not know just how quickly a bilingual community can become monolingual. They look around them, see others still speaking the language and conclude that the language is strong. They may believe that their language is under special protection' (Crystal, 2000:108). Ní gá d'aon tuismitheoir ná d'aon mhúinteoir seasamh faoi leith a thógaint ar son nó in aghaidh na Gaeilge, ach ba chóir go mbeadh eolas ag gach duine atá bainteach leis an gcóras oideachais ar na himpleachtaí a bhaineann leis na polasaithe agus na cleachtais atá á leanúint faoi láthair.
- Gur laige mhór ar an gcóras oideachais Gaeltachta go mbraitheann na tuismitheoirí Gaeltachta seo go gcaitheann siad rogha a dhéanamh idir tábhacht na Gaeilge agus tábhacht an phobail. Feictear don taighdeoir gur den riachtanas é go ndéanfadh an Rialtas, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus na scoileanna Gaeltachta iad féin, a gcuid aidhmeanna a leagan amach go soiléir maidir leis an méid atá siad ag iarraidh a bhaint amach sa Ghaeltacht, agus maidir leis an mbealach a bhfuil súil acu sin a dhéanamh. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le tacaíocht na dtuismitheoirí sa chúram seo, is den riachtanas é go mbeadh na tuismitheoirí ar suim leo an t-ábhar ina gcuid den phróiseas sin.

6.3 Moltaí

Baineann go leor de na ceisteanna a ardaíodh sna fócasghrúpaí leis na scoileanna Gaeltachta iad féin, le hoiliúint múinteoirí agus leis an ról atá ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Is cinnte go bhfuil moltaí le déanamh maidir le dul i ngleic leis na ceisteanna áirithe seo. Braitheann an taighdeoir, áfach, go bhfuil cíoradh cuimsitheach déanta ar na ceisteanna seo i dtuarascála eile a bhaineann leis an gcóras oideachais Gaeltachta agus go bhfuil moltaí ciallmhara déanta dá réir (Hickey, 1999; Mac Donnacha *et al.*, 2004; Mac Donnacha, 2005; Ó Giollagáin, Mac Donnacha *et al.*, 2007; Ó hIlfearnáin, 2007).

Braitheann an taighdeoir nach bhfuil dóthain forbartha déanta ar na ceisteanna seo ó thaobh an ról atá ag tuismitheoirí sa scéal. Sa tráchtas seo, mar sin, is mian leis an taighdeoir pé moltaí a dhéanfar a theorannú go dtí ról na dtuismitheoirí i réiteach na gceisteanna agus an bealach ar féidir le scoileanna agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tacaíocht a thabhairt dóibh. Ar an mbonn sin, déantar na moltaí seo a leanas.

6.3.1 Moltaí i dtaobh tuismitheoirí Gaeltachta

Tá gá le feasacht tuismitheoirí Gaeltachta a ardú maidir leis an ról tábhachtach atá acu i roghnú na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus i mbainistiú úsáid agus chaighdeán na Gaeilge i measc a gcuid páistí. Molaim go gcuirí i bhfeidhm an t-ardú feasachta ag staid an-luath i saol tuismitheoireachta an phobail. Is den tábhacht é go mbeadh tuismitheoirí feasach ar na himpleachtaí a bhaineann leis na cinní a dhéanann siad maidir le nósmaireacht teanga a gcuid páistí. D'fhéadfaí an t-ardú feasachta a nascadh leis na hinstiúidí oideachais agus leis na scéimeanna teanga atá ann cheana féin. D'fhéadfadh, mar shampla,

eagraíocht cosúil le Comhluadar feachtas eolais a eagrú a bheadh dírithe ar thuismitheoirí óga Gaeltachta. Ní mór seisiúin eolais a reáchtáil ina labhródh saineolaithe le thuismitheoirí nuair a dhéanann siad teagmháil den chéad uair leis na hinstiúidí oideachais Gaeltachta, nuair a bhíonn siad ag clárú páistí don naíonra nó don bhunscoil, cur i gcás. Tá gá le cúrsaí tuismitheoireachta a chur ar fáil a dhíreodh ar chúrsaí teanga sa teaghlach. D'fhéadfaí na cúrsaí seo a nascadh le hiarratas a dhéantar ar Scéim Labhairt na Gaeilge. Tá gá, chomh maith, le seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil ar bhonn leanúnach chun cabhrú le thuismitheoirí déileáil leis na dúshláin a bhaineann le páistí a thógaint le Gaeilge, ag gach staid dá saol.

Molaim go gcuirfí ar fáil – tríd an scoil nó trí sheirbhís tacaíochta teaghlaigh phoiblí – gréasán eolais agus teagmhála do thuismitheoirí. Bheadh thuismitheoirí in ann gréasán den sórt seo a úsáid chun taithí, tuairimí agus comhairle a roinnt le thuismitheoirí eile atá ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin chéanna agus iad ag tógaint a bpáistí le Gaeilge.

Molaim chomh maith go mbunófaí Comhairle na dTuismitheoirí Gaeltachta chun bealaí cumarsáide a bhunú idir an córas oideachais Gaeltachta agus thuismitheoirí na Gaeltachta. Bheifí ag súil go bhféadfadh an dá dhream seasamh lena chéile chun leasa na bpáistí Gaeltachta ar fad.

6.3.2 Moltaí i dtaobh scoileanna Gaeltachta

Tá gá le córas measúnaithe foirmeálta a chur i bhfeidhm i ngach scoil Ghaeltachta a bhaileodh eolas faoi chúlra teangeolaíoch gach páiste a chláraíonn leis an scoil. Molaim gur bunaithe ar an suíomh inar shealbhaigh an

páiste an teanga/na teangacha atá aige, de réir théarmaíocht Uí Ghiollagáin (2002), a dhéanfaí an measúnú seo. Molaim go mbainfeadh foireann na scoile úsáid as an eolas seo chun pleanáil a dhéanamh ó na Naíonáin Bheaga aníos go dtí páistí Rang 6 .i. go mbainfí úsáid as an eolas chun an leas is fearr a bhaint as na háiseanna agus na hacmhainní atá ag an scoil le freastal a dhéanamh ar na riachtanais theangeolaíocha éagsúla atá ag daltaí na scoile.

Ina theannta sin, ní mór córas measúnaithe a chur i bhfeidhm i ngach scoil, a dhéanfadh measúnú ar an bhforbairt a thagann ar Ghaeilge an pháiste. Ba cheart gur bunaithe ar chumas teanga gach páiste go haonarach seachas ar an meánchumas Gaeilge atá ag na páistí ar fad atá sa scoil a bheadh an measúnú seo.

Molaim go ndéanfadh gach scoil athbhreithniú ar an mbuiséad atá acu agus ar an tslí a mbaintear leas as na hacmhainní atá acu. Ní mór múinteoirí breise a chur ar fáil do chainteoirí dúchais ar an mbonn céanna leis na múinteoirí atá ar fáil do pháistí ar bheagán Gaeilge, é sin, nó go bhforbrófaí ról na gCúntóirí Teanga. Le tacaíocht den sórt seo, bheadh deis ag cainteoirí óga Gaeilge saineolas a chur ar a dteanga dhúchais, a gcuid scileanna litearthachta sa Ghaeilge a fhorbairt agus a gcuid Gaeilge a shaibhriú.

Tá gá le tuiscint agus cumas gairmiúil a fhorbairt i measc gach ball foirne maidir leis an gcleachtas múinteoireachta teanga is fearr a chuirfí i bhfeidhm sna seomraí ranga agus sa scoil trí chéile, chun mionteanga a mhúineadh go héifeachtach agus a chaomhnú i measc cainteoirí óga na mionteanga sin.

Ní mór próiseas a chur sa siúl chun polasaí cuimsitheach teanga a chur le chéile do gach scoil Gaeltachta a d'oirfeadh don phobal a bhfuil an scoil suite ann. Thabharfadh an polasaí teanga seo riachtanais an phobail agus dualgais na scoile de réir an Acht Oideachais (1998) san áireamh. D'fhéadfadh eagraíocht ar nós An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, i gcomhar le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta comhordú a dhéanamh ar an obair seo. Ba cheart ról lárnach a thabhairt do thuismitheoirí sa phróiseas seo.

Ag eascairt as an moladh thuas, tá gá le struchtúr a chur ar bun chun measúnú a dhéanamh go rialta ar cé chomh maith is atá scoileanna ag cur i bhfeidhm an pholasaí teanga atá acu agus go mbeadh páirt lárnach agus ghníomhach ag thuismitheoirí sa phróiseas sin.

Molaim go gcinnteodh gach scoil go mbeadh oiliúint leanúnach ghairmiúil á cur ar fáil do mhúinteoirí Gaeltachta chun iad a choimeád ar an eolas faoin gcleachtas idirnáisiúnta is fearr ó thaobh mionteangacha sa chóras oideachais agus faoin ról tábhachtach atá le himirt acu féin.

6.3.3 Moladh don Roinn Oideachais agus Eolaíochta i dtaobh an chórais oideachais Gaeltachta

Is den riachtanas é go gcuirí ar fáil do mhuintir na Gaeltachta uile roghanna múnlaí oideachais ar an mbun- agus ar an meánleibhéal a dhéanfaidh freastal ar na riachtanais teanga atá ag páistí na Gaeltachta trí chéile. Ba cheart gur bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr chun mionteanga a chaomhnú i measc cainteoirí dúchais agus chun mionteanga a mhúineadh d'fhoghlaimoirí a bheadh na múnlaí oideachais seo. Ba cheart go mbeadh gach páiste

Gaeltachta in ann leas a bhaint as an múnla oideachais is fearr a oireann dó féin ionas go bhféadfadh sé an fhorbairt oideachasúil is fearr a dhéanamh. Níor mhór sin a dhéanamh ar bhealach nach gcuirfeadh aon bhrú ar an bpobal trí chéile.

6.4 Focal Scoir

Is é an aidhm a bhí leis an staidéar seo iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh agus tuairimí tuismitheoirí Gaeltachta maidir leis an gcóras oideachais Gaeltachta. Trí shraith d'fhócasghrúpaí a chur ar bun, bailíodh eolas ó thuismitheoirí a bhfuil páistí bunscoile acu agus a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu. Is léiriú é an t-eolas a bailíodh ar na castachtaí a bhaineann leis an nGaeltacht chomhaimseartha agus ar na dúshláin atá roimh thuismitheoirí agus mhúinteoirí agus iad ag plé le páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad.

Cé go raibh an staidéar seo teoranta ó thaobh ama agus acmhainne de, táthar ag súil go mbeidh sé ina chabhair chun pictiúr níos iomláine a chruthú de chúrsaí teangeolaíoch sa Ghaeltacht.

Braitear go láidir, áfach, má táthar chun an pictiúr níos iomláine seo a chur le chéile nach mór níos mó taighde a dhéanamh. Dírithe ar an gcóras oideachais bunscoile a bhí an staidéar seo, ach teastaíonn níos mó eolais faoi na seirbhísí réamhscoile agus faoi na meánscoileanna Gaeltachta chomh maith. Ina theannta sin, teastaíonn níos mó eolais faoi phatrúin agus cleachtais teanga sna líonraí sóisialta agus sna líonraí teaghlaigh eile a mbíonn páistí Gaeltachta páirteach iontu. Teastaíonn eolas freisin faoi na ceantair Ghaeltachta eile atá sa tír.

Ag deireadh thiar, is é an t-údar dóchais is mó atá ag pobal na Gaeltachta go bhfuil cinneadh á dhéanamh ag tuismitheoirí Gaeltachta a gcuid páistí a thógaint le Gaeilge. Is cóir dúinne, mar mhúinteoirí agus mar thaighdeoirí, ár dtacaíocht a thabhairt dóibh.

Aguisíní

Aguisín 1

An litir a shínigh na rannpháirtithe ag tús an tseisiúin.

Bheinn buíoch díot ach an litir seo a léamh agus a shíniú roimh thús an tseisiúin.

Go raibh maith agat.

1 Míniúid dom go raibh an fócasghrúpa seo á reáchtáil chun tuairimí tuismitheoirí Gaeltachta a phlé.

2 Míniúid go mbeidh gach uile eolas a bailítear san fhócasghrúpa seo faoi rún agus faoi dhiscréid. Beidh cead ag Paula Nic Cionnaith é a úsáid mar fhoinsé taighde dá tráchtas MA. Ní bheidh aon úsáid eile á baint as.

3 Tuigim nach luafar ainm ar bith de na rannpháirtithe ná dá gcuid gasúr ná d'aon scoil sa tuarascáil a scríobhfar a bhaineann leis an bhfócasgrúpa seo.

Sínithe: _____

Dáta: _____

Aguisín 2

Na príomhcheisteanna a cuireadh sna fócasghrúpaí.

1 An Ghaeilge sa bhaile

- An cinneadh comhfhiosach a bhí ann an Ghaeilge a labhairt le bhur gcuid gasúr?
- Ar labhair sibh faoi le bhur bpáirtí?
- An raibh tionchar ag aon rud ar leith ar an gcinneadh seo?
(Tacaíocht ón gclann / Cúram leanaí a bheith ar fáil as Gaeilge / Pobal láidir Gaeilge mórthimpeall ort)
- Ar athraigh tú an cinneadh seo ar chor ar bith agus na gasúir ag fás aníos?
(Cad ba chúis leis an athrú?)
- An labhraíonn do chuid gasúr Gaeilge sa bhaile as a stuaim féin? Eatarthu féin?
- An mbíonn ort iad a spreagadh chun Gaeilge a labhairt?
(An bhfuil bealaí / seifteanna faoi leith agat chun é seo a dhéanamh?)
- An bhfuil aon ócáid nó suíomh nuair a cheapann tú go roghnaíonn siad Béarla in áit Gaeilge?
(Daoine / gasúr eile gan Ghaeilge - ag teacht chun an tí / gasúir eile le Gaeilge ag teacht ar cuairt? Ag caint faoi ábhar áirithe?)
- An ndeir tú aon rud má tharlaíonn sé seo? Leis na gasúir? Le tuismitheoirí na ngasúr?
- Sa chás go labhraíonn siad Béarla le cairde a bhfuil Gaeilge acu, an bpléann tú an cheist le do chuid gasúr féin / le tuismitheoirí na ngasúr seo?
- Cad iad na rudaí is mó a imríonn tionchar ar an teanga a labhraíonn gasúir sa bhaile? (An teilifís / Tuismitheoirí / Scoil / Cairde / Deartháireacha-Deirfiúracha)
- Ar chruthaigh an rogha teanga teannas riamh sa teach?
- Conas a chuirfeá síos ar chúrsaí teanga sa teach? An bhfuil an suíomh baile anois fé mar a cheap tú a bheadh nuair a thosaigh tú amach? Níos fearr/ níos measa ná mar a cheap tú a bheadh?
- An bhfuil an méid Gaeilge a labhraítear difirúil ón méid a cheap tú a labhrófaí?

2 An Ghaeilge agus an scoil

a. Do thaithí ar an scoil:

- Cén chaoi nó / agus cén fáth ar roghnaigh tú an bhunscoil?
- An raibh aon bhaint ag cúrsaí teanga leis an gcinneadh?

- An raibh aon eolas agat faoi pholasaí / cúrsaí teanga sular chláraigh tú an gasúr?
- Cé mhéid eolais a bhí agat?
- An ndearna tú aon mhachnamh ar an tionchar a bheadh ag an scoil ar Ghaeilge do chuid gasúr sula ndeachaigh siad ar scoil? (Cén saghas tionchair?)
- Cad leis a raibh tú ag súil do do chuid gasúr ó thaobh na Gaeilge de agus iad ag freastal ar scoil?
- Ar tháinig aon athrú ar do mheon faoin scoil ó thosaigh do chuid gasúr ag dul ann?

b. Do thuairimí ar an taithí a fuair tú:

- An chéad chúpla seachtain ar scoil:
 - Ar shocraigh na gasúir?
 - An raibh aon tionchar láithreach ag an scoil ar a gcuid Gaeilge/Béarla?
 - An raibh aon chomharthaí ann gur bhraith do chuid gasúr faoi bhrú Béarla a labhairt nó gan Gaeilge a labhairt?
 - Ar bhraith siad go raibh spás sábháilte sa scoil le Gaeilge a labhairt?
 - Ar bhraith siad go raibh aon rud difriúil nó speisialta faoi a bheith ag labhairt Gaeilge?
 - An raibh aon tionchar ag an naíonra ar an taithí a fuair do chuid gasúr? An raibh cairde acu ón naíonra ag an scoil?
 - An bhféadfá / conas a chuirfeá an scoil a chur i gcomparáid leis an naíonra? Cad iad na difríochtaí a bhí ann?
 - Ar cheap tú go raibh polasaí faoi leith ag an scoil chun déileáil le gasúir le Gaeilge?
- Tá comharthaí ann go dtarlaíonn rud amháin de dhá rud: go gcoimeádtar le chéile na gasúir a bhfuil Gaeilge acu NÓ go scaiptear amach iad i measc páistí gan Ghaeilge.
- Ar tharla sé seo i do chás-sa?
 - Cad é do dhearcadh faoin mbealach ar chaith an scoil le do ghasúr?
 - An bhfuair tú aon tacaíocht phraiticiúil ón scoil leis an nGaeilge? (Scéim na gCúntóirí Teanga)
 - An bhfuair tú aon tacaíocht ón scoil le do chuid iarrachtaí do ghasúr a thógaint le Gaeilge?

- An bhfuair tú aon tacaíocht ó na múinteoirí iad féin?

Go ginearálta:

- Cad a cheapann tú faoi chaighdeán Gaeilge labhartha na múinteoirí?
- Cad a cheapann tú faoi chaighdeán Gaeilge scríofa na múinteoirí?
- Conas a chuirfeá síos ar an gcumas (scríobh / léamh / labhairt) Gaeilge atá ag do chuid gasúr?
- Conas a chuirfeá an cumas sin i gcomparáid leis an gcumas Béarla atá acu?
- Cad é do mheas ar na háiseanna atá in úsáid sa scoil chun ábhair dhifriúla a mhúineadh trí Ghaeilge? (Sásúil? Feiliúnach? Comparáid leis na háiseanna as Béarla?)
- Cad é do mheas ar na háiseanna atá in úsáid sa scoil chun an Ghaeilge a mhúineadh? (Sásúil? Feiliúnach? Comparáid leis na háiseanna as Béarla?)
- Cad é do thuairim faoin teanga a labhraíonn gasúir sa chlós? An bhfuil sé tábhachtach?
- An bhfuil aon ról le himirt ag an scoil maidir leis an teanga a labhraíonn gasúir sa chlós?
- Conas ba cheart déileáil le gasúr (le Gaeilge / gan Ghaeilge) a labhraíonn Béarla sa chlós?
- An bhfuil polasaí teanga ag an scoil?
- Cad iad na spriocanna atá leis an bpolasaí? (Dearcadh dearfach / úsáid na Gaeilge / saibhreas cainte a spreagadh?)
- Conas a chuirtear i bhfeidhm é?
- An bhfuil ag éirí leis an scoil a cuid aidhmeanna teanga a bhaint amach?
- An bhfuil aon rud ag cur baic leis an scoil a cuid aidhmeanna teanga a bhaint amach?
- An bhfuil aon rud a chabhraíonn leis an scoil an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí? An bhfuil aon rud a chuireann bac uirthi?

3. Athbhreithniú ar chúrsa teanga sa bhaile

- Conas a chuirfeá síos ar chumas Gaeilge do chuid gasúr sula ndeachaigh siad ar scoil?
- Ar athraigh an scéal tar éis dóibh tréimhse a chaitheamh ar scoil?
- An raibh aon tionchar ag an scoil ar an nósmaireacht teanga sa bhaile? (Tionchair eile: an chlann ag dul i méid / gasúir ag éirí níos sine)

- An raibh sé níos éasca nó níos deacra an Ghaeilge a choinneáil mar theanga teaghlaigh?
 - Conas is féidir le tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt don scoil Ghaeltachta an Ghaeilge a chur chun cinn?
 - Conas is féidir leis an scoil Ghaeltachta tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí Gaeltachta?
- Do thuismitheoirí le gasúir sna ranganna sinsearach:
- Cén teanga is mó ar cuireadh tacaíocht ar fáil di sa chóras oideachais? (Gaeilge nó Béarla)
 - Cén teanga is mó a bhfuil forbairt tagtha uirthi? (léamh / scríobh / labhairt)
 - Tar éis do chuid iarrachtaí ar fad, agus an tacaíocht (easpa tacaíochta) ón gcóras oideachais, conas a chuirfeá síos ar chumas Gaeilge do chuid gasúr (cruinneas / saibhreas) i gcomparáid le do chuid Gaeilge féin?
 - Dá mbeifeá ag tosnú arís, le gasúir óga sa bhaile, an athrófa aon cheo:
 - An roghnófa an scoil chéana?
 - An cur chuige céanna sa bhaile?
 - An iarrfa ar an scoil níos mó tacaíochta a thabhairt duit?

4. Plé ar ráitis ó thuismitheoirí eile Gaeltachta

Tá cúpla ráiteas agam ón staidéar teangeolaíoch is deireanaí ar an nGaeltacht.

Deirtear:

- ‘Tá níos mó béime sa mbunscoil ar Bhéarla a scríobh agus ar an mBéarla a bheith go maith ag na gasúir [ná mar atá ar an nGaeilge]’
- ‘Ba cheart do na scoileanna súil ghéar a choinneáil ar an méid leanaí gan Ghaeilge a thógann siad isteach. Cothaíonn na huimhreacha múinteoirí, ach ní chothaíonn siad Gaeilge’.
- ‘Tá scoileanna faoi leith ag teastáil sa Ghaeltacht do leanaí atá á dtógáil le Gaeilge sa mbaile.’

(As staidéar Uí Ghiollagáin, Mhic Dhonnacha *et al.*, 2007: 436, a tógadh na ráitis seo).

Aguisín 3

An fhoirm a líon rannpháirtithe amach ag tús na seisiún.

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra cuí, le do thoil.

1 Ainm _____

2 Ceantar Cónaithe _____

3 Aois <25 25-35 36-45 46-55 >55

4a Cé as tú?

An Ghaeltacht / Áit éigin eile in Éirinn / Tír éigin eile

*4b Cé as do do pháirtí?

An Ghaeltacht / Áit éigin eile in Éirinn / Tír éigin eile

5a Do Cumas Ghaeilge:

Cainteoir Dúchais / Líofa / Gaeilge mhaith / Gaeilge mheasartha

*5b Cumas Ghaeilge do pháirtí:

Cainteoir Dúchais / Líofa / Gaeilge mhaith / Gaeilge mheasartha / Lag / Gan
Ghaeilge

*6 Cén áit ar chuir tú aithne ar do pháirtí?

Sa Ghaeltacht / In Éirinn / Thar lear

*7 Cén teanga chaidrimh a bhí agaibh nuair a casadh ar a chéile sibh?

Gaeilge / Béarla / Eile

8 Cé mhéid gasúr atá agat?

Buachaillí ____ Cén aois/rang(anna) scoile?

Cailíní ____ Cén aois/rang(anna) scoile? _____

9 Ar fhreastail do ghasú(i)r ar Naíonra?

LánGhaelach / Béarla / Teanga Eile / Naíonra ar bith

*Ní gá na ceistanna seo a fhreagairt mura mbaineann siad leat

Leabharliosta

Foinsí Clóite

Abley, M. 2003 *Spoken Here: Travels among Threatened Languages*. London: William Heinemann.

An tAcht Oideachais 1988, Rialtas na hÉireann.

Baker, C. 2000 *The Care and Education of Young Bilinguals: An Introduction for Professionals*. Clevedon: Multilingual Matters.

Baker, C. 2006 *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism (4th Edition)*. Clevedon: Multilingual Matters.

Benson, C. 2000 *The Primary Bilingual Education Experiment in Mozambique, 1993 to 1997*. International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, Iml. 3, Uimh. 3. Clevedon: Multilingual Matters.

Benson, C. 2004 *The Importance of Mother Tongue-based Schooling for Educational Quality*. Paper commissioned for the EFA Global Monitoring Report 2005, The Quality Imperative.

Caldas, S. J. 2006 *Raising Bilingual-Biliterate Children in Monolingual Cultures*. Clevedon: Multilingual Matters.

CILAR, 1975 *Tuarascáil*. Baile Átha Cliath: Government Publications.

Cooper, R.L. 1989 *Language Planning and Social Change*. Cambridge: Cambridge University Press.

Comhar na Múinteoirí Gaeilge 1981 *Tuarascáil ar an mBunoideachas Trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. In: Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., Ní Mhainín, T., 2004 *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Commins, P. 1988 *Socioeconomic Development and Language Maintenance in the Gaeltacht*. In: Ó Riagáin, P. (Eag.) *Language Planning in Ireland*. International Journal of the Sociology of Language 70, 11-28.

Creswell, J. W. 2003 *Research Design: Qualitative, Quantitative and Mixed Methods Approaches (Second Edition)*. London: Sage Publications.

Creswell, J. W. 2007 *Qualitative Inquiry and Research Design (Second Edition)*. London: Sage Publications.

Crystal, D. 2000 *Language Death*. Cambridge: Cambridge University Press.

Cummins, J. 2000 *Language, Power and Pedagogy: Bilingual Children in the Crossfire*. Clevedon: Multilingual Matters.

- Davis, A. 2003 *The Native Speaker: Myth and Reality*. Clevedon: Multilingual Matters.
- de Houwer, A. 1999 *Environmental Factors in Early Bilingual Development: the Role of Parental Beliefs and Attitudes*. In: Extra, G. agus Verhoeven, L. (Eag.) *Bilingualism and Migration*. Berlin agus Nua Eabhrac: Mouton de Gruyter.
- de Houwer, A. 2007 *Parental Language Input Patterns and Children's Bilingual Use*. In: *Applied Psycholinguistics* Uimh. 28 lgh 411-424. Cambridge: Cambridge Univeristy Press.
- Dutcher, N. agus Tucker, G.R. 1996 *The Use of First and Second Languages in Education. Pacific Islands Discussion Paper, 1, East Asia and Pacific Region*. Washington, DC; The World Bank.
- Fishman, J. 1991 *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, J. 2001 *Can Threatened Languages be Saved?: Reversing Language Shift, Revisited: a 21st Century Perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.
- García, O. agus Baker, C. 2007 *Bilingual Education: An Introductory Reader*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Harris, J. et al. 2006 *Irish in Primary Schools: Long-term National Trends in Achievement*. Baile Átha Cliath: The Stationery Office.
- Harris, J., Ó Néill, P., Uí Dhúfaigh, M., & Ó Súilleabháin, E., *Tuarascáil Taighde 19 Cúrsa Nua Gaeilge na Bunscoile: Moltaí agus Ábhar Samplach. Imleabhar 1: Naíonáin Shóisearachá – Rang 2*. Dublin: ITÉ.
- Harrison, G., Bellin, W., Piette, B. 1981 *Bilingual Mothers in Wales and the Language of their Children*. Cardiff: University of Wales Press.
- Hickey, T. 1997 *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Hickey, T., 1999 *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta agus Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Hickey, T. 1999 *Parents and Early Immersion: Reciprocity Between Home and Immersion Pre-school*. In: *The International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* Iml. 2 Uimh. 2 1999 Clevedon: Multilingual Matters.
- Hickey, T. 2001 *Mixing Beginners and Native Speakers in Minority Language Immersion: Who is Immersing Whom?* In: *Canadian Modern Language Review*, Volume 57 No 3.
- Kreuger, R. A. agus Casey, M. A. 2000 *Focus Groups: A Practical Guide for Applied Research (Third Edition)*. London: Sage Publications.

- Mac Aodha, B. 1971 *The Galway Gaeltacht Survey 1968-69*. Social Sciences Research Centre, University College Galway; Galway.
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus Ní Mhainín, T. 2004 *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Mac Donnacha, S. 2005 *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004; Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- McLeod, W. (Eag.) 2006 *Revitalising Gaelic in Scotland: Policy, Planning and Public Discourse*. Edinburgh: Dunedin Academic Press.
- May, S. 2001 *Language and Minority Rights: Ethnicity, Nationalism, and the Politics of a Language*. Harlow, England: Pearson Education Limited.
- Merton, R.K. agus Kendall, P. L. 1946 *The Focussed Interview*. *American Journal of Sociology*, 51: 541–557.
- Morgan, D. L. agus Kreuger, R. A. 1993 *When to use Focus Groups and Why*. In: Morgan, D.L. (Eag.), *Successful Focus Groups: Advancing the State of the Art* (lgh 3 – 19). Newbury Park, CA: Sage Publications.
- Morgan, D. L. 1997 *Focus Groups as Qualitative Research (Second Edition)*. Qualitative Research Methods Series, Volume 16. London: Sage Publications.
- Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. (Eag.) 2008 *A New View of the Irish Language*. Dublin: Cois Life.
- Ó Cinnéide, M., Mac Donnacha, S., Ní Chonghaile, S. 2001 *Polasaí agus Cleachtais Eagraíochtaí Éagsúla le Feidhm sa Ghaeltacht*. Gaillimh: An tIonad Taighde sna hEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Giollagáin, C. 2002 *Scagadh ar Rannú Cainteoirí Comhaimseartha Gaeltachta: Gnéithe d'Antraipeolaíocht Teangeolaíocht Phobal Ráth Cairn*. In: *The Irish Journal of Anthropology*. Iml. 6, 25-61.
- Ó Giollagáin, C. 2004 *Ár Scéal inár dTeanga Féin: Dinimicí Teanga Gaeltachta Ár Linne*. In: *Aistí ag Iompar Scéil: In Ómós do Shéamas P. Ó Mórdha*. An Clóchomhar, 153-70.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., O'Brien, M. 2007 *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Giollagáin, C. agus Mac Donnacha, S. 2008 *The Gaeltacht Today*. In: Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. (Eag.) 2008 *A New View of the Irish Language*. Dublin: Cois Life.

- Ó Gliaáin, M. 1990 *Language Shift among School Children in Gaeltacht Areas 1974 – 1984: An analysis of the distribution of the £10 Grant Qualifiers*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó hIfeárnáin, T. 2007 *Raising Children to be Bilingual in the Gaeltacht: Language Preference and Practice*. In: *The International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* Iml. 10, Uimh. 4, 2007.
- Ó Laoire, M. 2007 *An Approach to Developing Language Awareness in the Irish Language Classroom: A Case Study*. In: *The International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* Iml. 10, Uimh. 4, 2007.
- Ó Riagáin, P. 1992 *Language Maintenance and Language Shift as Strategies of Social Reproduction: Irish in the Corca Dhuibhne Gaeltacht 1926 – 86*. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, P. 1997 *Language Policy and Social Reproduction – Ireland 1893 – 1993*. Oxford: Clarendon Press.
- Ó Tuathaigh, G. 2008 *The State and the Irish Language: an Historical Perspective*. In: Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. (Eag.) 2008 *A New View of the Irish Language*. Dublin: Cois Life.
- Otheguy, R. agus Otto, R. 1980 *The Myth of Static Maintenance in Bilingual Education*. In: *The Modern Language Journal*. Iml. 64, Uimh. 3 lgh 350–356.
- Silverman, D. 1993 *Interpreting Qualitative Data – Methods for Analysing Talk, Text and Interaction*. London: Sage Publications.
- Silverman, D. 2005 *Doing Qualitative Research – A Practical Handbook (Second Edition)*. London: Sage Publications.
- Skutnabb-Kangas, T. 1984 *Bilingualism or Not: The Education of Minorities*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Skutnabb-Kangas, T. 1995 *Multilingualism and the Education of Minority Children*. In: García, O. agus Baker, C. (Eag.) *Policy and Practice in Bilingual Education: A Reader Extending the Foundations*: 40–62, Clevedon: Multilingual Matters.
- Skutnabb-Kangas, T. 2000 *Linguistic Genocide in Education, Or Worldwide Diversity and Human Rights?* Mahwah, NJ & London, UK: Lawrence Erlbaum Associates.
- Stewart, D.W., Shamdasani, P.N., Rook, D.W. 2006 *Focus Groups: Theory and Practice*. London: Sage Publications.
- Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Chaeltacht, 1986*. In: Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., Ní Mhainín, T., 2004 *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Valdés, G. 1997 *Dual-Language Immersion Programs: A Cautionary Note Concerning the Education of Language Minority Students*. Harvard Educational Group. Harvard: Harvard Education Publishing Group.

Foinsí Leictreonacha

de Brún, J. *Leabhair Ghaeilge do Pháistí*.
<http://www.cogg.ie/pdf/deBrunMainfinal.pdf> léite 22/11/2007.

Cummins, J. 1998 *Beyond Adversarial Discourse: Searching for Common Ground in the Education of Bilingual Students*. Presentation to the California State Department of Education.
<http://scholar.google.com/scholar?q=Cummins+%2B+Beyond+Adversarial+Discourse&hl=en&lr=&btnG=Search> léite 8/1/2008.

Cummins, J. 2001 *Bilingual Children's Mother Tongue*. Sprogforum, Uimh. 19, 2001. <http://inet.dpb.dpu.dk/infodok/sprogforum/Espr19/CumminsENG.pdf> léite 7/1/2008.

Gaelscoileanna 2006 *Dréacht-Phlean Straitéiseach Gaelscoileanna Teo. 2007-2009*. http://www.gaelscoileanna.ie/index.php?page=about_us, léite 2/4/2007.

Hickey, T. 2001 *Language Contact in the Minority Language Immersion Preschool*. <http://webs.uvigo.es/ssl/actas2002/06/04.%20Tina%20Hickey.pdf> léite 10/10/2006.

Kreuger, R. *Focus Group Analysis*
http://www.tc.umn.edu/~rkrueger/focus_analysis.html léite 31/12/2007.

NCCA, 2007 *The Framework for Early Learning. Children's Early Learning and Development – Executive Summary*.
<http://www.ncca.ie/uploadedfiles/ecpe/lrng%20and%20dev%20summ%20March%2008.pdf> léite 2/8/2008.

National Council for Curriculum and Assessment *Primary School Curriculum*.
<http://www.ncca.ie/index.asp?locID=487&docID=-1> léite 12/4/2008.

Ó Cuív, E. 2004 *Óráid ar sheoladh Feachtais Feasachta Teanga*.
<http://www.pobail.ie/ie/OraidinanAiri/2004/MeanFomhair/htmltext,4514,ie.html> léite 10/7/2008.

PríomhOifig Staidrimh, *Daonáireamh 2006: Principal Demographic Results*.
http://www.cso.ie/census/Census2006_Principal_Demographic_Results.htm léite 29/8/2008.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta *Scéim Labhairt na Gaeilge*
www.pobail.ie/ie/AnGhaeltacht/SceimeannaagusobairnaRoinnesaGhaeltacht/SceimLabhairtnaGaeilge léite 12/4/2008

Sénéchal, M. *Literacy, language and emotional development*. In: Tremblay RE, Barr RG, Peters RdeV, (Eag.) *Encyclopedia on Early Childhood Development*. Montréal, Québec: Centre of Excellence for Early Childhood Development; 2005:1-6.

<http://www.child-encyclopedia.com/documents/SenechalANGxp.pdf> léite 27/7/2008.

Thomas, W. P. agus Collier, V. P. 2001 *A National Study of School Effectiveness for Language Minority Students' Long-Term Academic Achievement*. USA: CREDE.

http://www.crede.ucsc.edu/research/llaa/1.1_final.html léite 12/6/2008.

Tomblin, M. *Literacy as an Outcome of Language Development and its Impact on Children's Psychosocial and Emotional Development*. In: Tremblay RE, Barr RG, Peters RdeV, (Eag.) *Encyclopedia on Early Childhood Development*. Montréal, Québec: Centre of Excellence for Early Childhood Development; 2005:1-6.

<http://www.child-encyclopedia.com/documents/TomblinANGxp.pdf> léite 27/7/2008.